

Gaelscéal AR SCOIL

Podchraoltaí do Scrúdú
Cluastuisceanna Gaeilge
- Teastas Sóisearach agus
Ardteistiméireacht 2012
L. 19



Labhraíonn Katie
McGreal leis an
'Dragún', Bobby Kerr
L. 25

Beagán
Foghlamtha
ón tSraith!
L. 32

Féile Idirnáisiúnta
Litríochta, Cúirt,
ag tosú go luath
L. 27



'Frack-áil': Forbairt nó uisce
faoi thalamh? L. 6 & 7



€1.65 (£1.50)
Uimh. 16



Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

● 18.04.2012

Eaglais 'claonta' in éadan daoine aeracha - Cumann na Sagart

"Beidh sagairt Chaitliceacha ban ann amach anseo", L. 24

Tuairisc Eisiach - Le Colm Ó Broin

TÁ an Eaglais Chaitliceach claonta in éadan daoine aeracha de réir Chumann na Sagart Caitliceach.

Dar leis an eagraíocht, níl bunús reiligiúnda le seasamh na hEaglaise i leith hómáighnéasachais.

Ag caint dó le Gaelscéal, dúirt urlabhraí na heagraíochta: "Tá seasamh na hEaglaise ar hómáighnéasachas

bunaithe ar líne nó dhó ón Sean-Tiomna atá togha as comhthéacs. Deireadh saineolaí diagachta ar bith leat gur beag substaint atá leis."

Dúirt an t-urlabhraí nár thuig an eagraíocht cén fáth go bhfuil an méid sin béime leagtha ag an Eaglais ar shleachta sa Sean-Tiomna a bhaineann le hómáighnéasachas fad is a dhéantar neamhaird de shleachta eile, mar shampla, cinn a deir gur ceart daoine a

oibríonn ar an tSabóid a chur chun báis. "Feictear dúinn go bhfuil sé bunaithe go príomha ar chlaonadh seachas rud ar bith eile," arsa an t-urlabhraí.

Dúirt sé go ndéanann sagairt neamhaird de rialacha na hEaglaise i dtaca le daoine aeracha ó lá go lá, áfach.

Choimisiúnaigh Cumann na Sagart Caitliceach suirbhé a d'eisigh 'Amárach Research' an tseachtain seo caite. De réir na dtorthaí ní aontaíonn 61% de

Chaitlicigh in Éirinn le teagaisc na hEaglaise faoi hómáighnéasachas.

Tá an teannas idir an eaglais agus an Cumann ag treisiú le tamall anuas. Tá tost curtha ag an Vatacáin ar bheirt bhall den chumann, Tony Flannery agus Sean Fagan, de bharr na moltaí atá déanta acu ó thaobh leasuithe ar an Eaglais Chaitliceach. Níl cead acu beirt labhairt ná scríobh go poiblí faoi na tuairimí atá acu faoin eaglais.

TRÁCHT

Ón
Íoslainn
go dtí an
tSín



Eoin Ó Murchú

Ní mó ná sásta, is cosúil, a bhí Banc Ceannais na hEorpa agus na hinsti-tiúidí eile den Aontas Eorpach i dtaobh na cainte sin ón IMF (Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta) maidir le fiacha pearsanta (agus morgáistí ach go háirithe) a laghdú.

Chaithfí smaoineamh go cúramach faoin moladh sin, a dúradh; ag tabhairt le fios nach dtaitníonn sé leis na hEorpaigh.

Dar leis an IMF, thabharfadh an moladh seo spreagadh don eacnamaíocht toisc go laghdódh sé an easpa muiníne atá ag daoine trí ualach a gcuid caiteachais a mhaolú.

Ach, cé nár luaigh siad go hoscailte é, bhí na hEorpaigh buartha faoin tionchar a bheadh ag an moladh ar na bainc. Dá gcuirfí fiacha pearsanta ar ceal thitfeadh an t-ualach ar na bainc agus, ag deireadh thiar, ar na Gearmánaigh.

Ar lean ar leathanach 8

Uasmhéid €200,000 curtha ar chlár Leader

Máirtín Ó Catháin

TÁ teorainn de €200,000 curtha ar dheontais a íocfar as ciste Leader sa tír seo agus ní cosúil go bhfuil bealach ar bith gur féidir a dhul thairis sin anois.

Níl a fhios go barainneach cén t-údar atá leis seo, ach tuigtear gur sa rannóg a bhaineann le cúrsaí Eorpacha sa Roinn Comhshaoil a rinneadh an socrú.

Fágann an t-athrú go bhfuil deireadh leis an gcóras faoina bhféadfaí aitheantas ar leith a thabhairt do thionscnaimh áirithe - no 'flagship projects' mar a thugtaí orthu.

D'fhéadfaí deontas chomh hard le €500,000 a cheadú do thionscnaimh faoi scéim Leader sna chéad bhlianta den chlár atá i bhfeidhm faoi láthair.

Ar lean ar leathanach 2

Scór Chumann Lúthchleas Gael, 2012



Hannah McCauley, Máiread Hughes agus Edel Quinn, triúr bhall de Chumann CLG Bhaile Achaidh i gCo. Dhoire a bheas ag glacadh páirte i gcomórtas Scór Sinsir Dé Sathairn seo chugainn san INEC i gCill Áirne.

NUAIGHT NÁISIÚNTA

Uasmhéid €200,000 curtha ar chlár Leader

Ar lean ó leathanach a haon

Tosaíodh an clár sin in 2009 agus tá sé ceaptha críochnú i ndeireadh 2013. Bhí coinníoll ann go bhféadfaí a dhul chomh hard le leathmhíliún dá socrófaí go raibh tábhacht agus fiúntas ar leith le scéim nó le tionscnaimh áirithe.

Iarraidh mhór é an teorainn nua seo do dhreamanna a bhí i mbun oibre ar scála réasúnta mór.

Ní fhágann an socrú nua

mórán de dheis ach an oiread le dhá leith, nó cúpla céim, a dhéanamh de thionscnaimh. Ní bheidh sé de chead ag iarrthóir ar dheontas as ciste Leader a dhul ar ais ag iarraidh tuilleadh airgid go ceann trí bliana i ndiaidh an chéad shocrúithe.

Tá na teorainneacha nua seo ar dheontais á gcur i bhfeidhm fiú agus nach bhfuil ach tuairim leath an airgid a bhí ceaptha don chlár Leader 3 bliana ó shin caite fós. Bhí €425m. sa gciste náisiúnta a fógraíodh in 2009.

Faightear 55% den airgead sin ón Eoraip agus tagann an chuid eile as foinsí Stáit anseo in Éirinn. Cuireadh an clár i bhfeidhm ar mhaithe le forbairt i gceantracha tuaithe.

D'fhéadfaí céatadán chomh hard le 75% den chostas a bhainfeadh le scéim nó le tionscnaimh a fháil as ciste chlár Leader. Ach, ba dheacair do choistí/grúpaí in áiteacha ar fud na tíre an t-airgead "áitiúil" a chur i dtoll a chéile agus scéimeanna a riaradh. Sin é an t-údar is mo nach rabhtas in ann an oiread den airgead agus a ceapadh a chaitheamh.

Tá bliain go leith fanta sa gclár Leader i bPoblacht na hÉireann anois. Níl a fhios an mbeidh aon athrú eile ar na rialacha caiteachais; tá an laghdú ar an uasdheontas go

dtí €200,000 tar éis a theacht aniar aduaidh ar dhreamanna a bhí ag réiteach le haghaidh scéimeanna réasúnta mór. San am céanna, tá an Stát anseo ag iarraidh go n-ardódh an Eoraip an méid airgid a chuirfeadh siadsan sa gciste.

Táthar ag bunú an éilimh sin ar chás na Gréige agus na Portaingéile.

Tá na teorainneacha nua seo ar dheontais á gcur i bhfeidhm fiú agus nach bhfuil ach tuairim leath an airgid a bhí ceaptha don chlár Leader 3 bliana ó shin caite fós. Bhí €425m. sa gciste náisiúnta a fógraíodh in 2009.

Faigheann an Ghréig agus an Phortaingéil 85% d'airgead Leader ina dtíortha féin ón mBrúiséal - sin i gcomórtas le 55% in Éirinn.

Tugadh an cúnamh breise seo as an mBrúiséal don dá thír sin de bharr iad a bheith i gcruachas airgeadais agus eacnamaíochta. Tá an Rialtas anseo ag iarraidh anois go bhfaigheadh Éirinn an bhuntáiste chéanna.

'Uisce Éireann' le bunú



An tAire Comhshaoil, Phil Hogan, agus an tAire Stáit do Thogra an Ré Nua, Fergus O'Dowd, ag seoladh Uisce Éireann inné. Beidh an comhlacht stáit mar fhothchomhlacht de cuid Bhord Gáis.

GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.

Katie McGreal

D'FHÓGAIR an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, inné nach mbeadh ar éinne costas ollmhór a íoc ag aon am amháin ar na méadair uisce. Deir sé nach mbeadh aon rud

le n-íoc go dtí deireadh 2014.

Tá plean ag an rialtas eagraíocht poiblí nua a bhunú, Uisce Éireann (Irish Water), agus beidh siad i gceannas ar mhuirir uisce a ghearradh. Tuigtear go mbeadh ar úinéirí tí táille bliantúil a íoc nuair a chuirfear na táille i bhfeidhm

chun costais na méadair uisce a chlúdach.

Tá an rialtas le €450 milliún a fháil ar iasacht ó Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean chun an costais don chéad dá bhliain a chlúdach.

Beidh Bord Gáis i gceannas ar an eagraíocht nua.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar

Eagarthóir

ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Caroline Ní Chualáin

Comhordaitheoir Oideachais

caroline.nichualain@gaelisceal.ie

Colm Ó Broin

Iriseoir

colm.obroin@gaelisceal.ie

Katie McGreal

Iriseoir

katie.mcgreal@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain

Soláthróir Ábhair Spóirt

grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile

Comhordaitheoir Táirgíochta

patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

Oifig an Spidéil:

00353-91-897766

Le cabhair ó:

Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litríú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Stiúrthóir nua á lorg ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Katie McGreal

TÁ Stiúrthóir nua á lorg ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

D'éirigh Pádraig Mac Criostail as a phost mar stiúrthóir ar an eagraíocht Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge cúpla mí ó shin nuair a tháinig deireadh lena thréimhse sos gairme sa Státseirbhís.

Ó shin, tá Kevin de Barra ag déanamh obair an stiúrthóra.

"Is é seo an post is sinsearaí san eagraíocht," a deir de Barra.

Beidh an duine a cheapfar i gceannas ar 24 eagraíocht atá faoi chúram na Comhdhála.

Fuair an Chomhdháil cead ó Fhoras na Gaeilge le déanaí an post a fhógairt agus glacfair le hiarratais don phost go dtí 5in ar an Aoine 18 Bealtaine. Is féidir foirm iarratais, sainchuntas agus critéir an phoist a fháil trí theagmháil a dhéanamh leis

an eagraíocht ag uachtaran@comhdhail.ie nó 01 6794780.

Bunaíodh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge in 1934 mar scátheagraíocht ar na heagrais dheonacha Gaeilge agus thar ceann phobal na Gaeilge ar mhaithe leis an gcuspóir náisiúnta an Ghaeilge a athbheochan. Ní eagraíocht Stáit í an Chomhdháil agus ní eagraíochtaí Stáit iad na heagraíochtaí atá faoina gcúram.

Béilge

Gaeilge thruaillithe na Gaeltachta
Thiúnáil an giotár don rock star

Géarla

Gaeilge thruaillithe na Cathrach
"D'ainligh mé suas an guitar don réalt carraig ceol"

Go leor Gaeilgeoirí ag agóidíocht ag Ard-Fheis Pháirtí an Lucht Oibre

Tuairisc le
Katie McGreal i
nGaillimh

BHUAIL thart ar 200 duine ó scoileanna éagsúla timpeall na tíre le chéile ag an Ardeaglais i gCathair na Gaillimhe ar an Satharn seo caite le siúl go dtí Ard-Fheis Pháirtí an Lucht Oibre mar chuid d'agóid a bhí á reáchtáil ag Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo (ESG).

Bhí scoileanna Gaeltachta agus Galltachta i láthair ó Mhaigh Eo, Ciarraí, Corcaigh, Gaillimh agus neart áiteanna eile. Bhí lucht na heagraíochta scoileanna DEIS (Delivering Equal Opportunity in Schools) faoin tuaithe, Rural DEIS, i láthair freisin.

Bhí daoine eile ann, cuid mhór acu ón Ghaeltacht, lena míshástacht leis an gcosc ar bhaint móna ó phortaigh a léiriú agus bhíodar ann ag agóidíocht i gcoinne na ndabhcanna séarachais freisin.

Bhí na scoileanna agus na heagraíochtaí ar son na scoileanna an-láidir ó thaobh an líon póstaerí a bhí ar an láthair acu.

Bhí ceann ag chuile scoil chomh maith le cinn beaga le teachtaireachtaí a thabhairt don rialtas.

“Ná dún ár scoil!”, “Sábháil ár Múinteoirí!”, “Is daoine muid...ní uimhreacha!” a dúirt roinnt acu.

Bhí idir dhaoine fásta,



Cuid den tslua a bhí i láthair ag an agóid ag Ard-Fheis Pháirtí an Lucht Oibre in Ollscoil na hÉireann Gaillimh ar an Satharn seo caite.

pháistí scoile, mhúinteoirí agus ghnáthdhaoine ann a bhí ag iarraidh a mhíshástacht leis an bpáirtí a léiriú freisin. Bhí Cumann na Múinteoirí Éireannach i láthair freisin.

“Ruairí Quinn, éist linn!” a bhéicigh siad go hard agus iad ag siúl ón Ardeaglais go dtí campas na hOllscoile, áit ina raibh an Ard-Fheis ar siúl. Bhí siad ar an chéad ghrúpa ag an ollscoil agus d’úsáid siad an t-am sin chun píosaí cainte a

dhéanamh agus neart tuairimí a chur i láthair.

Chuir Mícheál Mac Donnacha, ó Chumann Múinteoirí Éireann, in iúl don slua gurb í an phríomhcheist a bhí acu do Pháirtí an Lucht Oibre ná, “Más féidir leo troid ar son gasúr i mBaile Átha Cliath, cén fáth nach féidir leo troid ar son gasúr sa Ghaeltacht freisin?”

Ghabh Treasa Ní Mhainnín ó ESG buíochas leis na daoine ar fad a bhí i láthair.

“Nílimid sásta agus ní ghla-caimid leis (na ciorruithe),” a deir sí, “Leanaimid ar aghaidh leis an bhfeachtas!”

“Tuigim gur dúshlán a bhí ann do na scoileanna a bhí i láthair toisc go raibh siad dúnta do shaoire na Cásca,” a dúirt sí inné ó oifigí ESG, “ach bhí sé go hiontach na daoine a bhí i láthair a fheiceáil.”

Bhí díomá ar an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh ó Shinn Féin go raibh an oiread sin Gar-

daí agus slándáil timpeall na hOllscoile.

“Tá sé náireach an méid seo Gardaí a fheiceáil,” a dúirt sé. “Roimhe seo, thacaigh Páirtí

an Lucht Oibre le hagóidí mar seo ach anois níl siad ag iarraidh é a chloisteáil.”

Labhair Miriam Cahill ón eagraíocht Rural DEIS faoin bhfáth go raibh siad ann. Léigh sí amach ainmneacha na 16 scoil DEIS atá i dtrioblóid de bharr na gciorruithe ar fad.

Bhí deis ag na páistí scoile a gcuid béiciola féin a dhéanamh freisin sular tháinig an slua ollmhór de os cionn 2000 duine ón bhFaiche Mhór.

Lena chois sin, bhí daoine ón ngrúpa Occupy Dame Street, an grúpa United Left Alliance, Shell to Sea, daoine i gcoinne an mhuirir theaghligh, daoine ón eagraíocht SPARKS (Single Parents Acting for the Rights of our Kids) do thuismitheoirí aonar chomh maith le neart grúpaí eile.

Bhí neart Gaeilgeoirí ann i measc gach dream acu.

Bhí Bríd Ní Chualáin ón eagraíocht SPARKS sásta go leor leis an agóid. Síleann sí go raibh lucht Pháirtí an Lucht Oibre míchompordach.

“Sílim go dtuigeann anchuid den Pháirtí cás na ndaoine,” a dúirt sí, “ach níl a fhios agam an bhfuil ceannasaí na Páirtí ag éisteacht.”

Díomá leis na meáin

Katie McGreal

NÍL an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh ó Shinn Féin ná Treasa Ní Mhainnín ó Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo (ESG) sásta leis an gclúdófaí an foréigean amháin agus sin an spin a bhí siad a lorg ón tús.

Ní raibh ionadh ar bith ar Sheanadóir Ó Clochartaigh gur éirigh an slua garbh. Ní dóigh leis go dtuigeann an rialtas cé chomh feargach is atá na daoine.

“Bhí siad an-chiúin go dtí seo,” a deir sé faoi phobal na hÉireann. “Bhí an chuid is mó den slua síochánta,” a deir Treasa Ní Mhainnín, “is mór an trua gur dhírigh na meáin ar an ngrúpa beag sin nach raibh.”

Síleann Ó Clochartaigh

gur comhcheilg a bhí ann ón tús.

“B’fhéidir go raibh sé socráithe (leis na meáin agus le lucht Pháirtí an Lucht Oibre) roimh ré,” a deir sé, “go gclúdófaí an foréigean amháin agus sin an spin a bhí siad a lorg ón tús.”

Ní raibh ionadh ar bith ar Sheanadóir Ó Clochartaigh gur éirigh an slua garbh.

Ní dóigh leis go dtuigeann an rialtas cé chomh feargach is atá na daoine.

“Bhí siad an-chiúin go dtí seo,” a deir sé faoi phobal na hÉireann.

“Bhí an chuid is mó den slua síochánta,” a deir Treasa Ní Mhainnín, “is mór an trua gur dhírigh na meáin ar an ngrúpa beag sin nach raibh.”



An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh ó Shinn Féin in éineacht le Mícheál Mac Donnacha ó Chumann Múinteoirí Éireann ar an ardán ag Ard-Fheis Pháirtí an Lucht Oibre ar an Satharn seo caite.

Deontas

 **Colmcille**
ÉIRINN IS ALBA

Tá scéim deontas Cholmcille oscailte d’iarrthóirí ar mian leo na haidhmeanna thíosluaite a chur chun cinn:

• Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a neartú

• Naisc idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a chur chun cinn

Dáta deiridh: 18/5/2012

 Foras na Gaeilge

BÓRD NA
GÁIDHLIG

TUILLADH EOLAIS, SONRAÍ TEAGMHÁLA & COMHAIRLE
www.colmcille.net

Ceiltigh míshásta le pasanna na Breataine

Colm Ó Broin

TÁ gearáin déanta ag daoine sa Tuaisceart, in Albain agus sa Bhreatain Bheag faoi imeallú a dteangacha dúchais ar phasanna na Ríochta Aontaithe.


Rinne daoine in Albain agus sa Bhreatain Bheag gearán nach féidir sínté fada a chur ar ainmneacha ar phasanna agus tá scátheagras na Gaeilge ó thuaidh, Pobal, míshásta nach bhfuil Gaeilge na hÉireann ar na pasanna ar chor ar bith.

Tá roinnt Breatnaise agus Gaeilge na hAlban ar phasanna na Ríochta Aontaithe. Ba cheart go mbeadh Gaeilge na hÉireann orthu chomh maith, dar le Pobal.

De réir iarratais um shaoráil fáisnéis a rinne Gaelscéal leis an *Identity and Passports Service*, sheol Pobal gearán chuig an ngníomhaireacht in Iúil 2011.

Dar leo, cuireann an t-easnamh seo srian ar úsáid na Gaeilge agus déanann sé eis-ceacht den Ghaeilge i dtaobh na teangacha atá aitheanta ag an Ríocht Aonaithe faoin gCairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.

Dúirt an IPS nach raibh



plean ar bith acu Gaeilge na hÉireann a chur ar phasanna na Breataine agus gur chloigh na socrúithe reatha le 'caighdeáin Eorpacha'.

Scríobh daoine aonair ón mBreatain Bheag, mar aon le John Thurso, feisire parlaiminte an Pháirtí Liobráláí do Ghallaibh, Cataibh agus Ros an Ear in Gàidhealtachd na hAl-

ban, chuig an IPS le rá nach raibh siad sásta faoin neamhaird a rinneadh ar litriú na Gaeilge agus na Breatnaise ar phasanna.

Dúirt an IPS nach raibh a fhios acu go baileach cén fáth gur beartaíodh gan "comharthaí diaicritice" a úsáid ar phasanna nua a seoladh in 1999 ach gur mheas

siad gur de bharr simplíochta agus costas a tógadh an cinneadh.

Dúirt siad nach fadhb a bhí ann toisc go n-aithníonn údarais teorainn nach n-úsáidtear comharthaí diaicritice ar phasanna ó *"English speaking countries"*, seachas Éire agus Ceanada. Tá an Ríocht Aontaithe ag forbairt pasanna nua faoi láthair agus dúirt an IPS go bhféadfaí na comharthaí a cheadú orthu.

Léiríonn iarratas Ghaelscéal go ndearna duine ó Shasana gearán in 2010 go raibh Breatnaís ar a phas chomh maith.

Ní hé seo an chéad uair a bhí úsáid na Gaeilge ar phasanna na Breataine ina cnámh spairme. Rinne Willie Frazer ón ngrúpa íobartach FAIR, gearán fíochmhar in 2008 go raibh Gaeilge ar phasanna nua na Ríochta Aontaithe. "Masla" a bhí ann dóibh siúd a fuair bás ar son an chúltúir Bhriotanaigh ó thuaidh go raibh 'Rìoghachd Aonaichte na Breatainn Mhòr agus Eirinn a Tuath' scríofa orthu, dar leis.

Dúirt Frazier níos déanaí, áfach, go raibh náire an domhan air nuair a cuireadh in iúl dó gur Gaeilge na hAlban seachas Gaeilge na hÉireann a bhí ar na pasanna.

Dún na nGall is measa ó thaobh pleanála de

Danny Brown i dTír Chonaill

BA É Dún an nGall an contae ba mheasa sa tír anuraidh, ó thaobh cloí le rialacha pleanála, de réir tuarascála a d'eisigh An Taisce an tseachtain seo.

Dúirt an eagraíocht chaomhnaithe timpeallachta go ndearnadh "athaicmiú" (rezoning) ar thalamh a choinneodh tithe do 180,000 duine, cé nach bhfuil ach 160,000 de dhaoine sa chontae uilig.

Cé go raibh an nós céanna i gcontaetha eile sa tír, bhí Dún na nGall ag bun an liosta contaetha a bhí ag leanstan na dtreoirilinte pleanála.

Sa ráiteas a d'eisigh An Taisce, dúirt siad go raibh níos mó ná 5,500 acra talún athraithe ó thalamh feirmeoireachta go dtí talamh tithíochta sa bhliain 2010 agus go raibh thart fá leath de na hiarratais phleanála sa chontae do thalamh nach raibh leagtha síos le haghaidh tithíochta.

Tuigtear go bhfuil an rialtas ar tí fiosrúchán pleanála a fhógairt don chontae de bharr na bhfíricí a tháinig chun solais sa tuarascáil is déanaí

seo. Cuireadh scrúdú ar chleachtais Chomhairle Contae Dhún na nGall i réim an rialtais dheireanaigh nuair a bhí John Gormley ina Aire Comhshaoil.

Tá brú ar an rialtas reatha na Comhairlí a smachtú agus beidh siad ag iarraidh sin a dhéanamh trí chúrsaí pleanála.

Moladh i dtuarascáil Mahon, a eisíodh an mhí seo a chuaigh thart, go gcuirfí údarás áitiúil pleanála "saor ó ionchur polaitiúil" ar bun agus tuigtear go mbeidh athruithe móra ar an bhealach nuair a dhéanfar athbhreithniú ar thuarascáil Gormley ar chúrsaí pleanála sna Comhairlí.

Tugadh Céim F- do Dhún na nGall i dtuarascáil An Taisce, an chéim is ísle sa tír, agus fuair siad 32 pointe as 200.

Bhí Ciarraí (70 as 200), Lia-troim (60 as 200) agus Ros Comáin (44 as 200) ar chéim F chomh maith ach léiríonn na figiúirí go bhfuil neart oibre le déanamh ag Comhairle Contae Dhún na nGall chun iad féin a chur ar bhealach a leasa ó thaobh cúrsaí pleanála de.

Folúntas

Seachtain
na Gaeilge



Folúntas:

BAINISTEOR SHEACHTAIN NA GAEILGE

Beidh Bainisteoir Sheachtain na Gaeilge freagrach as plean na Seachtaine a réiteach, a chur os comhair Bhord Sheachtain na Gaeilge agus é a chur i bhfeidhm dá réir sin. Beidh an Bainisteoir i gceannas ar bhuiséad na Seachtaine, ar fhorbairt na Seachtaine, ar acmhainní daonna agus cúraimí eile eagraíochta.

RIACHTANAIS:

- Taithí bhainistíochta 3 bliana
- Taithí airgeadais
- Cáilíocht tríú leibhéal atá in oiriúint don phost, nó a chomhionann
- Scileanna ríomhaireachta (tá taithí le bogearraí cuntasíochta agus bunachar sonraí riachtanach)
- A bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go maith le daoine
- A bheith ar an eolas faoi shaoil na Gaeilge
- Ardchaighdeán Gaeilge scríofa agus labhartha

Scála tuarastal: Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin (€43,816-€55,415)

Tá níos mó eolais faoin bpost ar fáil ach ríomhphost a chur chuig:
post@cnag.ie

Seoltar iarratas mar aon le CV chuig:
post@cnag.ie nó

Folúntas,

Seachtain na Gaeilge,
6 Sráid Fhearchair BÁC 2

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná
Dé hAoine, 27 Aibreán 2012 ag 12.00 i.n.



Béim ar árachas sa CLCG i Meiriceá tar éis an eachtra in San Francisco

Máirtín Ó Catháin

TÁ treoir tugtha do bhreis agus 150 cumann atá faoi scáth an Chumainn Lúthchleas Gael i Stáit Aontaithe Mheiriceá polasaithe nua árachais a chur i bhfeidhm.

Dúirt Cathaoirleach an CLCG sna Státaí, Joe Lydon, go bhfuil béim mhór á chur ar an bpolasaí nua agus nach gceadófar do chumainn a bheith páirteach i gcomórtais mura mbíonn sé acu. Rinne oifigigh náisiúnta an Chumainn i Meiriceá socrú le comhlacht árachais go mbeadh clúdach na milliúin dollair ar fáil as táille bliantúil \$290 in aghaidh an chumainn.

"Bhí cumainn éagsúla ag rá go raibh córas árachais acu" a deir Joe Lydon "ach tá muide ag tabhairt treorach go dteastaíonn an polasaí nua seo atá eagraithe againne anois."

Tá an bhéim seo ar pholasaithe cuimsitheacha árachais sna Stá-



Mark McGovern : Fágadh i gcóma é tar éis gur ionsaíodh é le linn chluiche in San Francisco

taí anois i bhfianaise an eachtra a tharla i gcluiche peile Ghaelach in San Francisco anuraidh inár bhain drochghortú d'imreoir as Fear Manach. Bhí an t-ádh ar Mark McGovern, 22, a d'imir roinnt babhtáí d'Fhear Manach, agus a theacht slán de bharr iarraidh a fuair sé; bhain drochghortúú inchinne dó. Tá sé ráite go forleathan nach raibh an liathróid i ngar dó nuair a tharla an eachtra. Tharla seo i mí Meitheamh 2011. Chuir Coiste an Chumainn Lúthchleas Gael in

San Francisco téarma 96 seachtainí fionraíochta ar imreoir d'arbh ainm Patrick Power as cumann San Francisco Celts tar éis fiosrúcháin. Ghabh na póilíní Power agus ceistíodh é ach níl aon chúis curtha ina leith.

Tuigtear nach bhfuil aon nduine tagtha chun cinn a thabharfadh fianaise go bhfaca siad an eachtra ag tarlú.

Bhí Mark McGovern gan aithne gan urlabhra ar feadh breis agus 5 seachtainí tar éis an ghortaithe agus dúirt dochtúirí nach dtagann mórán daoine slán as gortú chomh dona sin.

Ceaptar go bhfuil costas tuairim is \$1m ag baint leis an gcóir leighis a cuireadh air in San Francisco. Bailíodh go leor airgid i measc phobal na hÉireann i gCalifornia agus i measc lucht an Chumainn Lúthchleas Gael i Meiriceá. Ach d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt airgid ag teacht as cistí rialtais Stáit sa gcás seo ó

tharla gur gabhadh duine mar gheall ar.

Tá comhairle curtha ag Cumann Imreoirí Gael - an Gaelic Players Association - ar imreoirí a théann go Meiriceá ag imirt sa samhraidh gur cheart dóibh a chinntiú go bhfuil árachas sláinte acu a mbeidh feidhm leis i Meiriceá.

Comhairlíonn siad dóibh freisin gur cheart a chur in iúil don chomhlacht árachais go mbeidh siad ag imirt cluichí Gaelacha sna Státaí; d'fhéadfadh sé nach gclúdódh an t-árachas aon ghortú a bhaineann le cluichí mura mbíonn sin socrúithe roimh ré. Tá Mark McGovern sa mbaile i bhFear Manach anois agus tuilleadh cóir leighis á chuir ar. B'éigean dó taisteal ar thraen as California go Nua-Eabhrac agus a dhul ar bord loinge ansin le theacht abhaile. Níor fheil sé go ngabhfaidh sé ar eitleán de bharr na ngortuithe a bhain dó.

CLUASSA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**



Seachnaítear an tuar eacnamaíochta

THUG an Tánaiste agus Ceannaire an Lucht Oibre aitheasc ar an méid atá baint amach ag an bpáirt ag a gComhdháil Náisiúnta ar an Satharn seo caite.

Bhí go leor rírá agus ruaille buaille lasmuigh den imeacht (a bhí ar siúl i nGaillimh don tríú bliain as a chéile) ach seachas vóta in aghaidh príobháidithe ní raibh cúis inni ann do shaoistí an pháirtí. Tá an freasúra agus an pobal ag spochadh as Gilmore le tamall de bharr an ráitis a rinne sé faoi “*Labour’s way or Frankfurt’s way*” roimh an olltoghchán, mar sin shílfeá go mbeidh drogall air tuartha a dhéanamh faoi chúrsaí eacnamaíochta, rud nach mbíonn eacnamaithe aontaithe faoi go minic. Ag caint dó Dé Sathairn, dúirt sé nach raibh ach dhá bhuisead deacra fágtha ag Éirinn sula n-éalaíonn muid ó ghreim an AE-IMF agus go bhfuil an chuid is mó den “obair chrua” déanta cheana féin.

Níl geallúint ar bith ann go sroichfidh muid spriocanna an AE-IMF nó nach mbeadh buisead breise ag teastáil chun an t-easnamh cáinise náise a laghdú go dtí 3% faoi 2014. Beidh Gilmore ag súil nach mbeidh aiféala air faoin tuar seo.



Eamon Gilmore

Gaeilge ar bith ag Comhdháil an Lucht Oibre

IS dream deas múinte iad lucht na Gaeilge, ní bhíonn mórán uainn de gnáth. Agus cé go bhfuiltear ann a dhéanann beag is fiú den ‘chúpla focal’ agus an ‘béal bán’ ó phoilaiteoirí faoin teanga, is fearr ann don tacaíocht phoiblí ná faic in aon chor.

Bhí go leor cainte le linn na comhdhála ach ní raibh plé nó trácht ar bith faoin nGaeilge, fiú le linn óráid an cheannaire, Eamon Gilmore.

Níor luaigh an tAire Oideachais, Ruairí Quinn, an teanga ach an oiread, ach ní chuirfidh sé sin iontas ar mórán bunaithe ar an méid atá ráite aige faoin am a chaitear ar an teanga sna bunscoileanna, am atá ag baint ó mhúineadh na litearthachta Béarla agus teangacha iasachta, dar leis.

B’fhéidir gur rud maith é nár dhúirt sé rud ar bith faoin nGaeilge.

Rún faoin Vatacáin diúltaithe

DHIÚLTÁIGH ionadaithe ag Comhdháil an Lucht Oibre rún a mhol don rialtas ambasáid na hÉireann sa Vatacáin a oscailt in athuair.

Ag moladh an rúin, dúirt Brainse Thuama an pháirtí gur ‘crosbhóthair idirnáisiúnta’ a bhí sa Vatacáin agus go raibh tábhacht ag baint leis do Chaitlicigh na tíre. Lean na Teachtaí Dála, Joe Costelloe agus Michael McNamara, le seasamh oifigiúil an pháirtí gur dúnadh é de bharr cúinsí airgeadais ach dúirt gnáthbhall den pháirtí, Gerry Kerr, nár cheart é a oscailt go dtí go mbíonn an Vatacáin sásta comhoibriú le fiosruithe an rialtais i leith mí-úsáid leanaí. Beifear ann atá den tuairim go raibh cúiseanna Kerr níos cóngaraí don fhúinne ná na Teachtaí Dála. Seans go bhfuil Gilmore ag iarraidh dhá thrá a fhreastal sa chás seo - séanadh oifigiúil go bhfuil cloch sa mhuin-chille acu don Eaglais Chaitliceach, rud a chuirfidh as do roinnt vótóirí, ach nod don eolach gur dúnadh an ambasáid de bharr míshástachta leis an Vatacáin, rud a mheallfaidh vótóirí eile.



Vótáil Páirtí an Lucht Oibre in éadan athoscailt Ambasáid na hÉireann sa Vatacáin.

Baol don Chonradh Fioscach ón Uisce

NÍ chabhróidh tuairiscí faoin gcostas a bhainfidh le méadair uisce leis an rialtas agus iad ag iarraidh an reifreann ar an gConradh Fioscach a bhuachan.

Dealraíonn sé go mbeidh táille seasta de €40 in aghaidh na bliana ar mhíliúin teaghlach idir 2014 agus 2034. Seo sula n-íoctar ceint rua ar an uisce féin.

Agus iarracht an rialtais an muirear teaghlach €100 a bhailiú ina chóir thuathal, is cinnte go ngríosfaidh an nuacht seo an freasúra. Láidreoidh sé an feachtas ‘Níl’ don reifreann, a bheas ar siúl an mhí seo chugainn, óir beidh siad ag rá gur íocaíocht mhíchothrom atá ann, nach mbaineann le hioncam an íocóra, agus go bhfuil sé á ghearradh chun tarrtháil a dhéanamh ar na bainc.

Le cúpla lá anuas bhí an Taoiseach ag rá go n-íocfadh teaghlach as na méadair fad is a bhí an Tánaiste ag rá nár phléigh an rialtas an cheist go fóill. Dúirt Niall Collins ó Fhianna Fáil gur “fiasco” a bhí ann, agus is deacair é sin a shéanadh. Drochscéal eile atá ann don Aire Chomhshaoil, Phil Hogan, fear nach bhfuil ag cothú mórán bá i measc an phobal na laethanta seo lena chur chuige borb. Is mar seo a chailleann rialtais reifrinn.



Folúntas



Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Folúntas Foirne

Fáilteofar roimh iarratais don phost lánaimseartha ar chonradh bliana seo a leanas:

1. STIÚRTHÓIR

Scála Tuarastail: €61,966 - € 76,768 sa bhliain (i gcomhréir le cáilíochtaí agus taithí)

Tá foirm iarratais, sainchuntas agus critéir uilig an phoist le fáil ar iarratas r-phoist chuig uachtaran@comhdhail.ie nó trí ghlaoch ar 01-6794780

Spriocdháta le haghaidh iarratais comhlánaithe:
5.00i.n. Dé hAoine, 18 Bealtaine 2012.

Ní ghlacfar le haon iarratais i ndiaidh an spriocdháta seo.

Bunófar painéal as a d’fhéadfaí folúntais ag an leibhéal céanna a líonadh sa tréimhse 6 mhí amach anseo.

Bunaithe i 1943, feidhmíonn an Chomhdháil mar scátheagraíocht ar na heagrais dheonacha Gaeilge agus thar ceann phobal na Gaeilge ar mhaithe leis an gcuspóir náisiúnta an Ghaeilge a athbheochan.

Tuilleadh eolais faoi obair na Comhdhála ar www.gaelport.com

Is fostóir comhdheiseanna í Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Maoinithe ag:



Foras na Gaeilge

'Frack-áil': Forbairt nó

Fostaíocht, forbairt agus gás saor geallta

De réir phríomhfheidhmeannach Tamboran Resources, Richard Moorman, beidh anchuid buntáistí ann d'Éirinn má ligtear dóibh scoilteadh hiodrálach gáis a dhéanamh i gcontaetha Liatroma agus Fhear Manach.

Dar leo tá 2.2 trilliún troigh cearnach de ghás sa dá chontae araon. Chun é seo a chur i gcomhthéacs achmhainní nádúrtha na tíre, bhí 1.79 trilliún troigh cearnach i nGáscheantar Chionn tSáile.

Tá go leor ann chun éileamh gáis reatha na Poblachta a shásamh ar feadh 12 bliain, agus éileamh an Tuaiscirt ar feadh 50 bliain. Deir Tamboran go dtitfidh praghsanna gáis 25%-30% má fhorbraítear na foinsí. Cothóidh sé €4.9 billiún don Stát ó dheas thar shaolré 50 bliain an togra, agus £7 billiún do rialtas an Tuaiscirt. Foinse fuinnimh níos luachmháire a bheas ann don dá chuid den tír, dar leo, óir tagann 92% den ghás a úsáidtear sa Phoblacht thar muir agus is amhlaidh atá sé leis an ngás ar fad a úsáidtear sna Sé Chontae.

Ó thaobh fostaíochta de, cruthóidh an togra 600 post sa dá chontae araon, dar le Tamboran, mar aon le 1,200-2,400 post indíreach. Dúirt sé go bhfaighidh daoine ón iasacht roinnt de na poist seo toisc go mbeidh taithí acu, ach go n-athródh sé sin thar shaolré na forbartha de réir mar a thraenálfear daoine áitiúla. Beidh gá an eangach gáis náisiúnta a leathnú chuig an gceantar atá i gceist chun an gás a thógáil ón áit, ach dá thoradh sin beidh comhlachtaí sa cheantar in ann gás a úsáid seachas ola nó gual le haghaidh teasa. Má thagann íslíú ar phraghas an gháis, beifear in ann tionscail a bheadh iomaíoch dá bharr, ar nós táirgeadh leasúcháin agus alúmanam, a thosnú in Éirinn. Deir daoine eile a thacaíonn leis an togra go n-ísleoidh sé an méid daoine a fhaigheann bás ón bhfuacht sa gheimhreadh toisc nach féidir leo a dtithe a théamh.

Sin na buntáistí a deir na forbróirí a bhaineann leis an togra seo, ach céard faoi na mhíbhuntáistí a chuirtear ina leith, truailliú agus dochar don earnáil thurasóireachta, mar shampla?

Chun an gás a thógáil ón talamh beidh Tamboran ag tógáil 150 'ceap' ar an dá thaobh den teorainn agus beidh suas le 24 tobar 1000 méadar ar domhan ar gach ceap, sin 7,200 tobar san iomlán. Beidh na struchtúir seo seacht n-acra ar mhéid ar feadh bliain amháin agus ceithre acra do na 49 bliain eile den togra. Beidh siad dhá

Tá moladh chun mianadóireacht ar dhéanamh ar ghás in Éirinn trí scoilteadh hiodrálach, nó 'fracking' mar a ghlaoitear air i mBéarla, ag cothú cuid mhór conspóide. Faoin bpróiseas seo scaoiltear gás atá sáinnithe i gcarraigeacha faoin talamh trí scoilteanna a dhéanamh iontu le huisce faoi ard-bhrú. Tá cosc curtha ag Comhairle Contae an Chláir ar an gcleachtas cheana féin ach tá ceadúnais taiscéalaíochta faighte ag comhlacht Astrálach darbh ainm Tamboran Resources chun iniúchadh a dhéanamh ar fhoinsí gáis i dtuaisceart Liatroma agus i ndeisceart Fhear Manach. Beidh ceadúnas pleanála á lorg acu chun mianadóireacht a dhéanamh i gceann bliana nó mar sin. Deir siad go bhfuil a gcóras scoilte sábháilte agus go bhfuil go leor buntáistí ag baint leis don tír, ach tá an-imní go deo ar dhaoine áitiúla sa cheantar agus ar ghníomhaithe comhshaoil faoin méid atá beartaithe. Labhair Gaelscéal leis an dá thaobh den chonspóid seo. **Iniúchadh le Colm Ó Broin.**



Deir Tamboran Resources go bhfuil scoilteadh gás sábháilte agus go gcruthóidh sé forbairt agus fostaíocht.

chiliméadair óna chéile. Mar chuid de na ceapa seo beidh an druil, a bheas 40 méadar ar airde, tancanna uisce agus comhbhrúiteoir gáis. Beidh an druileáil ar siúl 24 uair in aghaidh an lae, rud a chiallaíonn go mbeidh soilse ar an druil istioíche. Tá an-torann leis an gcomhbhrúiteoir de réir Moorman.

Ídeoidh gach ceap 70 milliún lítr uisce in aghaidh na bliana. Ceann de na rudaí is conspóidí faoi scoilteadh ná na ceimicí a chuirtear san uisce sin de gnáth agus an dochair a dhéanann siad má théann siad isteach sa chóras uisce.

Ábhar imní eile ná go rachaidh roinnt den ghás féin isteach i bhfoinsí uisce áitiúla, rud a d'fhéadfadh an t-uisce a thagann ó do sconna a chur trí thine mar a thaispeánadh sa chlár faisnéise Gaslands. Léirigh staidéar a rinne Ollscoil Duke go raibh gás ó scoilteadh imithe isteach i bhfoinsí uisce in Pennsylvania, cé nár tháinig siad ar fhianaise go raibh ceimicí ón bpróiseas le fáil iontu chomh maith.

Tháinig Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar chásanna eile inar truaillíodh foinsí uisce le ceimicí ó scoilteadh, áfach. Deir Richard Moorman nach mbeidh drochthionchar ag scoilteadh ar an gcomhshaoil ná ar thurasóireacht.

"Beidh muid ag déanamh gach iarracht chun tionchar amhairc na gceap a laghdú," ar seisean. "Cuirfear na comhbhrúiteoirí i bhfoirgnimh a laghdóidh an torann go mór agus a bheas oiriúnach don timpeallacht." Rogha amháin ná foirgneamh cosúil le cró tuí a thógáil timpeall an innealra. Cuirfear péint ghlas nó dhonn ar na tancanna uisce agus ar an druil é féin, más gá. Níl baol ann don earnáil thurasóireachta i dtuaisceart Liatroma toisc nach bhfuil mórán turasóireachta sa cheantar ar aon nós, dar le Moorman.

"Níl oiread is óstán amháin ann. Mar aon leis sin, tá fáil mór a scaoibh na mbóithre, mar sin ní féidir leat mórán a fheiceáil agus tú

ag tiomáint sa cheantar."

"Beidh go leor de na ceapa ag tús an fhorbartha lonnaithe i bhforaoisí, mar sin ní bheidh siad feiceálach."

Cé go bhfuil sé ráite ag saineolaithe in Ollscoil Cornell sna Stáit Aontaithe nach féidir scoilteadh a dhéanamh gan ceimicí, tá Tamboran ag geallúint nach n-úsáidfí siad féin, ná éinne a oibríonn leo, na hábhair chonspóideacha seo.

"Cosnóidh sé níos mó orainn ach níl muid chun ceimicí a úsáid," arsa Moorman. "Tá os cionn 500 tobar forbartha i Stáit Aontaithe Meiriceá gan cheimicí agus tá geallúint tugtha againn nach n-úsáidfí muid iad," A dúirt Moorman. Beidh sé seo sonraithe sa Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanfaidh siad don togra, mar sin bheidís ag sárú an cheadúnais phleanála a gheobhaidís dá n-úsáidfí siad ceimicí amach anseo.

"Tá sé ráite agam míle uair nach mbeidh ceimicí in úsáid againn agus bheadh sé amaideach dúinn

infheistiúchán ar luach na mbilliún dollar a chur i mbaol trí gheallúint mar sin a bhriseadh."

Ní bheidh ach gaineamh san uisce a úsáidtear, ach éireoidh sé salannach nuair a chuirtear faoin thalamh é. Deir Tamboran go dtiocfaidh thart ar 25% den uisce seo aníos arís ach go ndéanfar athchúrsáil air. Dar leo, ní fhágfaidh braon amháin de an ceap.

Ach céard faoin ngás é féin agus an baol go rachaidh sé isteach sa chóras uisce áitiúil?

Diúltaíonn Tamboran don staidéar a rinne Ollscoil Duke. "Roghnaíodh na tobair a bhí mar chuid den staidéar go cúramach," arsa Moorman. "Phioc siad áiteanna ina raibh comhlachtaí míchúramach ach níor tháinig siad ar ghás i leath de na toibreacha sin," arsa Moorman.

"Bíonn gás le fáil san uisce go nádúrtha chomh maith," ar seisean.

Má tharla sé gur truaillíodh foinsí uisce le gás ó scoilteadh, is de bharr droch-chleachtais na bhforbróirí é, dar le Moorman. Braitheann sé ar cé chomh slán is atá an cásáil stroighne a chuirtear ar thaobhanna an tobair gháis, dar leis.

"Mura dtógтар é mar is ceart silfidh an gás as ach beidh muidne ag déanamh cinnte de nach dtarlóidh sé sin. Beidh muid ag tástáil na stroighne go rialta lena chinntiú go mbíonn sé slán."

Mar aon leis sin, deir Moorman go mbeidh an EPA agus an comhlacht ag tógáil samplaí den uisce áitiúil sula dtosaíonn an fhorbairt agus arís ina dhiaidh le féachaint an raibh tionchar ar bith aige ar an uisce.

Deir Tamboran go bhfuil ceachtanna le foghlaim ó fhorbairt Gháscheantar na Coiribe agus gur mhaith leo dul i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil. Tá siad ag pleanáil togra a mhairfidh 50 bliain agus tá gach seans ann go leanfaidh an chonspóid a bhaineann leis an scoilteadh gáis an fhad sin chomh maith.

uisce faoi thalamh?

Tubaist iomlán a bheas sa scoilteadh hiodrálach

Deir daoine áitiúla agus gníomhaithe comhshaoil go scriosfaidh scoilteadh an timpeallacht

Tá áitritheoirí agus gníomhaithe comhshaoil den tuairim gur tubaist iomlán a bheadh ann don tír dá ligfí do chomhlachtaí mianadóireachta scoilteadh hiodrálach a dhéanamh in Éirinn.

“Tá Éire ag brath ar íomhá glas na tíre agus níor cheart é sin a chur i mbaol in aon chor,” arsa Sarah Akamine ó Fracking Free Ireland.

“Tá an tír 100% saor ó scoilteadh faoi láthair agus ba cheart cúrsaí a choimeád mar sin,” ar sise. Tá amhras ar Fracking Free Ireland faoi nach mór gach maíomh atá déanta ag Tamboran Resources.

“An taithí atá ann ó Mheiriceá ná go ndéanann comhlachtaí áibhéal ar an méid gáis atá faoi thalamh, mar sin bheadh an-amhras orainn go bhfuil 4.4 trilliún troigh cearnach de ghás i Liatroim agus Fear Manach.”

“Ní dóigh linn ach an oiread go mairfidh na foinsí 50 bliain, bheadh muid den tuairim nach mairfidh sé ach leath an ama sin. An rud a tharlaíonn ná nach mbíonn an méid sin gáis ag teacht ó na toibreacha agus bíonn orthu níos mó agus níos mó cinn nua a thocailt.”

Ní dóigh leis an eagraíocht go mbeidh an méid fostaíochta atá geallta ag Tamboran ar fáil. “Níor cruthaíodh líon na bpost a thuar na comhlachtaí in áiteanna ar nós Pennsylvania agus Ohio agus measann muid gur amhlaidh a bheas sé anseo. Is beag fostaíochta a bheas ar fáil tar éis an tógála agus is poist ar phá íseal a bheas iontu den chuid is mó chomh maith,” ar sise. Ainneoin go bhfuil sé ráite ag Tamboran ‘1,000 uair’ nach bhfuil siad chun ceimicí a úsáid sa scoilteadh, tá amhras ar Fracking Free Ireland faoin maíomh seo.

“Ní dóigh linn go bhfuil áit ar bith ar domhan nár úsáideadh ceimicí chun scoilteadh hiodrálach a dhéanamh.

“Úsáidtear iad chun cuimilt agus creimeadh a laghdú agus cinn eile chun baictéir a bhíonn ag maireachtáil faoin talamh a mharú. Mura dhéantar é sin líonann na baictéir na píopaí - gan ceimicí ní léir dúinn conas ar féidir é sin a sheachaint.”

Fiú mura mbeidh ceimicí in úsáid beidh baol truaillithe ag baint leis an bhforbairt, dar leo.

“Beidh níos mó ná salann san uisce nuair a thagann sé aníos, d’fhéadfadh miotail throma agus ábhar radaighníomhach a bheith ann chomh maith. Beidh na milliúin lítear in úsáid agus ní féidir geallúint a thabhairt nach sceithfidh an t-uisce nimhneach seo ón láthair.” Deir Akamine go bhfuil baol ann chomh maith go rachaidh gás ó thoibreacha isteach i bhfoinsí uisce áitiúla.

“Má tá na mílte tobar ann sceithfidh gás astu fiú má tá ráta teipthe íseal ag an gcásáil stroighne a bheidh sna toibreacha,” ar sise.

“Má tharlaíonn truailliú is tubaist a bheas ann don phobal áitiúil agus don earnáil thalmhaíochta.”

Ó thaobh feiceálachta de, maíonn Fracking Free Ireland go scriosfaidh an cleachtas radharcana sna contaetha atá i gceist.

“Má tá druil 40 meadar ar airde gach dhá chiliméadar, nó níos cóngaraí fiú, ní bheidh le feiceáil sa cheantar ach na druileanna seo. Athróidh sé an timpeallacht ó bhonn, seachas ceantar álainn tuaithe beidh ceantar tionsclaíoch agat.”

“Nuair a bheidh an próiseas seo críochnaithe beidh an timpeallacht scriosta agus is beag tairbhe geilleagrach a bheas ann don tír.”

Fiú má bhíonn an scoilteadh hiodrálach a dhéanfar in Éirinn “100% slán sábháilte” ní cheart é a dhéanamh de bharr an dochair a dhéanadh sé do cháil na tíre, dar le Fracking Free Ireland.

“Tá muid ag brath go mór ar thalmhaíocht agus déanfaidh scoilteadh dochar uafásach do na hearnálacha sin.

“Is as Éireann a thagann sciar ollmhór den bhainne foirmle a dhíoltar timpeall na cruinne, samhlaigh an damáiste a dhéanfaí dá bhfaighfí ceimicí nó trailliú eile ann.”

“Fiú gan trailliú déanfar dochar. Tá a fhios ag daoine i Meiriceá agus san Eoraip céard atá i gceist le scoilteadh hiodrálach, tá a fhios acu an cineál damáiste atá déanta aige in

Pennsylvania mar shampla, agus ceanglóidh siad an íomhá sin le hÉirinn má cheadaítear scoilteadh anseo.”

“Is í an íomha ghlas, ghlan atá ag Éirinn ceann de na rudaí is luachmhara atá againn agus ní mór é sin a chosaint.”

Tá tacaíocht láidir don fheachtas i gcoinne scoilteadh hiodrálach i gContae Liatroma de réir Dervilla Keegan ón ngrúpa Love Leitrim.

“Bhí thart ar 400-500 duine ag na cruinnithe a d’eagraigh muid go dtí seo agus tá daoine an-chorraithe faoi.

“Tá feirmeoirí, lucht turasóireachta agus eile buartha faoin méid atá beartaithe agus beidh muid ag bailiú go leor eolais le cur in éadan an iarratais phleanála a dhéanfar.”

Diúltaíonn Nuala McNulty ó Leitrim Landscapes Guided Walks don méid a deir Richard Moorman faoin earnáil thurasóireachta sa cheantar.

“Is é tuaisceart Liatroma croílár na hearnála éiceathurasóireachta in Éirinn. Is anseo a bhí an Bosca Glas, togra de chuid an Aontais Eorpaigh a chuir borradh faoin nideog thurasóireachta anseo. “Mar shampla, tháinig 24 tionscnóir turais chugainn ag an deireadh seachtaine, idir chomhlachtaí Éireannacha agus cinn ó na Stáit Aontaithe, an Ghearmáin, an Bhreatain, an Danmhairg agus an Iodáil. Tá siad ag iarraidh daoine a thabhairt anseo i gcomhar saoirí glasa ach má thosaíonn scoilteadh hiodrálach anseo maróidh sé an earnáil go huile agus go hiomlán.”

Deir McNulty nár dhiúltaigh siad don fhorbairt gan iniúchadh a dhéanamh air.

“Ní hé go ndúirt muid gur drochrud a bhí ann ón tús, rinne muid go leor leor taighde air. Léiríonn an fhianaise, áfach, go bhfuil an-bhaol ag baint leis agus nach bhfuil na figiúirí faoi fhostaíocht atá curtha ar fáil ag Tamboran bailí.”

“Mar aon le turasóireacht, tá luach os cionn €8 billiún ar an earnáil thalmhaíochta in Éirinn agus d’fhéadfadh timpiste amháin é sin a lot.”

“Má tá scoilteadh hiodrálach chomh sábháilte sin, cén fáth a bhfuil cosc curtha air sa Fhrainc agus sa Ghearmáin nó cén fáth a bhfuil Cumann Feirmeoirí Cheanada ag lorg coisc? Is é an fáth ná gur tionscail salach é agus sin bun agus barr an scéil,” A dúirt Nuala McNulty.



Feirmeoir ó Choillte Clochair i gContae Liatroma, Eddie Mitchell (chun tosaigh) in éineacht le gníomhaithe frith-scoilte ag agóidíocht lasmuigh den Dáil.

GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.



DEISEANNA OIBRE DEN SCOTH LEIS AN AONTAS EORPACH DO CHÉIMITHE LE GAELIGE

- Ard-Diplóma sa Dlítheangeolaíocht agus san Aistriúchán Dlíthiúil
- Ard-Diplóma san Aistriúchán Dlíthiúil

Earcaíonn an tAontas Eorpach aistritheoirí agus dlítheangeolaithe go tráth rialta. Tá ganntanas ar an AE faoi láthair maidir le haistritheoirí dlíthiúla agus dlítheangeolaithe¹ le Gaeilge.

Deireadh Fómhair 2012 - Bealtaine 2013 tairgfídh Óstaí an Rí cúrsaí páirtaimseartha ardleibhéil chun rannpháirtithe a chumasú le cur isteach ar fholúntais mar aistritheoirí dlíthiúla le Gaeilge agus dlítheangeolaithe le Gaeilge le hInstitiúidí an AE.

Seasfaidh na cáilíochtaí seo freisin don té ar suim leis fostaíocht taobh amuigh d’Institiúidí an AE. Tá maitheamh táillí ar fáil do dhaoine a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu. Ní gá cáilíocht sa Dlí don chúrsa san Aistriúchán Dlíthiúil.

Foirmeacha iarratais & tuilleadh eolais ar fáil ag

www.kingsinns.ie/gaeilge.htm

agus ó: daithi.maccarthaigh@kingsinns.ie 087-2368364.

Cuireann an Roinn Ealaíon Oidhreacht agus Gaeltachta tacaíocht ar fáil don dá chúrsa seo.

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

¹ Daoine, a bhfuil cáilíocht ghairmiúil sa dlí nó céim sa dlí acu, a dheimhníonn go bhfuil leaganacha éagsúla de achtachán i dteangacha éagsúla ag teacht lena chéile.

TRÁCHTAIREACHT

Ón Íoslainn go dtí an tSín

Ar lean ó leathanach a haon

B'fhéidir, ámh, gurb é an rud is spéisiúla ar fad na gura luaigh an IMF sampla na hÍoslainne le cruthúnas a thabhairt. Anois, bhí géarchéim baincéireachta níos tromchúisi ag an Íoslainn ná mar a bhí ag ár dtírín féin agus cén chaoi mar sin go bhféadfadh an IMF é a lua mar shampla fabhrach?

Is é firinne an scéil ná gur thug an Íoslainn droim láimhe do pholasaithe déine mar atá i bhfeidhm anseo agus i dtíortha eile ar imeall na hEorpa. Ní hamháin sin, ach rinneadh iarracht iachall a chur orthu fiacha na mbanc Íoslannach do bhainc na hEorpa a chur ar mhuintir na hÍoslainne, mar a cuireadh anseo.

Ach bhí reifreann san Íoslainn agus dhiúltaigh an pobal glacadh leis na fiacha sin; thug siad dúshlán do Shasana agus don Ísiltír agus sheas siad an fóid in aghaidh na bhfiacha.

Dúradh linne dá ndéanfadh muid a leithéid go dtitfeadh an spéir anuas orainn, ach níor tharla a leithéid sa Íoslainn. A mhalairt, toisc nach raibh fiacha na mbanc ar an tír, taobh istigh de dhá bhliain bhí fás ar ais san eacnamaíocht acu, bhí an spás acu tabhairt faoi fhiacha pearsanta ghnáthmhuintir na tíre, agus bhí siad in ann filleadh ar na margáí airgeadais ar ráta cúig faoin gcéad agus níos lú.



Cairdiúil : 20/02/2012, Leas-Uachtaráin na Síne, Xi Jinping leis an Taoiseach Enda Kenny i mí Feabhra. Níl mórán amhras ann ná gur cuairt chairdiúil a bhí ann agus ní léir gur cuireadh isteach ar na Síneigh mar gheall ar a dtaifead maidir le cearta daonna, atá uafásach. Ach an bhfuil rudaí chomh cairdiúil sin ná go dtabharfadh siad iasacht dúinn?

Cén fáth? Toisc go dtuigeann na margáí gur féidir leis na hÍoslannaigh íoc as aon iasacht a fhaigheann siad toisc nach bhfuil siad báite i bhfiacha banc.

Sea, tá fás ar ais ag an Íoslainn, tá

feabhas ag teacht ar an eacnamaíocht agus leibhéil difhostaíochta ag dul i laghad: dea-scéal tar éis na tubaiste.

Agus féach muid. Ní féidir linn filleadh ar na margáí toisc go dtuigeann siad nach mbeidh fás san eacna-

maíocht se'againne mar gheall ar an déine agus gan fás ní féidir aisíoc.

Mar sin tá muid gafa i gciorcal an oilc: déine, cruatan, ganntanas, bochtanas, eisimirce - iad go léir ar mhaithe le nach mbeidh aon deacracht ag bainc na Gearmáine a thug airgead gan cúram do lucht amhantrach sa tír seo. Agus ní phléitear biseach na hÍoslainne toisc nach n-oireann an scéal sin don teachtaireacht a thugann an rialtas: níl aon dul as againn ach glacadh le déine mar tá muid ag brath ar an Eoraip chun íoc as ár gcuid seirbhísi.

Ach má léiríonn an Íoslainn go bhfuil bealach eile ann, bealach a sheachnódh déine - is é sin má léiríonn scéal na hÍoslainne go bhfuil bréag á rá ag an rialtas faoi gan aon dul as a bheith againn - ní mór an scéal a choinneáil faoi cheilt.

Mar sin fhéin, téann an domhan ar aghaidh, agus tá tuar dóchais eile ann anois. Tá an tSín - ceann de mhór-eacnamaíochtaí reatha an domhain - oscailte do chonarthaí a dhéanamh linn. Tá féidearthachtaí ollmhóra againn as an gceangal atá indéanta anois leis an tSín.

Ach tuige nach rachaimid go dtí an tSín ag lorg iasachtaí airgid má tá rátaí na margáí ró-ard agus coinníollacha na hEorpa ródhian?

Agus féach scéal na Sionainne? Faoi scáth Bhaile Átha Cliath, agus na stát-seirbhísiigh mheánaicmeacha atá i gceannas, níl aon rud in ann d'Aerfort na Sionainne agus don cheantar máguaird ach meath agus bás. Tuige nach ndéanfadh muid iarracht socrú a dhéanamh leis na Síneigh go mbunóidís ionad taistil agus trádála ansin, leathbhealaigh idir Mheiriceá agus an Eoraip agus an tSín agus an tOirthear?

Tuige go bhfuil polaiteoirí an rialtais - agus polaiteoirí Fhianna Fáil leis (seachas Eamon Ó Cuív) - chomh dallta sin ag an Eoraip nach bhfuil siad in ann féidearthachtaí eile a scrúdú ina n-iomláine?

Sea, ar thaobh amháin, tá an polasaí reatha ann: ag brath ar an Eoraip, a bheith umhal don Eoraip, ag cur leas na hEorpa roimh ár leasa féin; nó ar an taobh eile, tá sampla na hÍoslainne a tháinig slán as an ngéarchéim - mar deir an IMF - nuair a dhiúltaigh siad don déine agus nuair a chuir siad a leas féin roimh leas bhainc na hEorpa.

Agus sa gcúl tá na féidearthachtaí atá le n-oscailt dúinn as an gceangal nua sin leis an tSín.

Sea, ní gá dúinn glacadh le conradh fíoscach an Aontais Eorpaigh, a chuirfeadh deireadh lenár bhféin-fhlaitheas go deo. Tá bealach eile ann, ón Íoslainn go dtí an tSín!

SÚIL SIAR na Seachtaine

Aighneas faoi na Portaigh



Donncha Ó hÉallaithe

Tríocha bliain ó shin bhí sé ina raic faoi na portaigh i gConamara. Ba le hÚdarás na Gaeltachta dhá phortach acu: ceann i gClochar na Lára, a bhí ar léas ag an gComharchumann áitiúil, Comharchumann Chois Fharraige, a bhí faoi bhainistíocht Phádraig Uí Aoláin ag an am, agus an ceann eile i mBó Bhrocháin, ar bhóthair Seana Féistín, bhí ar léas ag Comharchumann na nOileán, a bhí faoi bhainistíocht Thiobraid Árannach eile, Pól Ó Foighil.

Bhí brú mór ag tíocht ar an Údarás ó Fhianna Fáil na portaigh a bhaint den

dá chomharchumann agus iad a roinnt amach ar dhaoine. Eagraíodh cruinnithe móra poiblí faoin gceist ag a raibh na céadta i láthair. Bhí Comharchumann na nOileán sásta na portaigh a thabhairt ar ais ach cúiteamh a fháil, ach ní raibh an comharchumann eile. Bhí go leor airgid caite ar an bportach thar na blianta ag Comharchumann Chois Fharraige: bóthar isteach ar an bportach déanta agus cuid mhaith den portach draenáilte ar chostas an-mhór.

Mar sin féin, bhí Seán Ó Neachtain (Fianna Fáil) ag brú ar an Údarás an portach a bhaint den comharchumann ach fuair Comharchumann Chois Fharraige an ceann is fearr air: an mhóin a bhaint le meaisín luath sa mbliain agus na plotannaí a dhíol, obair atá ar bun ó shin ag Comharchumann Shailearna.

Ag an am bhíodh AMÁRACH, á fhoilsiú ag Comharchumann Chois Fharraige.

AMÁRACH, 16 Aibreán, 1982 Achrann Dearg Arís faoi na Portaigh

Bhagair Bainisteoir Chomharchumann na nOileán, Pól Ó Foighil, an tseachtain seo go gcuirfeadh sé an dlí ar Údarás na Gaeltachta dá ndéanfaidís aon iarracht móin a bhaint ar phortaigh Bhó Bhrocháin i mbliana.

Agus chuir sé i leith Sheáin Uí Neachtain, ball tofa den Údarás (cosúil le Ó Foighil féin), go raibh sé ag déanamh ceist pholaitíochta as ceist na bportach.

Glacadh leis ag cruinniú de Bhord Údarás na Gaeltachta le gairid go roinnfí amach portaigh Bhó Bhrocháin orthu siúd sa gceantar siar ón gCeathrú Rua a d'iarr portaigh ar an Údarás i suirbhé a rinne siad anuraidh.

Ach dar le Ó Foighil, is le Comharchumann na nOileán an léas ar na portaigh sin agus cé gur socraíodh ag cruinniú de



Pól Ó Foighil


choiste an chomharchumainn tamall ó shin na portaigh a thabhairt ar ais don Údarás, tá ceist cúitimh le socrú fós.

Cé nach bhfuil aon rud ráite go hoifigiúil, deirtear go bhfuil Ó Foighil ag iarraidh thart ar £90,000 mar chúiteamh ar an obair ar fad a rinne an Comharchumann ar na portaigh. Dúirt Seán Ó Neachtain le AMÁRACH nach raibh an tÚdarás ag gabháil ag íoc aon chúiteamh leis an gComharchumann.

Ar an 18 Márta chuir Údarás na Gaeltachta litir chuig an gComharchumann eile a raibh portaigh acu ar léas ón Údarás - Comharchumann Chois Fharraige. Cuireadh in iúl dóibh nach raibh aon chead acu móin a bhaint ar phortaigh Chlochar na Lára, an Lochán Beag. Ach nuair a chuir Bainisteoir an Chomharchumainn, Pádraig Ó hAoláin, litir ar ais chuig an Údarás ag míniú dóibh go raibh a fhios ag an Údarás le fada an lá go raibh sé i gceist ag an gComharchumann móin a bhaint agus a dhíol le daoine, scríobh an tÚdarás ar ais ag rá go raibh cead ag an gComharchumann móin a bhaint ar na portaigh sin i mbliana. Níos túisce i mbliana bhain an Comharchumann móin le hinneall agus d'fhógair siad go mbeadh líon áirithe plotanna ar fail ag daoine ar £55 ar 50 slat. Tá an mhóin uilig díolta anois acu.

Dúirt Seán Ó Neachtain nach mórán is féidir a dhéanamh faois (sic) sin anois, tharla an mhóin a bheith bainte?

Eagarfhocal



Titanic agus easpa measa ar na mairbh

BHÍ an nuacht lán le scéalta faoin Titanic le tamall anuas. Tá sé sin intuigthe, níl rud ar bith cearr leis sin, mar sin féin, bhí cuma na ceil-iúrtha ar roinnt mhaith de.

Tá gá le measarthacht ar gach rud ach ní shin atá amhlaidh - tá an ‘comóradh’ ar an dream a cailleadh ar an Titanic tar éis dul thar fóir ar fad ar fad.

Caithfear an cheist a chur, cén fáth a bhfuil daoine ag ceiliúradh a lei-théid de thubaiste?

Bhásaigh 1514 duine, fir, mná agus páistí san áireamh, nuair a báthadh

an Titanic.

Tá sé ceart agus coir go ndéanfaí comóradh cuimhneacháin orthu sin ach ní ionann sin agus ceiliúradh a dhéanamh ar a mbás nó chun airgead éasca a shaothrú as an tragóid. Fíorthragóid agus tubaist a bhí anseo - ní scannán.

Tá sé go hiomlán intuigthe go mbeadh ionad do chuairteoirí ag Béal Feirste agus táthar ag súil go mbeidh rath air, ach níl gach imeacht a bhí ar siúl le tamall anuas ar an chaighdeán céanna.

Mar shampla, an tseachtain seo,

sheol línear amach chuig an áit a ndeachaigh an Titanic síos chun ‘ceiliúradh’ a dhéanamh air. Seans nach drochrud é sin ann féin ach nuair a thagann pictiúir anal de dhaoine ar an long sin ag caitheamh ‘fancy dress’ is léir nach bhfuil go leor measa a thaispeáint do na mairbh sa chás seo ar chor ar bith.

Ní haon ábhar cóisir a bhí sa tragóid seo.

Ar ndóigh, ní rud nua é seo. B’áb-har suime i gcónaí í an Titanic agus is iomaí sin scannán agus eile a rin-neadh faoin scéal.

Ní féidir a shéanadh go bhfuil greim ar leith aige ar shamhlaíocht an phobail.

Ach cheana, samhlaigh dá mbeadh ‘ceiliúradh’ ann ar thubaistí eile amach anseo?

Dá mbeadh ceiliúradh ann ar ‘Thubaiste Zeebrugge’, bheadh déistin ar dhaoine mar is ceart, ach an bhfuil an méad sin de dhifríocht idir an dá rud i ndáiríre?

Tá imeacht ama ann go cinnte, ach an leor é sin chun an gairbhe go léir a chosaint?

Cad faoi ‘dhínit an bhróin’?

LITREACHA chuig an Eagarthóir



Cuirtear litreacha chuig litreacha@gaelisceal.ie.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Déistin maidir le clúdach na meán ar agóidí na Gaillimhe

A eagarthóir dhil, Is mian liom a rá go gcuireann an clúdach a dhein na meáin chumarsáide ar an léirsiú a bhí ar bun sa Ghaillimh an Satharn so caite déistean ó thalamh orm. An chúis leis sin gur dhein nuacht RTÉ neamhaird iomlán dá raibh le rá agus á n-éileamh ages na daoine prionsablacha a tháinig ó gach cearn den dtír chun a bhfeirg leis an gcomhrialtas ina bhfuil an Lucht Oibre páirteach a chur in iúil, maidir lena bpolasaithe i leith na cánach ar thithe, ar uisce, ar phoill séarachais is araile - airgead atá's againn go léir a seolfar sall chun na hEorpa d'fhonn Mer(de)-Kozy, an eilít rialaithe agus aigeaúil, agus a ngíománaigh, dá seasaid a choinneáil ar a gcompond.

In ionad díriú ar an ngéarchéim sa chóras daonlathach agus caipitileach - tástáil ar a bhfuil teipithe anois - dhírigh ceamaraí agus comhfhrea-gróirí na seirbhísí stáit craoltóireachta ar an mionsclíúchas a bhí ag an áth/droichead le hais ionad na comhd-hála.

Léiríonn san dúinne, an cho-ismhuintir, chomh mór fé chos ag an stát atá an státhchóras craolta. Ní dúinne a thuilleadh iad. Baidhcaiteál-tar iad feasta!!!

Rud eile a chuir múisc orm - Eamonn Givemore a mhaigh go mórann an Lucht Oibre Séamas Ó Conghaile fós, nuair gurb é dúirt cuid des na cainteoirí taobh amuigh den gcomhdháil go gcuirfeadh an páirtí an mhúisc chéanna air sin dá mairfeadh

sé is a dhein ar a raibh ann againn.

Mar bhall d'Ógra Uí Chonghaile, seal dá rabhas, cuireann an saghas san stealladhmhagaidh straidhn ó thalamh orm.

An chúis go mórann na meáin chu-marsáide polasaithe frithdhaon-nachtúla na heilíte rialaithe go bhfuilid fhéin chomh maith as leosan, rud a chiallaíonn, a) ná tuigidh san ach oiread leis na polaiteoirí conas tá daoine ag maireachtaint ar an gcaolchuid, agus b) gur cuma leo sa diabhal ciocu.

Mar sin, cé sheasóidh linn. Sinn féin, cé heile?!

*Pádraig Ó Ciobháin
Bóthar na Ceapaí
Bearna*

'Nua-Philíocht na Gaeilge ar Strae'

A eagarthóir, a chara, Maidir leis an alt 'Nua-Philíocht na Gaeilge ar Strae' a foilsíodh in 'Gaelscéal' ar 11 Aibreán, ba mhaith liom trí phointe a dhéanamh ina thaobh:

(i) Aontaím le Gabriel Rosenstock gurbh é 'An tAm Marfach ina Mairim-id' le Cathal Ó Searcaigh an cnuasach filíochta Gaeilge is fearr a foilsíodh ó thús an chéid nua seo.

(ii) Ní ar Cholm Breathnach an locht gur bronnadh duais mhór liteartha an Oireachtais ar a chnu-asach filíochta.

(iii) Tá an tslat tomhais maidir le Nua-Philíocht na Gaeilge a mheá agus a thomhas imithe le báiní ar fad agus tá clú agus cáil ar fhilí áirithe atá ag saothrú na filíochta faoi láthair

agus gan an teanga ná bua na filíochta ar a dtoil acu.

*Amaidí!
Le meas,
Brian de Róiste,
Chuin Saileach,
Baile Átha Cliath 15.*

A Eagarthóirí, a chara, Bhain me an-taitneamh as léirmheas Gh.Rosenstock in do pháipéar.

Is é atá in ann. Bhí alt Ch.Uí Liatháin spéisiúil freisin.

Tá caighdeán ard agaibh.
Nár laga Dia sibh.
*Le dea-mhéin,
Seán Ó Curraoin*

Teagasc na Gaeilge

A chara, Is iomaí uair a dhéantar trácht ar na fadhbanna a bhaineann le teagasc na Gaeilge - ach tá bunfhadhb ann agus go dtí go dtéimid i ngleic leis ní thioc-faidh feabhas ar rudaí.

Déanann scoláirí i meánscoileanna Béarla na scrúduithe céanna sa Ghaeilge is a dhéanann scoláirí i scoileanna Gaeltachta agus gael-choláistí. Níl ciall ar bith le seo - ní féidir caitheamh le scoláirí atá ag foghlaim teanga nua sa dóigh chéanna le scoláirí a bhfuil líofacht na Gaeilge acu cheana féin. Tá daltaí i scoileanna Béarla ag staidéar siollabais agus ag déanamh scrúduithe nach bhfuil fóirsteanach don leibhéal teanga atá bainte amach acu mar sin, agus ní chuidíonn seo leo an teanga a shealb-hú. Má ghlacaimid an Teastas Sóisearach mar shampla, tagann go leor scoláirí go dtí meánscoileanna

Béarla le beagán Gaeilge - caithfimid bheith réadúil faoi sin. In ainneoin sin bíonn na daltaí is fearr ag iarraidh an scrúdú onóracha a dhéanamh sa Ghaeilge le pointí maithe a fháil sa scrúdú. Tá an scrúdú seo go hiomlán mífhóirsteanach do dhaltai atá ag foghlaim na Gaeilge mar dhara theanga áfach.

Tá barraíocht gnéithe le staidéar a dhéanamh orthu in am an-ghairid, agus in áit am a ghlacadh leis na bun-scileanna a theagasc, bíonn brú ar mhúinteoirí scoláirí a ullmhú don scrúdú mar sin. Spreagann seo fogh-laim de ghlanmheabhair in áit a bhei-th ag foghlaim bunscileanna lab-hartha agus scríofa.

Lena chois sin bíonn sé bíonn dea-cair do dhaltai i meánscoileanna Béar-la marcanna arda a fháil mar níl an scrúdú ag an leibhéal ceart díofa agus bíonn siad ag dul in iomaíocht le scoláirí ó na gaelcholáistí agus na scoileanna Gaeltachta. Cuireann seo laghmhisneach orthu agus síleann siad go bhfuil an Ghaeilge deacair - ní nach ionadh.

Agus mar olc ar an donas ní dhéan-tar scrúdú béil i mbunús na scoilean-na ag Leibhéal an Teastas Shóisear-aigh. Ciallaíonn sé seo go dtéann cuid mhór scoláirí tríd trí bliana den scoil gan an ghné is tábhachtaí, an labhairt faoi scrúdú - tá sé dochreidte. Agus mar gheall go mbíonn an bhéim ar fad ar an scrúdú ní bhíonn mórán ama le hobair labhartha a dhéanamh.

Ní fhorbraíonn scoláirí na scileanna cruthaíochta atá de dhíth le teanga a fhoghlaim mar is ceart mar sin agus ní chuireann sé ar chumas na ndaltaí an teanga a fhoghlaim go héifeachtach. Go simplí, ní bhíonn na bunscileanna

acu. Tá muid ag déanamh leatrom ar na daltaí is fearr i scoileanna Béarla dá bhrí seo - ach thiofadh leo an teanga a shealbhú go furasta dá mbeadh an córas ceart.

Tá an córas scrúdaithe ag iarraidh an dá thrá a fhreastal i láthair na huaire idir scoláirí atá ag foghlaim na Gaeilge mar dara theanga agus scoláirí sa mheán Gaeloideachais - ach ní féidir é sin a dhéanamh. Caithfidh scrúduithe agus cáilíochtaí difriúla a bheith ann don Ghaeilge ag leibhéal onóracha:

> Ceann atá dírithe ar scoileanna Béarla a dhéanann gach duine (a dhíríonn ar na bunscileanna)

> Agus ceann breise atá níos dúshlá-naí atá dírithe ar Ghaelcholáistí is Scoileanna Gaeltachta.

Déanann siad idirdhealú mar seo cheana féin sa Tuaisceart - bíonn ‘GCSE Irish’ acu do lucht na scoilean-na Béarla, agus tá cáilíocht bhreise acu fosta darb ainm ‘GCSE Gaeilge’ a dhéanann lucht na Gaelcholáistí chomh maith - tá an córas seo i bhfad níos fearr do shealbhú teanga.

Déanann siad amhlaidh sa Bhreatain Bheag leis an Bhreatnais.

Tá sé riachtanach go mbeidh Scrúdú Cainte ag Leibhéal an Teastas Shóisearaigh i ngach scoil fosta.

Go dtí go dteagascaimid scoláirí na bunscileanna ag leibhéal atá fóirsteanach ní athróidh rudaí. Agus ní athróidh rudaí go dtí go n-athróimid an córas scrúdaithe. Seo an áit a luíonn an fhadhb - cén fáth nach bhfuil muid á dhéanamh rud éigin faoi?

*Is mise le meas,
S Ó Coinne (MA)
Dún Dealgan, Co. Lú*

Ar chreid Eamon Gilmore a raibh le rá aige?



Páidí Ó Lionáird

Ba in 2007 ar dtús a chualamar an t'ainm Jon Favreau - an cuimhin libh é? fear óg le aghaidh níos óige fiú air agus a bhí freagrach as na hóráidí ba spreagúla dar chualamar riamh ó bhéal Uachtarán Mheiriceá, Barack Obama.

Ba le linn d'Obama a bheith ina Sheanadóir a thosnaigh Favreau i mbun scríbhinne dó agus diaidh ar ndiaidh tugadh faoi ndeara go raibh bua aige - smaointe coimpléascacha an tSeanadóir a léamh agus a chur i bhfocla oiriúnacha agus go minic i bhfocla spreagúla.

Bhíos ag éisteacht le hÉamon Gilmore, an Tánaiste, an tAire

Gnóthaí Eachtracha agus ceannaire pháirtí an Lucht Oibre i mbun óráide ag Ard Fheis an pháirtí sa Ghaillimh tráthnóna Dé Satharn.

Rith sé liom go bhfuil cleas na hóráidíochta imithe i léig go mór i measc ár gceannairí polaitíochta. Ansan rith ceist liom; 'Cé leis na focail seo atá á rá aige?

Cé a chum iad?'

Dá mba Gilmore fhéin a chum iad, ar chreid sé iad?

Cathain, ina stair pholaitiúil ar thosnaigh seisean ag creidiúint gach a bhí á chraobhscaoileadh ag páirtí an Lucht Oibre?

Scór bliain ó shin baileach, nach raibh sé fhéin agus Proinsias De Rossa fós ina dtacadóirí do pháirtí polaitíochta eile - Pairtí na nOibrithe?

Ní fios cé mhéid taighde a dhein Frank Flannery, stiúrthóir stráitéise Fhine Gael ar chóras polaitíochta Mheiriceá sa tréimhse idir 2002 agus 2010 - a thoradh le feiceáil anois. Tá amhlaidh sleamhnaithe isteach i gcur chuige pháirtí an



An Tánaiste agus Ceannaire an Lucht Oibre, Eamon Gilmore ag tabhairt a phríomh-óráide dá pháirtí ag Ard-Fheis an Lucht Oibre, Dé Sathairn

[PIC : LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

Lucht Oibre agus bí cinnte go bhfuil céimithe onórach in eolaíocht na polaitíochta fostaithe ag Fianna Fáil anois freisin agus iad san ag tochailt ar mhaithe lena máistrí.

Baineann a leithéidí Favreau go mór le cur chuige na polaitíochta i Meiriceá agus anois in Éirinn is léir.

Cinnte, bíonn na focail snoite, na hábhair roghnaithe go cúramach, na pointí móra a bhfuil buntáiste iontu déanta le béim agus éifeacht agus gach deis tapaithé d'fhonn an mórshlua a bhíonn bailithe sa láthair - slua cairdiúil don fhormhór - a ghriósadh chun troda, más gá.

Ach caithfidh paisean a bheith ann. i gcás Éamoin Gilmore, níl.

Bhí a chuid óráide dea-scríofa. Bhí sé ag gairm na mbuanna a bhí bainte amach ag an bpáirtí i gcomhrialtas, na mianta a bhí agus atá fós le baint amach agus ag meabhrú dúinn gur seo páirtí atá ag ceiliúradh céad bliain ar an bhfód - agus biodh is go ndéarfadh Gerry Adams a mhalairt, mar atá, is iad an Lucht Oibre an páirtí is faide

bunaithe in Éireann.

Smaoinigh arís, an gcreideann sé bíobla an Lucht Oibre?

Labhair sé faoi na deacrachtaí atá os comhair mhórán teaghlach sa tír, dífhostaíocht, deacrachtaí fiachais agus morgaistí ag brú ó gach taobh. Labhair sé amhail is go bhfuil 'a pháirtí' mar choinsias an chomhrialtais, ag faire na reachtaíochta agus ag tabhairt na daonnachta chun solais pé am go mbíonn crú an "ghnáthdhuine" ar an tairne.

Ach an raibh sé spreagúil? An raibh an méid a dúirt sé mar mhacalla a nglórtha siúd a bhunaigh an páirtí i 1912? An bhféadfaí guth Jim Larkin a chlois as? Nó James Connolly? Nó William X. O'Brien?

An bhféadfá é a shamhlú ag glaoch "lockout" na linne seo? Ní dóigh liom é.

Nílím ag fáil locht ar Éamon Gilmore aon phioc níos mó ná mar a bheinn d'aon cheannaire polaitíochta eile (seachas Joe Higgins ag a bhfuil cumas nádúrtha innte scéil - cumas b'fhéidir a tha-

gann óna chúlra Gaeltachta).

Tá an aicid chéanna orthu ar fad agus tá cúis an-mhaith leis.

Sibhse a bhí ag léamh nuachtán le seachtain anuas, chonaic sibh cuid de na scéalta bunaithe ar an gcaidreamh atá idir pholaiteoirí agus comhlachtaí caidrimh phoiblí. Nílím a rá nár cóir go mbeadh comhairle á fháil ag polaiteoirí ar conas déileáil leis na meáin agus conas iad féin a chur i láthair.

Tá sé rithábhachtach go mbeadh sé ar a gcumas ceisteanna a fhreagairt agus an t-eolas atá á lorg a thabhairt i gcaint shoiléir agus éifeachtach.

Le blianta beaga anuas, áfach, is é a mhalairt scéil atá fíor. In áit na soiléireachta tá polaiteoirí ag foghlaim conas déileáil leis na meáin ach le doiléireacht a chuireann ceo, ceochán agus ceobhrán os a gcomhair. A mhinicí ná a mhalairt anois bheadh ateangaireacht de dhíth d'fhonn cuid dá mbíonn á rá acu a thuiscint.

An cuimhin libh an chomhairle a thug an múinteoir gairm-bheatha daoibh nuair a bhí cur chuige agallóireachta i gceist? "Labhair gan stad go dtí go stopfar tú!" Uaireanta, cheapfá gur mar an gcéanna a bhíonn lenár bpolaiteoirí.

Agus íocann tusa go daor as an gcomhairle agus as an gcúnamh seo. Iad san is fearr, cuirtear ar chóras táille áirithíochta iad - táille cúpla míle euro in aghaidh na míosa ar líon áirithe uaireanta an chloig. Aon ní sa bhreis air sin, ag brath ar chaighdeán na comhairle - sóisir go sinsir, gearrtar táille breise idir €100 agus €300 san uair.

N'fheadar fútsa, ach ba mhaith liomsa an mhéid a cheapann ár gceannairí, iad féin go pearsanta, lom na fírinne, a chlos.

Mar fháilte roimhe, tháinig Gilmore chun stáitse le focail an amhráin "One Day Like This" de chuid an bhanna ceoil Elbow. I measc na línte ann tá:

*"What made me behave this way?
Using words I never say"*

Cén comhlacht caidrimh phoiblí a thug an chomhairle sin?

Deireadh le cogadh ETA ach ní



Eoghan Ó Néill

Bhí Iñigo Cabacas ar a bhealach abhaile ó chluiche Atletico Bilbao an tseachtain seo caite nuair a scaoil péas marbh le piléar rubair é. Tá deireadh le cogadh ETA i dTír na mBascach, ach ní hionann sin is a rá go bhfuil deireadh le forneart ná le héagóir ná le cos ar bholg.

Go fiú agus seo á scríobh agam is cinnte go bhfuil 'securocrats' áirithe

in Maidrid ar a seacht ndícheall ag iarraidh an próiseas síochána a chur ó mhaith agus go bhfuil dream mire áirithe ag beartú an 'Fíor ETA' a chur ar bun mar go síleann siad go dtiocfadh leo 'An Cogadh Fada' a bhaint san áit ar chlis ar ETA.

Tá an cogadh thart agus tá an chéim chinniúnach úd a mhol an tAthair Alex Reid don dá thaobh le linn dó a bheith ina idirghabhálaí idir rialtas Mhaidrid agus ETA, tógtha acu faoi dheireadh.

Ba é sin an choimhlint a thabhairt ón tsráid go dtí an tábla.

I gcás ETA agus a lucht tacaíochta, tá aistear fada frustrach rompu a bheidh ar aon dul leis an turas ar thaistil an tIRA, Sinn Féin agus náisiúnaigh eile in Éirinn le 14 bliana anuas.

Ach bhí buntáistí áirithe ag an IRA, níor chaill an tIRA a gcogadh.

Comhscór a bhí ann.

Bhí na Sasanaigh i ndiaidh glacadh leis nach dtiocfadh leo an cogadh a bhaint agus an tIRA i ndiaidh a aithint go dtiocfadh leis an chogadh fada maireachtáil go deo na ndeor.

I gcás ETA níor chaill siadsan an cogadh ach oiread.

Ach i bhfírinne, seachas comhscór a bheith ann bhí an lámh in uachtar ag rialtas na Spáinne an t-am ar fhógair ETA sos cogaidh na bliana seo caite.

Níor éirigh le ETA riamh an leibhéal fornirt a bhaint amach a thabharfadh ar rialtas Maidrid comhréiteach a dhéanamh leo.

Ní raibh héileacaptair arm na Spáinne á scaoileadh as an aer in



Cairde le Iñigo Cabacas ag an áit a bhfuair sé bás. D'éag Iñigo Cabacas tar éis gur scaoileadh é le piléar rubair sa chloigeann, in Bilbo, Tír na mBascach ag tús na míosa seo.

Ar deireadh, cáin mhaith!



Conall Ó Móráin

Tá sé fógartha ag an Rialtas go bhfuil siad ar tí méadar a chur isteach i ngach teach agus cáin a chur ar an méid uisce a úsáideann muid. Cinnte beidh na daoine céanna amuigh arís ag béicíl nach bhfuil siad chun an cháin nua seo a dhíol ach glac uaim é, an uair seo, is cáin mhaith atá á chur orainn.

Níor thuig mé go dtí cúpla bliain ó shin cé mhéad uisce a chuireann muid amú agus cé chomh hamaid-each agus atá muid sa tír seo, agus thar lear, ar conas a úsáideann muid uisce. Smaoiním air seo gach uair a théim chuig an leithreas. Gach uair a shruthlaíonn muid an leithreas cuireann muid ceathrú galún d’uisce glan anuas díreach ar ár séarachais. Chun é sin a dhéanamh caithfidh muid an t-uisce a bhailiú i dtaiscumar. Dá bhrí sin, caithfidh muid taiscumair a thógáil agus iad a chothabháil. Sin an chéad chostas. Ansin caithfidh muid an t-uisce seo a ghlanadh - costas eile.

Nuair a bhíonn an méid sin déanta caithfidh muid an t-uisce a rith trí phióbáin a bhfuil drochnós acu pléasctha nuair a éiríonn an aimsir fuar nó nuair a bhíonn tuilteacha againn.

Nuair a shroicheann an t-uisce seo an teach cuireann muid inár dtaiscumair féin é agus ansin ólann muid fíorbheagán de ach cuireann muid an chuid is mó de síos sa leithris, síos sa dallán nó ar an bhféar agus ar na plandaí sa ghairdín.

Níos measa fós, cé gur cur amú uafásach an mhéid seo uisce, cur



Uisce : Ceart daonna nó acmhainn ar cheart dúinn íoc as cosúil le hacmhainn ar bith eile?

ceist orthu siúd a sholáthraíonn an t-uisce agus déarfadh siad leat gur fuath leo nuair a deir lucht aimsire go bhfuil sé chun éirí fuar mar go n-osclaíonn daoine a gcuid buacairí chun a chinntiú go bhfanfaidh an t-uisce ag rith, ag súil nach reofaídh sé.

Nuair a bhí an ‘reo mór’ againn, bliain ón Nollaig seo caite, bhí ar údaráis uisce Bhaile Átha Cliath srianta a chur i bhfeidhm mar go raibh muintir na cathrach ag ídiú an uisce chomh tapa sin, arís ag ligean dó dul le sruth.

De réir tuairisce ón Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, tá leibhéil éillithe E.coli sa soláthar uisce sa tír seo beagnach 30 uair níos airde ná mar a fuarthas i

soláthairtí i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. De réir na tuairisce céanna, tá aon trian de na soláthairtí uisce poiblí sa tír seo contúirteach don tsláinte, rud a éilíonn athsholáthar nó uasghrádú práinneach a dhéanamh ar an soláthar.

Is é bun agus barr an scéil nach bhfuil meas madra againn ar uisce. Glacaim leis go gcoimeádann muintir na Gearmáine agus an Danmharg iad féin chomh glan céanna linne. Ach de bharr go bhfuil méadar acu siúd ar a gcuid uisce ní chuireann siad amú é. Cé go n-úsáideann muintir na tíre seo 160 lítear gach lá ní úsáideann Gearmánaigh ach 126 lítear sa lá agus tá na Danmhargaigh níos sprionlaithe fós lena gcuid uisce, gan ach 116 lítear á úsáid acu

in aghaidh an lae.

Tá muid cosúil le páistí sa mbealach ina gcuireann muid rudaí nach bhfuil orainn díol astu, amú. Agus cheana féin tá brú ag teacht ar údaráis Bhaile Átha Cliath dóthain uisce a sholáthair don daonra ansin agus caint ann go mb’fhéidir go mbeadh orthu uisce a rith i bpióbáin ón tSionainn, á rith le sruth ó Áth Luain.

Má tharlaíonn a leithéid, agus ní gá go dtarlódh má chuirtear srianta ar an chur amú atá ag tarlú, beidh ar dhuine éigin díol as - agus bheadh mise ag tacú leo siúd a dhéarfadh gur féidir le muintir príomhchathrach díol as os rud é gurb iad atá ag baint tairbhe as. Tá an scéal chomh simplí le sin.

De réir mar a fhásann daonra na mórchathrach i dtreo mharc an dá mhilliún duine, beidh éileamh breise ar 300 milliúin lítear d’uisce in aghaidh an lae. Faoi láthair úsáidtear 500 milliúin lítear sa chathair, dá bhrí sin, méadú an-suntasach a bheadh sa mhéid sin. Tá dhá bhealach le theacht ar an méid sin uisce.

An chéad bhealach ná píobán a rith ó fhoínse mhór éigin, an tSionainn is léir sa chás seo. Nó an dara rogha ná gearradh siar an-ghéar a dhéanamh ar an gcur amú atá ar siúl againn lenár gcuid uisce faoi láthair. Cáin ar uisce an bealach is tapúla agus is éifeachtaí chun é sin a dhéanamh.

Má úsáideann muid acmhainní, ba chóir go ndíolfadh muid astu. Bheadh sé spéisiúil díospóireacht a chlos idir an dá Theachta Dála a aontaíonn le chéile go minic, Richard Boyd Barrett agus Ming Flanagan, dá mbeadh uisce Dháilcheantar Mhing le tógáil ó Shligeach go Baile Átha Cliath ionas go mbeadh muintir galánta dháilcheantar Dhún Laoghaire in ann a scith a ligean i bhfolcadh fada d’uisce Shligigh.

Dá mbeadh muintir Dhún Laoghaire ag úsáid acmhainní Shligigh is dóigh liom go dtuigeadh an dá thaobh, go han-tapa, go bhfuil costas ar na hacmhainní sin. Agus cé nach féidir liom a theacht ar an tagairt chruinn, tá a fhios agam go bhfaca údaráis na Gaillimhe titim an-mhór i gcur amú uisce nuair a rinne siad méadrú ar an soláthar, mar thurgnamh is dóigh liom, cúpla bliain ó shin.

Seo roinnt de na fíricí go bhfuil orainn dul i ngleic leo, ní hé amháin sa tír seo ach go hidirnáisiúnta. An figiúr is chóir dúinn a bheith ar eolas againn ar fad ná nach bhfuil ach faoi bhun 1% d’uisce an domhain ar fáil dúinn le n-ól - figiúr atá seasta. Ní thagann méadú ná ísliú ar an méid sin, seachas nuair a thruaillíonn muid féin an t-uisce.

Ach tá muid ag úsáid i bhfad níos mó d’uisce an domhain an t-am ar fad. Áirítear go gcaitheann mná an domhain 200 milliúin uair an chloig ag bailiú uisce, gach lá. Áirítear freisin go mbeidh tóir ar 40% breis uisce, ar fud an domhain, i gceann fiche bliain.

Seo de bharr méadú a bheith ag teacht ar líon na ndaoine agus an t-athrú sa réim bia atá ag daoine. Glacann sé 1,000 lítear uisce chun cileagram de phrátaí a sholáthar ach tógann sé 2,400 lítear chun burgar a chur ar an mbord.

Agus muid ag éirí níos saibhre, tá breis daoine ag lorg feola in áit glas-raí agus cuireann rud chomh beag agus chomh simplí leis sin brú mór breise ar an soláthar uisce.

Ór leachtach a thugann eacnamaithe ar an uisce agus cosúil le ‘gnáth’ ór is cóir dúinn a bheith i bhfad níos cúramaí leis agus é a choimeád sábháilte. Nuair a bheidh muid ag díol as amach anseo, cosúil leis na málaí plaisteacha a bhfuil muid ag díol astu anois, déanfaidh muid amhlaidh.

le cos ar bholg

Gipuzkoa agus ní raibh ionaid mhíleata ar bharr gach cnoc in Biscay, faoi mar a bhí i ndeisceart Ard Mhacha.

Bhí thuas seal thíos seal ag ETA ach ba mhó de na sealanna thuas ag rialtas na Spáinne ná ag ETA le blianta beaga anuas.

Ach cén bealach chun cinn atá ag ETA agus a lucht tacaíochta anois agus polaiteoirí na Spáinne ag smaoineamh go bhfuil ‘ceist na mBascach réitithe’ acu?

An chéad chéim eile is tábhachtaí ná an 700 cime Bascach atá scaipthe i bpríosúin ar fud na Spáinne agus na Fraince a shaoradh.

Is éigean sin cionn is go bhfuil an polasaí seo de scaipeadh cimi ar fud na Spáinne mímhórála.

Ach lena chois sin ní féidir próiseas

ceart síochána a thógáil gan na cimi, gan a dtacaíocht siúd, gan tacaíocht a ngaoilta.

Bhí beartais tógála muiníne iontach tábhachtach i bpróiseas síochána na hÉireann.

Fuascailt na gcimí. Comhaontú Aoine an Chéasta. Tuarascáil Patten. Scor Alt 31 agus cinsireacht RTÉ. Dí-armáil an IRA, scor an UDR/RIR, baint anuas bheairicí arm na Breataine, agus dá réir.

Beidh a macasamhail sin de dhíth i dTír na mBascach.

Ach is go drogallach a bhogfaidh rialtas Mhaidrid.

Ní hé amháin gur tábhachtaí acu an chogadh i gcoinne ETA a bhaint ná an sos cogaidh a bhuanú.

Ach lena chois sin ar fad is neach ar leith é an náisiúnach Spáinneach.

Ach ní fíor sin do náisiúnaigh na Spáinne. Dóibh sin is cuid luachmhar den náisiún é San Sebastian / Donostia. Nó Barcelona. Nó Galicia.

Dúirt Margaret Thatcher tráth go bhfuil na Sé Chontae chomh Gallda le Finchley.

Chuir sí muid ar fad, idir Éirean-naigh agus Sasanaigh, ag gáire.

D’fhormhór na Sasanach is ‘Paddy’s’ muid ar fad, is cuma cén lipéad polaitiúil a chuirtear orainn.

Ach ní fíor sin do náisiúnaigh na Spáinne.

Dóibh sin is cuid luachmhar den náisiún é San Sebastian / Donostia.

Nó Barcelona. Nó Galicia.

Arsa Jaime Mayor Orega, iarcheannasaí ar an Partido Popular, agus é faoi agallamh ag Paddy Woodworth ón Irish Times, “Ní cuid den Spáinn í Tír na mBascach. Is í croí na Spáinne í!”

Ach níl i rialtas Mhaidrid ach imreoir amháin sa phróiseas.

Tá ceannairí maithe ar nós Arnaldo Ortegi ag lucht neamhspleáchais agus tacaíocht ollmhór acu, ní amháin ag leibhéal na polaitíochta ach sna ceardchumainn, i measc eagrais na ndaoine óga, i measc grúpaí ban, i measc lucht teanga agus eile.

Agus faoi láthair tá siad ar an talamh ard morálta.

Thig leo dul chun cinn a dhéanamh gan an gunna ach beidh orthu oibriú as lámh a chéile le náisiúnaigh eile i dTír na mBascach a bhí coimhthithe uathu mar gheall ar an fhorneart.

Is iomaí uair a theann polaiteoirí sa Tuaisceart chun áibhéile agus iad ag maíomh as an mhéid a dtig le daoine ó Srí Lanca nó ón Iaraic nó ón Cholóim a fhoghlaim ó phróiseas síochána na hÉireann.

Ach i gcás na mBascach tá an oiread sin de chosúlachtaí ann gur cinnte go dtiocfadh leis na Bascaigh foghlaim ón ar tharla le próiseas na síochána sa Tuaisceart agus is cinnte go dtig le pobal na hÉireann cuid mhór a fhoghlaim uathu sin faoi athbheochan agus faoi threisiú na teanga dúchais.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gailsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gailsceal.ie**



Máirtín Davy ag caint le Máire Ní Ruáin, a d'eirigh as a phost mar Bhainisteoir ar Chomhar Deirbhile, san Eachléim le gairid, faoina saol don chlár Raidió ar R.T.É. RnaG 'Ar mo Thaisteal Dom', Dé Domhnaigh idir 6-30 agus 7-00 i.n.



Aire Stáit na Gaeltachta, Dinny McGinley TD, ag bronnadh duais céad áit i gcomórtas amhránaíochta traidisiúnta an Fhéile Pan Cheilteach ar Noeleen Ní Cholla, An Charraig, Na Doirí Beaga, i gCeatharlach aréir (11 Aibreán 2012)



Micheál Ó Duibh ó Chomhairle na Gaelscolaíochta agus Dinny McGinley, T.D., ag bronnadh Dhuais Chomhairle na Gaelscolaíochta ar Oifigeach Forbartha Ghlór na Móna, Sean Ó Corráin.



Eddie agus Mary Uí Dhónaill as Dobhair i nGaoth Dobhair i gcuideachta an teaghlaigh ag deireadh na seachtaine nuair a rinne siad ceiliúradh ar thrí scór bliain a bpósta. (PIC: EOIN MCGARVEY)

Ag ócáid a bhí ar siúl Tigh Hiúdaí Beag, An Bun Beag, ag an deireadh seachtaine seoladh an leabhar, “Go dtí an Lá Bán”. Is éard atá sa leabhar seo nó cnuasach gearrscéalta atá curtha le chéile ag Máire Dinny Wren, Máirín Uí Fhearraigh, Bríd Ní Mhonacháin agus Síle Uí Ghallchóir, baill Chiorcal Scríbhneoireachta Ghaoth Dobhair. Ina gcuideachta sa phictiúr tá an scríbhneoir, Antain Mac Lochlainn a rinne an seoladh agus an scríbhneoir agus an stiúrthóir, Eoghan Mac Giolla Bhríde. [PIC: TOMÁS Ó CUIRREÁIN]



Coiste 'Gaeilgeoiri Cois Laoi' ag ócáid speisialta in Óstán an Clarion, Corcaigh ag bronnadh seice ar Lisa Ní Dhonnabháin ón ISPCA - airgead a bhailigh an Grúpa seo i gCrannchur a d'eagraigh siad i rith Sheachtain na Gaeilge 2012

NUAHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUAHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua ar oscailt

Katie McGreal

D'OSCAIL Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua ar an Luan seo caite agus bhog Naíonra Mhic Dara isteach ann ar an lá céanna.

Beidh naíolann ag tosú san ionad i mí na Bealtaine agus ag tús na scoilbhliana nua cuirfear seirbhísí iarscoile ar fáil do dhaltai an cheantair.

Deir Mairéad Mac Con Iomaire, Bainisteoir Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, atá ag bainistiú an ionaid nua, nach n-osclofar an



Cúram Leanaí na Ceathrún Rua

naíolann go dtí an mhí seo chugainn toisc go mbeadh an iomarca ag tarlú ag aon am amháin dá n-osclofaí anois é.

Tá dhá sheomra mhóra ar fáil don naíonra san ionad nua agus is féidir leo glacadh le 40 páiste, an méid céanna páistí atá acu faoi láthair. Beidh an t-ionad nua ar oscailt ar feadh 3 huaire gach maidin ó Luan go hAoine.

Tá spás do 33 páiste eile san ionad, idir naíolann agus seirbhísí iarscoile le seomra amháin do pháistí an-bheaga agus seomra eile do pháistí níos mó. Tá cistin ann freisin. “Táimid ag freastail ar riachtanais pháistí an ceantair,” a deir Mac Con Iomaire, a bhfuil fíor-áthas uirthi go bhfuil Comhar Naíonraí na Gaeltachta lárnach sa tseirbhís.

Thosaigh obair ar an ionad nua thart ar dá bhliain ó shin agus fuair eadar maoiniú ó Roinn na Gaeltachta.

Maigh Eo

Gaeilge san Eachléim

Katie McGreal

BEIDH neart imeachtaí Gaeilge ar siúl i gceantar na hEachléime i Maigh Eo go luath.

Oscloídh naíonra nua ann i Meán Fómhair

2012 agus tá fáilte roimh pháistí ó dhá bhliain d'aois suas go dtí 5 bliana d'aois. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó 086 8626038 nó 097 85939.

Beidh Ranganna sa Ghaeilge Ghairmiúil ar siúl in Ionad Teanga na hEachléime go luath agus tosóidh grúpa tuismitheoirí, naíonáin agus páistí beaga san Ionad freisin.

Tá an grúpa oiriúnach d'éinne atá ag lorg bealaí taitneamhacha chun an Ghaeilge a labhairt lena bpáistí. Tá Halla Naomh Breandáin ar oscailt arís do ghrúpaí spórt agus eile freisin. Tá tuilleadh eolais faoi na himeachtaí sin ar fáil ó 097 85727.

Post ar fáil i gCathair na Mart

Katie McGreal

TÁ Gnó Mhaigh Eo, an eagraíocht Ghaeilge i gCathair na Mart, ag lorg oifigeach forbartha.

Beidh an duine a cheapfar freagrach as

caidreamh leis na meáin chumarsáide agus leis an lucht gnó chomh maith le heagraíochtaí fiontraíochta a chur ar bun agus a chur chun cinn, suíomh Idirlín na heagraíochta a choinneal suas chun dáta agus freisin beidh ar an t-sin neart tionscadail éagsúla a bhainistiú

Beidh cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agus taithí chuí i gcúrsaí cumarsáide, caidrimh phoiblí, margaíochta nó gnó ag an duine a cheapfar, chomh maith le sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa, agus tá scileanna riaracháin, ríomhaireachta agus tuiscint ar chúrsaí teanga agus gnó ag teastáil freisin.

Post lánaimseartha é seo agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó oifigi Ghnó Mhaigh Eo ag eolas@gnomhaigheo.ie nó 098 26555.

Iarrtar ar éinne a bhfuil suim acu sa phost seo, litir iarratais agus CV a sheoladh chuig eolas@gnomhaigheo.ie nó sa phost go dtí Gnó Mhaigh Eo, 1 Sráid an Droichid, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, roimh 1in, Dé Máirt, 8 Bealtaine.

Tugann Gnó Mhaigh Eo tacaíocht don earnáil ghnó i Maigh Eo chun an Ghaeilge a úsáid mar acmhainn fhiúntach agus bhrabúsach a chruthóidh leas inmharthana go fadtéarmach.

Folúntas

Folúntas

Oifigeach Forbartha



Tá folúntas ag Gnó Mhaigh Eo do dhuine cruthaitheach, réamhghníomhach agus cumasach chun tionscadail a fhorbairt agus le tabhairt faoi chlár gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí agus margaíochta chun tacaíocht a thabhairt agus cur le príomhfheidhm na heagraíochta.

Beidh an tOifigeach Forbartha freagrach as:

- Caidreamh leis na meáin cumarsáide, an lucht gnó agus eagraíochtaí fiontraíochta a chur ar bun agus a chur chun cinn
- Suíomh Idirlín 'Gnó Mhaigh Eo' a fhorbairt agus a choinneáil suas chun dáta
- Bainistiú Tionscadail; iad a chur ar bun, a chur i gcrích agus a chur chun cinn

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine leis na buncháilíochtaí seo a leanas:

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agus taithí chuí i gcúrsaí cumarsáide, caidrimh phoiblí, margaíochta nó gnó
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa
- Sárscileanna riaracháin, ríomhaireachta agus tuiscint ar chúrsaí teanga agus gnó

Tuarastal: Idir €21,229 – €35,729, ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí. Is post lánaimseartha é seo. Tá tuilleadh eolais le fáil ar iarratas.

Seol CV agus litir chumhdaigh, roimh 1.00 i.n. Dé Máirt 8ú Bealtaine chuig: eolas@gnomhaigheo.ie nó chuig Gnó Mhaigh Eo, 1 Sráid an Droichid, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo.

Is é an misean atá ag Gnó Mhaigh Eo ná tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don earnáil ghnó i Maigh Eo chun an Ghaeilge a úsáid mar acmhainn fhiúntach agus bhrabúsach a chruthóidh leas inmharthana go fadtéarmach. Is fostóir comhionannas deiseanna é Gnó Mhaigh Eo.

Tá Gnó Mhaigh Eo maoinithe ag:



An Roinn
Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht



Aibhinn Ní Shuilleabháin agus a hathar Art ag Comórtas Filíochta Uí Néill. Bhí an comórtas ar siúl i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite.

Cois Fharraige

Tuilleadh fianaise curtha ar fáil
ag tacú le calafort Ros an Mhíl

Máirtín Ó Catháin

TÁTHAR ag súil anois go mbeidh fáil i mí Meitheamh ar an tuarascáil chríochnúil ó chomhlacht H.R. Wallingford faoin mbuntáiste a bhainfeadh le tuilleadh forbartha ar Chalafort Ros an Mhíl.

Comhlacht Sasanach é seo a bhfuil cáil idirnáisiúnta ar a chuid scile i gcúrsaí na mara.

Coiste Tacaíochta Chalafort Ros an Mhíl a d'iarr ar H.R. Wallinford an staidéar a dhéanamh; tá Údarás na Gaeltachta ag tabhairt lámh chúnta do Choiste Tacaíochta an Chalafóirt le costas an staidéir a íoc.

Idir an dá linn, tá Coiste Tacaíochta an Chalafóirt tar héis aighneacht a chuir chuig Foras na Mara ina moltar gur cheart don Stát an t-airgead a chur ar fáil le tuilleadh forbartha a dhéanamh i Ros an Mhíl.

Thapaigh Coiste Tacaíochta an Chalafóirt an deis a tugadh le go ndéanadh dreamanna a bhfuil baint acu le cúrsaí na mara cur síos



Cuan Ros an Mhíl

ar na buntáistí atá ag baint leis. 'Ocean Wealth' atá tugtha ar an bpróiseas seo.

Tá cead pleanála ar fáil le 200 méadar a chur leis an gcalafort agus domhain 12 mhéadar a bheith

ansin ar an taoille íseal.

Cuireadh in iúil freisin go bhfuil laghdú ar an líon bád iascaigh atá ag teacht le caladh i Ros an Mhíl le blianta beaga anuas de bharr athruithe i dtionscail na mara.

Tháinig báid níos mó isteach sa gcabhlach iascaigh de bharr an chláir fhorbartha do bháid iasc geal roinnt blianta ó shin. Níl cuid acu sin in ann a theacht isteach scaití, ag braith ar an taoille.

Níl cead ag báid atá níos mó ná 100 troigh ar fhad a theacht isteach ar chor ar bith mar nach bhfuil an áit sách domhain dóibh.

Luaitear sna haighneachtaí freisin go dteastódh forbairt i Ros an Mhíl le freastal ar an bhfeilm éisc atá ar intinn ag Bord Iascaigh Mhara amach ó Inis Oírr; níl dóthain áiseanna i Ros an Mhíl faoi láthair lena aghaidh sin a dúradh.

Ó thaobh paisinéirí de, deirtear go bhfuil an ceathrú líon is mo daoine sa tír ag úsáid chalafort Ros an Mhíl - 350,000 duine a théann isteach agus amach as Árainn ar bháid Ros a Mhíl, a dúradh.

Míníodh san aighneacht go bhféadfaí an obair dhomhain mhara agus an síneadh ar an gcalafort a dhéanamh ar chostas €20m agus go bhféadfaí é a dhéanamh ina chéimeanna thar thréimhse 4 bliana.

Iorras Aithneach

Feamainn don tSín ach ceist cladaigh sa mbaile

Máirtín Ó Catháin

MARGADH maith ach feamainn mhaith dá réir, is cosúil gurb shin é an port anois ag comhlacht Arramara Teo.

Beidh ar lucht bainte feamainne a mbeidh fás maith inti a sholáthar chuig an mhonarcha agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair a theacht uirthi sin.

Tá gaisce déanta ag an gcomhlacht agus ag an mbainisteoir margáíochta, Nóirín Bhreathnach, agus margáí nua a fháil sa tSín.

Beidh an chéad ualach as an monarcha i gCill Chiaráin ag dul don tSín an mhí seo. Cuireadh snaidhm ar an socrú seo nuair a chuaigh Nóirín Bhreathnach don tSín le gairid i gcuideachta na toscaireachta de lucht gnó na tíre seo a bhí in éineacht leis an Taoiseach agus an tAire Jabanna.

Tá scór tonna d'fheamainn mheilte sa gcéad ualach atá ag dul anonn cé go bhféadfadh a thrí oiread sin sa mí a bheith ag dul don tSín amach anseo.

Ach tá sé ina choimhlint ghéar ar mhargadh na Síne agus ar mhargáí eile agus tá lucht bainte feamainne ag fáil scéalta ó Arramara Teo go gcaithfear ábhar maith a chur isteach.

Tá an riail go mbeadh roinnt



mhaith blianta fáis déanta ag an bhfeamainn ar an gcoinníoll is con-spóidí acu sin.

Chuaigh cuimse fear i gConamara agus ar chósta Mhaigh Eo freisin chun cladaigh ó tháinig an lagachan mór ar thionscail na tógála. Tá píosaí mór cladaigh bánaithe in áiteacha - sin nó é taobh le fás cúpla bliain.

Níl Arramara ag iarraidh feamainn ghearr trí bliana feasta; b'f-

hearr leo go mbeadh 7 mbliana fáis inti, nó gar dó. Ní bhíonn mórán téagair san feamainn nuafhásta nuair a thriomaítear agus nuair a mheiltéar í agus ní bhíonn caighdeán maith san ábhar.

Anseo atá an buille. Tá feamainn fhada, théagartha in áiteacha sa gcladach nár baineadh le fada. Ach tá traidisiún ann leis na céadta bliain go bhfuil ceart bainte ag daoine áirithe a bhfuil gabhálaí thalúna

acu sna bailte fearainne atá ag rith leis an gcladach. Seo ábhar an-chonspóideach. Leis an ábhar seo a bhaineann an sean-nath cainte "Spiteanna feamainne" atá i gConamara.

Cé gurb é an scéala oifigiúil gur leis an Stát achmhainní an chladaigh ón snátha mara síos - tá traidisiún stairiúla ann go bhfuil teorainneacha idir na píosaí feamainne agus go bhfuil forlámhas ag duine ar an bhfeamainn sa gcuid den chladach a bhaineann leis féin.

De réir an traidisiúin níl sé de chead ag duine eile an feamainn sin a bhaint - gan cead an úinéara. Tá cearta feamainne traidisiúnta díolta ag roinnt daoine i gConamara le scaitheamh de bhlianta; tuairim €10 an tonna a bhíonn i gceist. Socruithe neamhoifigiúla iad seo.

Tiocfadh an cheist seo faoi stádas na teorainneacha chun cinn ach a mbeidh ar lucht bainte a dhul sa tóir ar feamainn níos faide agus níos téagartha - agus ar chaighdeán níos fearr.

Tá margáintíocht ar bun faoi láthair faoi dhíol Arramara Teo féin - is le hÚdarás na Gaeltachta an comhlacht anois - agus d'fhéadfadh an cheist seo faoi chaighdeán mhaith agus faoi teorainneacha cladaigh a bheith ina hábhar casta sula mbeidh deireadh ráite.

LAIGHIN
NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Cúrsaí
Chonradh na
Gaeilge le tosú

CUIRFEAR tús le téarma deich seachtainí de ranganna oíche Chonradh na Gaeilge i 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath ón 24 - 26 Aibreán. Rang dhá uair a chloig ó 7.00 - 9.00in, oíche amháin in aghaidh na seachtaine, atá i gceist agus tá rogha idir naoi leibhéal éagsúla ar fáil oíche Mháirt, Chéadaoin nó Dhéardaoin.

Tá praghas €180 ar 20 uair tea-gaisc agus tá lascainí ar fáil do dhaoine dífhostaithe nó ar phin-sean, do mhic léinn agus d'iarscoláirí.

Freastalaíonn na cúrsaí ar leibhéal éagsúla - idir ghhlantosaitheoirí agus chainteoirí líofa. Tá dianchúrsa lae don iarchéim bhunmhúinteoireachta á eagrú ag Conradh na Gaeilge ar an 28 Aibreán 2012 le cabhair a thabhairt do dhaoine atá ag tabhairt faoin agallamh Gaeilge atá mar chuid den phróiseas iarratais. Tá praghas €100 ar an gcúrsa sin. Deir Brenda Ní Ghairbhí, Feidhmeannach Forbartha agus Oifige Chonradh na Gaeilge: "Tá aiseolas iontach faighte againn maidir lenár ranganna oíche do dhaoine fásta, agus i dtaobh an chúrsa lae don agallamh bunmhúinteoireachta chomh maith; cothaíonn cúrsaí Chonradh na Gaeilge muinín na mac léinn sa chumas labhartha Gaeilge s'acu féin, agus cabhraíonn siad go mór leo chun cur lena stór focal."

Bíonn deis ag scoláirí scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) a dhéanamh, arna réachtáil ag OÉ Má Nuad, más spéis leo cáilíocht idirnáisiúnta sa Ghaeilge a bhaint amach.

Comhdháil
ar fhiacha
pearsanta

BEIDH comhdháil faoi dhócmhainneacht phearsanta (personal insolvency) in Éirinn ar siúl i mBaile Átha Cliath amárach.

Is é teideal na comhdhála ná “Reachtaíocht do dhócmhainneacht phearsanta in Éirinn: Dul chun cinn idirnáisiúnta agus saincheisteanna intíre”.

Beidh aoichainteoirí as Éirinn, SAM, an Iorua agus an Ghréig ag plé na n-athruithe atá beartaithe do dhlíthe fiachais na tíre i gcomhthéacs dlíthiúil, airgeadais, eacnamaíochta agus sóisialta.

Oslóidh an tAire Coimirce Sóisialaí, Joan Bruton, an chomhdháil, a bheas ar siúl ó 8.30rn - 4.00in in Óstán an Radisson Blu, Lána an Óir, Baile Átha Cliath 8, taobh thiar de Chaisleán Bhaile Átha Cliath.

Tá an chomhdháil á eagrú ag FLAC (Free Legal Advice Centres).

“Deis fhíorannamh í seo chun imscrúdú a dhéanamh ar aistriú staid fiachas pearsanta muintir na tíre seo,” arsa Fiona Nic Fhinn ón eagraíocht.

“Is céim mór é chomh maith d’fhorbairt pholaitiúil, eacnamaíoch agus dhlí na hEorpa.

“Tá an comhdháil spreagtha mar gheall ar an dréachtscéim dhócmhainneachta pearsanta a foilsíodh le déanaí chun ollchóiriú a dhéanamh ar dlíthe ársa na hÉireann a bhaineann le dócmhainneacht phearsanta agus roimh fhoilsiú an Bille atá geallta do dheireadh mhí Aibreán.

“Beimid ag ceistiú an bhfuil Éire ar tí géarchéim i bhfiachas pearsanta a réiteach agus cad is féidir linn a fhoghlaim ó dhlínsí eile. Chomh maith leis sin, beimid ag nochtú scéalta maidir le fiachas morgáiste agus na féidearthachtaí atá ann chun fiachais phearsanta a dhíscríobh.”

Gradam Sheachtain na Gaeilge do bhunaitheoir Rith

Colm Ó Broin

BRONNADH Gradam Sheachtain na Gaeilge de chuid Chlub an Chonartha ar bhunaitheoir Rith, Daithí de Faoite, Dé Sathairn seo caite.

Chuir de Faoite tús le Rith in 2010 agus réachtáladh an imeacht arís i mbliana. Ghlac 20,000 duine páirt ann in 2010 agus 27,000 i mbliana. Chaith sé bliain ina chónaí i dTír na

mBascach áit a bhfaca sé an Korrika, rás sealaíochta ar son na Bascaise ina mbíonn na céadta mílte páirteach.

Nuair a d’fhill sé ar Éireann bheartaigh sé imeacht dá macasamhail a eagrú.

“Bronntar an gradam ar dhuine atá tar éis go leor a dhéanamh ar son na Gaeilge le roinnt blianta anuas agus is cinnte go bhfuil sé sin déanta ag Daithí,” arsa Brenda Ní Ghairb-

hí, Bainisteoir Gníomhach Sheachtain na Gaeilge.

“Tá an t-uafás oibre déanta ag Daithí le Rith agus is iontach an ócáid í. Mar aon leis an gcoiste tá thart ar 100 duine ag obair go deonach le Rith agus is de bharr na hoibre a rinne Daithí atá sé seo ag tarlú.

“Tá Rith tar éis go leor spreagtha a thabairt do dhaoine timpeall na tíre. Theastaigh ó Dhaití go mbeadh an

Ghaeilge le feiceáil ar bhóithre na tíre agus go bhfeicfeadh daoine go bhfuil go leor tacaíochta ann don Ghaeilge i measc an phobail agus tá sé tar éis é sin a dhéanamh.”

Bronnadh an Gradam air ag ócáid i gClub an Chonartha i mBaile Átha Cliath ar an Satharn. Tá Daithí mar bhall de Sult na Sollán chomh maith, grúpa pobail a chuireann an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach chun cinn i dtuaisceart Chill Dara.

BÁC

Siansa Gael Linn 2012

Katie McGreal

BEIDH craobhchomórtas Siansa Gael Linn 2012 ar siúl ar an Domhnach seo chugainn, 29 Aibreán ag 7.30in sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.

Beidh ocht ngrúpa ceoil agus amhránaíochta traidisiúnta ag casadh agus ag seinm ar an oíche. Beidh ‘Teaspach’ ón Scoil Ghraiméir, Sligeach, ‘Réaltaí’ ó Scoil Mhuire agus Pádraig, Béal Átha na Muike, Co. Mhaigh Eo i láthair, chomh maith leis an ngrúpa ‘Macalla’ ó Chora Fnne, Contae na Gaillimhe, ‘SeaNua’ ón Trá Mhór, Contae Phort Láirge, ‘Frioscaí’ ó Ráth Éanna i mBaile Átha Cliath, ‘Fioscadh’ ón

Ard Aidhin, Baile Átha Cliath, ‘Geasa’ ón Aonach, Contae Thio-braid Árann agus ‘Na Fataí Fánacha’ ó Choláistí Eoin agus Íosagáin i mBaile Átha Cliath. Beidh meascán d’amhráin Bhéarla agus Ghaeilge le cloisteáil ar an oíche.

D’éirigh leis na grúpaí seo an chraobh a bhaint amach tar éis a

theacht trí na réamhbhabhtai.

Beidh Breannán Ó Beaglaioich, Síle Denvir agus Ciarán Ó Maonaigh ina moltóirí. Bronnfar trófaí Ghael Linn agus €2,500 ar an ngrúpa a bhainfidh amach an chéad áit, gheobhaidh an dara háit €1,250 agus an tríú háit €750, agus bronnfar duais chuimhneacháin ar na

ceoltóirí uile a bheidh páirteach sa Chraobh Craolfar an comórtas beo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus cuirfidh láithreoir an stáisiúin, Aine Hensey an ócáid i láthair.

Tá ticéid ar fáil ón gCeoláras Náisiúnta ag 01 4170000 ar chostas €12 do dhaoine fásta agus €6 do dhaltaí scoile.



Comóradh 75 Bliain phobal Laimbé na Mí

Colm Ó Broin

BEIDH ócáid cheiliúrtha ag pobal Laimbé na Mí i Ráth Chairn an deireadh seachtaine beag seo. Baile fearainn atá suite taobh le Ráth Chairn is ea Laimbé agus tá pobal Gaeltachta ann le 75 bliain anois. Bhog teachlaigh ó Chonamara go Ráth Chairn in 1935 ach bhog 13 teachlach eile go Laimbé in 1937 toisc nach raibh tithe tógtha dóibh go dtí sin.

Roghnaíodh na teachlaigh bá dhíograisí chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Ghaeltacht. Oifigeach ón gCoimisiún Talamhaíochta a chuaigh timpeall Chonamara ar a rothar chun na teachlaigh seo a roghnú. Tugadh 22 acra, dhá bhó, capall agus cairt, ál sicíní, cearc agus coileach do gach teachlach.

“Tá muid 75 bliain ar an bhfód agus tá bóthar breá bríomhar againn le cúig theach is fiche,” arsa Bríd Ní Chofaigh ó Chomharchumann Ráth Chairn.

“Tá an daonra ag fás agus muid ar an gceathrú glúin agus teachlaigh nua ag cur fúthu san áit. Is iad na teachlaigh nua seo, chomh maith leis an gcéad trí theachlach déag a tháinig aniar in 1937 todhchaí Laim-



bé.”

Tá deireadh seachtaine mór eagraithe don chomóradh 75 bliain agus tosóidh an ceiliúradh san oíche Dé hAoine le hoíche cheoil. Ansin, beidh dinnéar in Áras Pobail Ráth Chairn san oíche Dé Sathairn agus ar an Domhnach beidh aifreann speisialta á cheiliúradh. Ina dhiaidh sin beidh tóraíocht taisce ar siúl chomh maith le péinteáil éadan, BBQ, tine chnámh agus imeachtaí eile.

“Tá 75 bliain curtha dhinn anois agus tá an Ghaeilge, an cultúr agus na seantraidisiúin an-láidir anseo againn i gcónaí,” arsa Bríd. “Tá muid ag súil go mór leis an deireadh seachtaine ag ceiliúradh an 75 bliain atá caite againn ag cur na Gaeilge chun cinn anseo i mbaile Laimbé, i gContae na Mí.”

Comhdháil

Craobh na hÉireann den Chomhdháil Cheilteach

WWW.CCheilteach.ie

19 Aibreán 2012 20:00

Oíche Bhriotánach, Albanach + Éireannach

Foras na Gaeilge
7 Cearnóg Mhuirfeann
Baile Átha Cliath 2

(Saor in aisce)

Comhdháil Cheilteach Idirnáisiúnta

23-28 Iúil 2012

Guingamp, An Bhriotán

tuilleadh eolais
CCheilteach.ie

BreizhEire
Bretons In Ireland

Ceoltoirí

An Bhriotán <i>Breizheire</i>	Éire <i>Fionn Morrison</i> <i>Conor Leavy</i> <i>Phil Denmead</i>
Alba <i>Emma Leitch</i>	

Beidh Emma Leitch as Albain atá mar aoi ag Feis na nGael agus a bheidh ag freastal ar an oíche 19/04

Ionad Buail Isteach na Gaeilge 20/4

agus

Sean Nós Cois Life 20,21,22 /04

Tuilleadh eolais

CCheilteach.ie
Breizheire.com
FeisNanGael.com
Seannos.ie

Culture Ireland
Cultúr Éireann

Colmille
ÉIRINN IS AIBIA

FeisnanGael.com

I gcomh ar leis an Chomhdháil Cheilteach Club an Ghóilín, Sean Nós Cois Life, An tIonad Buail Isteach agus Breizheire.
Le cabhair airgeadais ó Colmille agus Cultúr Éireann



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Filí tagtha le chéile
ar an mBuailtín

MÁ bhí beagán d’fhuacht an gheimhridh ag cogaint na ciorach ag teacht le chéile na bhfilí i ‘Siar Ó Thuaidh’ i dtábhairne Uí Chatháin i gCorca Dhuibhne ar an gCéadaoin seo caite, ba ghearr gur théigh dánta líonmhara gach a raibh i láthair.

Bhí eagraí ‘Aos Cró,’ Simon Ó Faoláin an-sásta go raibh an fear ildánach, Pádraig Ó Snodaigh,

ar an bhfód le cuid dá dhánta a aithris. Bhí ionadh ar chuid acu siúd, má bhíodar dáiríre, go raibh oiread leabhar breactha ag Pádraig, ach dúirt sé go gealgháireach dá mbeadh na leabhra ceannaithe acu ná beadh aon ionadh orthu.

Is é an nós atá réitithe ag an bhFaolánach ná go léann aoi na hoíche raiste dá dhánta.

Ansan aithrisíonn Simon dán nó dhó agus bíonn neart ag aon duine a bhíonn i láthair dán dá gcuid féin nó dán le file gur mór acu é a aithris sula gcuireann an t-aoi críoch leis na dánta.

Orthu siúd a bhí i láthair, bhí na filí Darina Ní Chinnéide, Caití de Bhealdún, Louis Ó Maolchatha, Dónal Ó Bric, Cathal Póirtéir agus Peadar Ó hUallaigh. Ba iad na leabhra a d’aithris Pádraig Ó Snodaigh dánta astu ná, Len, Cúmha agus Comhlúadar, Carú, agus ó Pharnell go Queenie.

Aithrisíodh dán molta fén Snodach, as a bhfuil curtha i gcrích aige i réimse na foilsitheoireachta, na Staire, na filíochta, a cheannródaíocht i gcúis na Gaeilge agus a thuiscint agus a thacaíocht do chúrsaí ealaíon agus seandálaíochta.

Ar na leabhra a luadh a scrígh sé, bhí ‘Baile ‘n Fhirtéaraigh 1916’ cúntas ar na hÓglaigh a shiúil go Trá Lí ó Pharóiste an Fhirtéaraigh sa bhliain 1916 le bualadh le Mac Easmainn agus Hidden Ulster.

Conair an Eolais

TAMALL ó shin, tháinig scata acu siúd atá bain-teach le cúrsaí ealaíon agus go speisialta an dealbhadóireacht le chéile fé scáth Mhúsaem Chorca Dhuibhne le liosta do dheilbh shuaithin-

An Ghaeltacht Buacach!

Breandán Mac Gearailt

CÉ ná raibh aon ghol ná gíoscán fiacra i gCiarraí tar éis do Chiarraí cluiche leathcheannais na sraithe a chailliúint go liobarnach leibideach in aghaidh Mhaigh Eo, bhí sinsir na Gaeltachta ar bhóthar na maitheasa.

Bhuadar gan mórán stró ar Naomh Pádraig Chathair Uí Mhóráin ar an Satharn seo caite 2-13 v 1-11.

Cé go raibh triúr imreoirí, ag áireamh an captaein, Cathal Ó Lúing ó Fhionn Trá, ar fhoireann mhionúir Chiarraí in aghaidh fhoireann Thiobraid Árann bhí na Tio-bradaigh rómhaith dóibh.

Bhí naonúr d’fhoireann bhuacach na bliana seo caite ag Tiobraid Árann, ach dar le ball de bhainistíocht fhoireann na Gaeltachta, ní raibh oiread eatarthu, seacht gcúilín, agus a léirigh an scór.

“Ba léir go raibh easpa taithí ar a chéile ag na Ciarraigh,” a dúirt sé, agus bheadh súil acu nach é seo deireadh an scéil.

“Beam in aghaidh Phort Láirge ar an Máirt.

“Tuigean tú,” ar sé “go bhfuil ‘an doras tiar[iata] i gcomórtas na mionúr chomh maith.”

Go dtí seo bhuaigh an Clár go tubaisteach ar Phort Láirge agus Corcaigh mar an gcéanna ar Luimneach.

San ráite, is dócha nach é deireadh fós é acu é ach ní raibh tús maith acu.

Níl aon teora le muinín. Thagair sé ansan don gcluiche baile ar an Satharn seo chugainn, cluiche go bhfuil súil anáirde ag lucht tacaíochta na foirne iad a bheith ádhmhar.

Beidh sinsir na Gaeltachta ag imirt in aghaidh Phiarsaigh na Dromaide i bpáirc Ghallaraí i gcluiche ceathrúceannais Idirmhéanach an chontae.

Cinnté, tá sé go láidir sa cheann ag muin-tir seo na Gaeltachta go mbeidh ar a gcumas, “má bhíonn aon rúinne den adh linn,” ar sé, an lá a bhreith leo in aghaidh a gcairde ó Uíbh Ráthach.

Ní aon dáiríre na Dromadaigh agus má bhíonn Deaglán Ó Súilleabháin i mbarr a láine beidh sé deacair an bhearna a bhaint dóibh.

Má mheasann an Ghaeltacht go bhfuil siad ar chonair na haiséirí, beidh ortha an chluiche seo a bhuachaint agus tá buntáiste acu mar go mbeidh an cluiche sa bhaile acu i bpáirc Ghallaraí.

seachta i nGaeltacht Chorca Dhuibhne a aithint. Tá a saothar críochnaithe acu agus tá leabhrán snasta dár teideal, Conair Dhealbhadóireachta Iarthar Duibhneach, Scéal ár Sinsear, foilsithe fé choimirce Mhúsaem Chorca Dhuibhne.

Tá seacht gcinn déag luaite ar fad. Tá pic-tiúir agus cúntas ar gach ceann acu seo.

Seo samplaí atá ar an gconair, An Mháthair agus an Leanbh, déanta as aolchloch ag an ndéalbhadóir Billy Leen 2009; An Teanga Bheo, le Róisín de Buitléar agus Maree Hensey déanta as chruach agus coincreít; Cathal Ó hEocha, as créúmha déanta ag Nichola Kyle

agus urraithe ag iascairí an Daingin, 2005; Dún an Óir déanta as aolchloch ag Clíodhna Cussen 1980; Naomh Bréanann, Créúmha agus Gaíneamhchloch le Clíodhna Cussen ag Béal An Chuasa, áit a maítear gur sheol Naomh Breandán as agus ina dhiaidh sin, in 1975, Tim Severin; Tigh Dhónail Rua déanta as gaíneamhchloch i mbrollach Chnoc Bréanainn, le Caoimhghín Ó Froithile agus Naomh Proinsias agus na hÉanlaith, déanta as seiceamar ag Caoimhghín chomh maith agus atá lonnaithe i bpóirse sheipéal Mhuire, an Daingin; Tomás Ó Cíomhthain déanta as aolchloch ag Michael Quane 1993 in aice le



Ailbhe Ní Ghearbhuigh ag glacadh le Corn Uí Néill Ó Uachtarán na Comhdhála, Pádraig Mac Fhearghusa ag Comórtas Filíochta Uí Néill i mBaile Átha Cliath Déardaoin seo caite. Thug Ailbhe léi Corn Uí Néill leis an dán ‘Deireadh na Feide’.

Tá folúntas ag Coláiste Íde do Bhainisteoir Ginearálta

‘Sé Coláiste Íde an t-aon mheánscoil cónaithe lán-Ghaelach do chailíní sa tír. I láthair na huaire tá 135 dalta ag freastal ar an gColáiste.

www.colaisteide.com

Riachtanach don phost seo tá:

- Gaeilge líofa (labhartha agus scríofa).
- Cumas maith Bainistíochta & Cruthaitheachta.
- Scileanna cumarsáide.
- Bainistiú ar ghnó an Choláiste agus gach a leanann é ó lá go lá.
- A bheith freagrach don mBord.

Pléifear tuarastal níos déanaí.

Seol litir iarratais agus c.v chuig:
An Rúnaí,
Cairde Choláiste Íde Teo.,
Baile an Ghóilín,
Daingean Uí Chúis,
Co. Chiarraí.

Roimh 5:00 i.n. ar an Aoine 11 Bealtaine 2012 agus marcáil an clúdach ‘Príobháideach’ le do thoil.



Jonky O’Leary as Corcaigh i mbun agóide i nGaillimh ag Ard Fheis an Lucht Oibre ag an deireadh seachtaine. [PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

hIonad an Bhlascaoid; Clog Gréine ón 8ú- 9ú aois, déanta as gaineamhchloch i Reilig Chill Mhaoilcéadair; Micksey ar Bhóthar Bhaile an Rannaigh ag Adrian Heslin déanta as ábhar athchúrsáilte agus lonnaithe i ngairdín Thig Bhric ar an Riasc; Cloch Crosghreanta ón 6ú aois atá sa Mhúsaem ar an mBuailtín agus a fuairleadh le linn thochailt seandálaíochta ar an Riaisc, Dealbh Créumha, Deilf, a bhronn James ’The Bud’ Bottoms, dealbhadóir ó Santa Barbara California ar an nDaingean mar bhronntanas mílaoise 2000 tráth go raibh an Daingean agus Santa Barbara comhcheangailte agus Astrolabe déanta as ghaineamhchloch le Clíodhna Cussen i gcuimhne na mbád d’Arma-da na Spáinne a báthadh i mBealach an Bhlas-caoid sa bhliain 1588. Nuair a bheir ar an gconair chífir na cinn ná fuil luaite. Dála an scéil, cuireadh ar mo shúile dom gur ón tSín ar

airgead beag, an dealbh coincréite de bheirt sheanóirí atá lonnaithe treasna an bhóthair ón Ospidéal nua. Ní hé an Taoiseach a thug abhaile leis é, ach Comhairle Contae Chiarraí a cheannaigh.

‘Ré Dhorcha’ na Breataine Bige ar an stáitse sa Daingean

BHÍODAR siúd a bhí i láthair an deireadh seachtaine seo caite i Lab na Mainistreach sa Daingean, atá fé stiúir Áine Moynihan an-tógtha le comhthionscnamh idir aisteoirí ó Chorca Dhuibhne/Éirinn, Albain agus an Bhreatain Bheag. Léiriú ceoil agus drámaíochta úrnua bunaithe ar théamaí ársa, dúradh linn, agus gur cnuasach scéalta ón ‘Ré Dhorcha’ i dtéacs Breatnaise bailithe le chéile ag manaigh ón 10ú agus ón 11ú aois. Ba é Rhiannon Ifans a scríob an bunsaothar. Is iad Mícheál Ó Cinnéide, Catherine Young, ó Albain, agus Anna Robert ón mBreatain Bheag nan trí chúinne Cheilteacha don léiriú seo. Ar na haisteoirí áitiúla, bhí Róisín Ní Chéil-leachair, Martha Ní Raghallaigh, Díbí Ní Bhri-ain, Sorcha Ní Bhruic agus Pádraig Ó hÓgáin. Daoine eile a bhí bainteach leis an léiriú ná Feargal mac Amhlaoibh, aistriúchán agus fógraíocht, Propaí, Billy Mag Fhloinn, Soilsíú Malachaí Mac Amhlaoibh, Gri-anghráfadóireacht, Máire Ní Léime, Bolscaireacht, Aoife Ní Uidhir agus fáiltiú Marion Ní Chearna, ”Thugadar an tseachtain ar fad ag cleach-tadh,” arsa Áine Moynihan, “agus is mór an moladh atá ag dul dóibh.” Bhí an an Lab lán an dá oíche agus bhí gach duine a bhuail liom ann an-tógtha leis an dtaispeántas. Roimhe sin, ar an oíche, bhí ceoltóirí áitiúla fé stiúir Rónáin Uí Shnodaigh i mbun ceoil. Tá sé mhí caite ag Rónán mar chumadóir ceoil sa Lab. Deis ab ea é seo do cheoltóirí a bheith ag foghlaim. Bhí ceardlanna seachtainiúla acu agus tá taifead déanta ag an ngrúpa. Baineadh ardtaitneamh as thoradh oibre Rónáin. Ceann dos na beartais atá ag Áine Moynihan ná an síol a chur san óige, mar sin is minic a fheicfeá an teideal Ann/Óg luaithe leis An Lab. B'iad na ceoltóirí ar an oíche ná Sorcha Ní Bhrian, Ben Janning, Mattie Barker agus Oisín Ó Hartáin.

Gaeilgeoirí Chóbh ag bualadh le chéile

BEIDH an grúpa Gaeilgeoirí Chóbh ag bualadh le chéile uair sa tseachtain idir seo agus deireadh n Bealtaine. Tabharfar deis do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid in Ionad an Phobail i gCóbh, chúile Máirt ó 8.00-9.00in. Beidh thart ar dheichniúr, idir chainteoirí líofa agus daoine le roinnt Gaeilge, ag freastal ar na cruinnithe go dtí seo. “Tá fáilte roimh thosaitheoirí agus déanann muid freastal ar gach leibhéal líofachta,” arsa Tomás Ó Súilleabháin ón ngrúpa. “Tá fáilte roimh dhaoine ó bhailte eile a theacht chomh maith,” ar seisean. Cuireadh tús leis an ngrúpa tar éis don Uasal Ó Súilleabhán fógra a chur ar leathanach Facebook na hirise áitiúil, an Cobh Edition, an mhí seo caite. Níl aon táille ar an doras ach iarrtar ar ran-npháirtithe euro ná dhó a thabhairt chun cabhrú le costas an tseomra in Ionad an Phobail. Tá an grúpa ag beartú teagmháil a dhéanamh le grúpaí Gaeilge eile i gCorcaigh amach anseo. Leanfaidh na himeachtaí go deireadh na Bealtaine agus tosóidh siad arís i mí Meán Fómhair.

Clinic á reáchtáil ag Forbairt Naíonraí Teoranta

Katie McGreal

EAGRÓIDH Forbairt Naíonraí Teoranta (FNT) clinic deiridh na scoilbhliana ar an Déardaoin seo chugainn, 26 Aibreán, in Ionad Spóirt Chumann Lúthchleas Gael, Carraig Dhúin i Mala, Co. Chorcaí. Táthar ag iarraidh deis a thabhairt don fhoireann agus do mhuintir na naíonraí aithne níos fearr a chur ar a chéile agus a chur in iúl dóibh go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh freisin. Beidh muintir FNT ar fáil i ndiaidh am Naíonra, 3.30in go dtí 6.00in, le bualadh le Stiúrthóirí agus coistí Naíonraí. Tabharfaidh siad cuairt ar naíonraí sa

Ollfheirm Gaoithe do Mhaigh Chromtha

Anton Mac Cába

THUG an Bord Pleanála cead do cheann de na feirmeacha gaoithe is mó sa tír ag Carraig an Ghiolla, sa Mhala siar ó dheas ó Mhaigh Chromtha i gCo Corcaí. Leathfaidh an fheirm thar 15 baile fear-ainne. Beidh 26 tuirbín ann agus beidh na tuirbíní 136.5 méadar (beagnach 450 troigh) ar airde san iomlán. Tógfar 15 ciliméadar de bhóithre garbha chun freastal a dhéanamh air. Is síneadh é le feirm gaoithe eile, An Bograch 1. Tá 19 tuirbín sa bhfeirm sin. Ain-neoin gur ceantar measartha iargúlta tuaithe atá i gceist, beidh 80 teach i bhfois-ceacht aon chiliméadar den fheirm. Rinne 31 áitritheoir sa cheantar agóid leis an Bhord Pleanála. Rinne na forbróirí agóid chomh maith: bhí siad ag iarraidh 38 tuirbín a thógáil. Is iad Greenway Renewable Energy agus Coillte na forbróirí. Is iad na stiúrthóirí ar Greenway Renewable Energy ná Veronica agus Michael Murnane. Tá seoladh acu beirt i Miagh Chromtha, Co Corcaí. Tá Michael Murnane ina stiúrthóir ar 47 comh-lacht; tá a bhformhór bainteach le tionscal an fhuinnimh ghaoithe. Tá Veronica Mur-nane ina stiúrthóir ar 14 comhlacht agus arís, tá a bhformhór bainteach le tionscal an fhuinnimh ghaoithe.

cheantar nach mbeidh in ann freastal ar an gclinic ar maidin. Buailfidh siad le coistí cúram leanaí agus déanfaidh siad poiblíocht don eagraíocht agus do naíonraí an cheantair. Fáiltíonn FNT roimh cheisteanna agus aon ábhair plé eile a sheolfar chucu roimh ré, ionas gur féidir leo aiseolas cuí agus cruinn a sholáthar ar an lá. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Clíona Frost ar 086 0403709 nó eolas@naion-rai.ie.

Nótaí na nDéise

CEOL NA nDÉISE

Beidh Ceol na nDéise ag cur sraith de ranganna ceoil eile ar fáil ag do gach éinne ó aois 5 - daoine fásta, ón 20 Aibreán go dtí 15ú lá de Mheitheamh. Tá scéim um uirlisí ar chíos againn agus seans go mbeidh uirlisí ar fáil faoin scéim dóibh siúd nach bhfuil uirlis acu féin. Buíochas d’Údarás na Gaeltacht as ucht a gcuid tacaíochta leis seo. Beidh an campa samhraidh ceoil agus ealaíne, ‘Húlaí Lúnasa’ ar siúl i mbliana ó 7-10 Lúnasa 2012. Beidh sé seo oiriúnach do tho-saitheoirí agus do cheoltóirí ardchéime, le máistir-ranganna ar fáil i neart uirlisí. Tuilleadh eolais faoi na ranganna nó faoi ‘Húlaí Lúnasa’ ar fáil ó Mary Rafferty ar 087-2714671, ceol-nandaise@hotmail.com nó www.ceolnandaise.com. Is fochoiste é Ceol na nDéise de Chomhlucht Forbartha na nDéise agus ba mhaith leo a mbuíochas a chur in iúl do Mary Rafferty as ucht a cuid oibre ar fad ag forbairt ranganna agus imeachtaí ceoil sa cheantar.

BUS BIA

Ghlac breis agus scór duine páirt sa Bhus Bia dátheangach chuig Gaeltacht na nDéise, a bhí eagraithe mar chuid d’Fhéile Bia Phort Láirge. Buíochas mór do muintir Harty ó Fheirm Oisrí na Rinne agus do gach aoinne i nGúudlann na nDéise as ucht fáilte fial flaithiúla a chur roimh an dturas. Tá buíochas speisialta ag dul do Mháire Seo Breathnach a bhí mar stiúrthóir iontach don dturas agus don Phríomhchó-caire, Naoise Ó Cathasaigh, as ucht an taispeántais iontach cócaireachta a rinne sé. Ba ócáid iontach é chun áilleacht, oidhreacht agus tionsclaíocht na háite a thaispeáint. Buíochas d’Fhiona Ní Mhuirithe as ucht a cuid tacaíocht iontach chun na ceardlanna dátheangacha, Cócaireacht le Chéile, a eagrú mar chuid den bhféile.

NAÍONRA AN tSEAN PHOBAIL

Tá clárú ar siúl do Naíonra an tSean Phobail faoi láthair agus is gá go mbeadh ainmneacha istigh roimh dheireadh mhí na Bealtaine. Is gá go mbeadh páistí 2 bhliain agus 9 mí ar a laghad faoi láthair. Tá Naíonra an tSean Phobail suite i Lios

na Sióg. Tá sé maoinithe ag an scéim ECCE, agus bíonn bli-ain réamhscolaíochta saor in aisce ar fáil sa Naíonra faoin scéim seo. Go ginearálta, is gá go mbeadh páistí idir 3 bl agus 2 mhí agus 4 bl 7 mhí ar an 1 Meán Fómhair 2012 chun a theacht faoin scéim don scoilbhliain seo. Cur glaoch ar Mhairéad nó ar Sheosaimhín i Lios na Sióg ar 058-46622 chun tuilleadh eolais a fháil nó chun páiste a chlárú.

DRAMAÍOCHT

Tá sé i gceist grúpa drámaíochta a chur ar bun sa Rinn chun dráma nuachumtha trí Ghaeilge a léiriú an samhradh seo chugainn. Tá aisteoirí ag teastail, idir mhná agus fhir chun an drama a léamh agus dul faoi thriail aisteora. Cuir glaoch ar 087-9170326 chun tuilleadh eolais a fháil.

SPRAOI - PARENT AND TODDLER GROUP

Bíonn an grúpa spraoi do thuismitheoirí agus leanaí ar siúl gach maidin Aoine ó 9.45rn go dtí 11.45rn i Halla Pobail na Rinne.



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Tír Chonaill
Comhlacht
Leitir Ceanainn
le leachtú

Anton Mac Cába

BEIDH cruinniú ann Dé hAoine le leachtaitheoir a ceapadh don chomhlacht Damien McKay i Leitir Ceanainn. Is comhlacht innealtóireachta agus ailtireachta é seo. Bhí suíomh idirlíne iontach snasta ag an chomhlacht agus bhí ríomhleabhar ar fáil ó seo, ‘Build Your Own Dream Home - a Green Home Design Guide’. D’fhógair an suíomh go raibh oifigí ag an chomhlacht i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste.

De réir cuntas a comhdaíodh san Oifig Um Chlárú Cuideachtaí, rinne an comhlacht caillteanas €207,290 sa bhliain go dtí an 31 Márta anuraidh: sin méadú €7,000 sin ón mbliain roimhe. B’iad na stiúrthóirí ar Damien McKay ná Damien agus Elaine McKay, a bhfuil an seoladh céanna i Leitir Ceanainn acu. Tá an lánúin ina stiúrthóirí ar chomhlacht eile, Magni Public Loss Accessors. Tá sin ag feidhmiú go hiomlán.

Tír Eoghain
Toradh an
fhiosrúcháin
ar ‘eachtra
PowerPoint’
le foilsiú

Anton Mac Cába

DÚIRT foinsí san Eaglais Chaitliceach gur dócha go bhfoilséofar toradh an fhiosrúcháin ar shagart pharóiste Chabhán an Chaorthainn i dTír Eoghain faoi dheireadh na seachtaine. Trí seachtainí ó shin thaispeáin an tAthair Martin McVeigh pornagrafaíocht aerach ‘de thimpiste’ do scaifte tuismitheoirí agus aon pháiste amháin a bhí ag

Scolaíocht tras-teorainn ina chnámh spairne

Anton Mac Cába

CHOTHAIGH John O’Dowd, Aire Oideachais an Tuaiscirt, rud beag conspóide nuair a mhol sé gur cheart go mbeadh cead ag páistí dul chuig an scoil is cóngaraí dóibh.

“Níl daoine ag dul ar imirce, tá siad ag dul thar líne ar léarscáil,” ar seisean.

Bhí O’Dowd ag labhairt ag comhdháil bhliantúil Chumann Múinteoirí Éireann.

Dhéanfadh sin cleachtas atá coitianta a rialú. Nuair a bhí an punt Sasanach láidir, d’aistrigh cuid mhór daoine as Cathair Dhoire agus an Srath Bán amach go hoirthear Dún na nGall. Lean a gcuid páistí leo ag dul ar scoil sa Tuaisceart.

Thugtaí ‘grannyng’ ar an chleachtas a tháinig as. Bhíodh seoladh bhall teaghlaigh sa Tuaisceart ag an pháiste, seoladh na seanmháthar den chuid ba mhó.

Is eol dom cás mar nach raibh tuismitheoirí an dalta ábalta a theacht ar sheoladh sa Tuaisceart ach dúirt an scoil go bhfaigheadh siad féin é.

Tá an dá Roinn Oideachais ag plé comhoibrithe cois teorann. Dá bharr, bheadh cleachtas atá anois faoi cheilt dleathach.

Ar ndóigh, bhí siad ann cur ina aghaidh sin, . an tráchtair David Vance ina measc. Dúirt sé nár cheart don cáiniócoir sa Ríocht Aontaithe ‘nationalist idyll’ na dtuismitheoirí a mhaoiniú.

Ní san iarthuaisceart amháin atá sé ar siúl.

Labhair Gaelscéal le tuismitheoir as Béal Cú i bhFear Manach a chuireann a iníon ar scoil ar an Blaic sa Chabhán. (Tá an dá shráidbhaile buailte lena chéile, gan ach abhann eatarthu).

“Bhí muid ag iarraidh go mbeadh Gaeilge aici,” arsa an tuismitheoir. “Leis, bíonn réimse níos leithne ábhair ann.”

Tá roinnt daltaí tuaisceartacha ar Ghaelscoil Eois i gCo Muineachán.

Bhí aitheasc O’Dowd ina ábhar iontais nó nach raibh sé chomh coitianta le tamall de bhlianta dul trasna na teorann don oideachas.

Bhí sé coitianta go maith na blianta ó shin. Bhí Tony McKenna as an Chlochar i dTír Eoghain ina scoláire cónaithe i gColáiste Mhic Carthainn, Muineachán, sna 50idí. Bhí tréan scoláirí as Fear Manach agus Tír Eoghain in éineacht leis. “Bhí suas le 20% as an Tuaisceart ag an am,” ar seisean.

Ba mheánscoil Phrotastúnach é Clones High School, a druideadh sna 60idí.

Nuair a bhí an t-iarTheachta Dála, Seymour Crawford, ina dhalta sna 50idí, b’as an Tuaisceart do ar a laghad 10% de na daltaí.

“Bhí roinnt daltaí ón dTuaisceart in achan rang,” arsa Crawford.

Bhí an 11+ ó thuaidh ina bhuntáiste ag roinnt meánscoileanna Protastúnacha cois teorann. Chuirte páistí, gur theip orthu san 11+, chucu. Chuaigh go leoir as Tír Eoghain agus Fear Manach go dtí anSligo Grammar School.

D’iarradh a dtuismitheoirí ar m’athair cuidiú leo maidir leis an Ghaeilge. Nuair a theip ar chara liom as Lios na gCearrbhach san 11+, ní raibh a mháthair chun é a chur chuig scoil idirmhéanach sa Tuaisceart. Chuir sí chuig an Dundalk Grammar School é sna 50idí.

Bhíodh cuid mhór as Dún na nGall ar Choláiste Choilm i Doire, nuair ba coláiste cónaithe é. Bhí Eamonn McCann ann ag deireadh na 50idí agus tús na 60idí.

“Bhí cuid mhór as Inis Eoghain,” ar seisean. “Ach leis, bhí gasúir lae ag teacht isteach ó Bhaile Suingean agus An Carraigín.”

Bhí sé riamh coitianta ag leibhéal na hollscolaíochta, cé gur thit sin siar go mór ar feadh tamaill. Tá sé ina bhuntáiste anois, nó níl ar mhic léinn ón Tuaisceart táillí a dhíol.

Bhíodh riamh tóir ag daoine ón Tuaisceart ar Choláiste na Tríonóide, ach, ar chúiseanna éagsúla, tá laghdú air sin anois. Bhí 352 ann anuraidh, malairt 635 14 bliain ó shin.

Ar an taobh eile, tá tuaisceartaigh ag tarraingt ar institiúidí eile. Ní bhíodh tuaisceartaigh ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ach tá dhá scór ann anois.

Casadh iar-chime de chuid an UVF orm: bhí áthas orm go ndeachaigh a iníon ó ceantar dílseach i dtuaisceart Bhéal Feirste go dtí an ollscoil ann.

Tá Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan níos lú ná cúig mhíle ón teorann. Tá sé ar a dhícheall le tuaisceartaigh a mhealladh. Bhí 50 ann sa bhliain 2010-11, tá 68 ann sa bhliain reatha.

Dúirt Diarmuid Cahill ón Institiúid go raibh níos mó suime ag mic léinn ón Tuaisceart ann.

“Táimid ag déanamh mar-gaíochta dinn féin do na scoileanna ó thuaidh,” ar seisean.

freastal ar sheisiún eolais faoin Chéad Chomaoineach, le linn taispeántais PowerPoint ar ríomhaire.

Bhí an tAthair McVeigh ag léamh Aifreann le linn na seachtaine, ach ní raibh ar an Domhnach go dtí an tseachtain seo caite.

Níl sé dá léamh in aon chor faoi láthair. Tá fearg ar chuid den phobal faoin méid a tharla. Ar an taobh eile, tá cuid den phobal ag tabhairt

tacaíochta dó go hiomlán, cé go meastar gur mionlach iad sin.

In agallamh leis an Ulster Herald an tseachtain seo caite, dúirt an tAthair McVeigh nach eol dó an dóigh ar cuireadh na híomhanna ar an mhéaróg chuimhne a bhí aige don taispeántas ríomhaireachta.

Ghlaoigh Gaelscéal ar theach an tsagairt Dé Luain, ach ní bhfuairamar freagra ar bith.



Fir Aontroma a ghlac páirt i bhFéile Iomána Cholmcille an tseachtain seo caite san Oileán Sgitheanach. Ó chlé, Colm Ó Duifinn (Baile Raghnaill), Cormac Gaston (Dún Lathaí), Seán Ó Corráin (Naomh Gall), Oisín Mac an Bhio-caire (Ard Eoin), Domhnall Ó Néill (Rossa) Agus chun tosaigh, Éamon Mac Lochlainn (Ard Eoin) agus Ciarán Ó Dochartaigh (Na Sairséalaiigh).

Dianchúrsa agus Éigse Oirghialla dírithe ar chanúint an cheantair

BEIDH Gaeilge le cloisteáil arís faoi choimhead Shliabh gCuilinn agus dianchúrsa Gaeilge ar siúl ag an deireadh seachtaine i ndeisceart Ard Mhacha le béim ar leith ar chanúint Oirghialla.

Beidh Dianchúrsa agus Éigse Oirghialla na Cásca 2012, eagraiste aige Gaeltacht Oirdheisceart Uladh ar siúl san ionad cultúir, Tí Chulainn ar an Mhullach Bán ar an 21 agus 22 mí na Aibreáil.

Cha rud coitianta é go mbíonn cúrsaí fréamhaiste sna canúintí - an bhfeil Gaeltacht Oirdheisceart Uladh ag iarraidh go mbeadh, chan amháin athbheochan na Gaeilge ann, ach athbheochan na canúna í féin ann?

“Leis an fhirinne a dhéanamh, tá muinn,” a deir Cathaoirleach na heagraíochta, Seán Mac Diarmada.

“Is í Gaedhilg Thír Chonaill á teagasc sna scoileanna áitiúla, amhlaidh is dóiche ceann is go bhfeil sí ar an chanúint is eolaí ag múinteoirí na teanga.

“De bharr an eolais atá le fáil ar Ghaedhilg Oirghialla, cén fáth nach bhféadfaimid a haisiompú a dhéanamh agus í a chur i mbéal na múinteoirí a bhíonn os coinne páistí na háite!”

Tá Seán ag súil go mbeidh scaifte mhór i láthair ag an ócáid

“Bhí bláth agus ráth ar na cinn fá dheireadh a cuireadh le fáil i mí Lúnasa agus i mí na Samhna, fuair mé neart tuairiscí molta ar a son.

“Ársaíodh dom go rabh na

deiridh seachtaine sin ar na tréimhsí is fearr a chaith sibh i mbun foghlama na Gaedhilge.

“Beidh ranganna teanga á dteagasc i rith an lae agus craic is ceol ag gabháilt faoi lán tseoil i rith na hoíche.

“I dtaca leis na ranganna, cuirfear béim ar chomhrá na teanga fhéin san bhunranganna agus sna meánranganna íochtaracha agus ag cioradh teanga ár ndúchais do mhúinteoirí na n-ardranganna agus na meánranganna uachtaracha, beidh an bhéim ar seanchanúint Oirghialla - blas na teanga a bhí i mbéal phobal Dheisceart Ard Mhacha agus Thuaisceart Chontae Lú nuair a labhraíodh go coitianta í.”

Tá £25.00 nó €30.00 ar dheireadh seo na seachtaine ach chan iarrtar ach £15.00 nó €20.00 ar daoine nach bhfuil ag obair nó oraibh sin atá ina mic léinn.

Ar son tuilleadh comhairleoirí de chuid Chomhairle an Iúir agus Mhúrn agus Chomhairle Chontae Lú a mhealladh chun na Gaedhilge, ní bheidh ach an luach céanna á iarraidh - £15.00 nó €20.00!

Beidh meán lae (lón) breá ar fáil ar an dá lá, “agus bhuir ndóthain tae san áireamh.”

B’fheadfaí Gaeltacht Oirdheisceart Uladh a fháil ar Facebook.

Seolfar leabhar nua le Ciarán Dunbar, ‘Cnuasach Focal as Oirialla’ ag am lóin Dé Sathairn mar chuid den Éigse.

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.guelsceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

GAEILGE- ARDTEISTIMÉIREACHT 2012 LE MÍCHEÁL Ó RUAIRC

Ceapadóireacht A: An Aiste

Roinnt Leideanna Duit

- Scríobh idir 500 agus 600 focal más féidir leat - nó beagáinín níos mó ná dhá leathanach de ghnáthscríbhneoireacht. Ba cheart béim a chur ar **fhiúntas** seachas ar **fhad** na haiste
- Tabhair tuairim is 90 nóiméad don aiste sa scrúdú.
- Beidh rogha leathan agat - teideal amháin as **naoi gcinn**. (ie. A, B, C, D)
- Beidh **20%** de na marcanna ag dul do na **smaointe** agus **80%** do **chaighdeán na Gaeilge**.
- Cloígh go daingean leis an ábhar. Cailltear an-chuid marcanna as nithe **nach mbaineann le hábhar**.
- Bain úsáid as abairtí gearra simplí agus ní chaillfidh tú mórán marcanna ar chaighdeán na Gaeilge.
- Seachain botúin le 'má', 'dá', 'mura' agus 'is'. Is gá go mbeadh **éagsúlacht briathra** agat san aiste agus bain feidhm as an **gcopail 'is'** ar bhonn rialto, m.s. 'is aoibhinn liom'; 'ba bhreá liom'; 'is cúis mhór imní í an dífhostaíocht' srl
- Ullmhaigh foclóir leathan ar ábhair mar iad seo a leanas: cultúr; an t-aos óg; cúrsaí oideachais; cúrsaí polaitiúla; cogadh agus síocháin; mothúcháin; cúrsaí spóirt; cúrsaí na tíre seo; teanga na Gaeilge; na meáin chumarsáide; cúrsaí teaghlaigh; cúrsaí domhanda; cúrsaí sláinte; cúrsaí teicneolaíochta; an timpeallacht.
- Bíodh struchtúr cinnte san aiste agat, go háirithe san aiste theibí: i.e. Oscailt; Corp; Críoch.

An Oscailt

Déan iarracht oscailt mhaith shuimiúil a bheith agat. Bain úsáid as seanfhocal más féidir leat. Tabhair do chuid tuairimí maidir leis an teideal sa chéad alt. Cuir ceisteanna agus freagair iad tú féin.

Corp na hAiste

Bíodh ceithre nó cúig phointe láidre agat i gcorp na haiste agus bíodh alt nua agat do gach aon phointe acu.

An Chríoch

Déan iarracht críoch láidir a chur leis an aiste. Bíodh achoimre an-ghairid agat anseo ar na pointí a rinne tú i gcorp na haiste. Bí an-chúramach anseo arís maidir le cruinneas do chuid Gaeilge. Bain úsáid as seanfhocal eile má tá ceann agat a oireann don ábhar.

Litríocht Bhreise - An Triail le Máiread Ní Ghráda

Ceist

"Tugtar léargas an-ghéar ar nósanna agus ar thuiscintí phobal na tíre seo sna Seascaidí sa dráma, 'An Triail'.
É sin a phlé.

Freagra

Ba bheag dul chun cinn a bhí déanta i sochaí na hÉireann ag tús na Seascaidí. Bhí na hathruithe in Éirinn go mall ag teacht agus bhí na Seascaidí nach mór caite sara ndeachaigh na hathruithe seo i bhfeidhm. Tá an dráma 'An Triail' suite in Éirinn ag tús na Seascaidí.

Nuair a chuaigh Máire go dtí an rince i dteach na scoile bhí sé soiléir go raibh sí saonta, neamhurchóideach agus gur beag an cur amach atá aici ar chúrsaí an tsaoil agus ar an gcaidreamh a bhíonn idir fir agus mná, ach go háirithe. Bhí athair Mháire caillte agus thit cúram an tí ar fad ar a máthair. Ba bhean righin, údarásach, fimíneach í.

Bhí sí buartha faoi thuairimí na gcomharsan an t-am go léir agus bhí sí an-dian ar a cuid páistí. Bhí an chuid eile dá saoil leagtha amach aici dóibh. Bhí Séan le bheith ina shagart, Liam ina fheirmeoir agus Máire ina bean rialta.

Ba bhean í a raibh creideamh láidir aici ach ba mhór idir creideamh agus Críostaíocht agus ba bheag Críostaíocht a léirigh sí dá hiníon, Máire, nuair a tuigeadh di go raibh sí ag iompar clainne. Chuir sí mallacht uirthi. Ghlaoigh sí striapach uirthi. Thug sí bata agus bóthar di.

Tréigeadh í agus fágadh ina haonar í is gan éinne chun féachaint ina diaidh.

Nuair a chuaigh Máire go Baile Átha Cliath bhí cúrsaí mar an gcéanna. Ní raibh meas ag éinne ar chailíní neamhphósta a bhí ag iompar clainne.

Ba bheag daonnacht a léirigh Áine Ní Bhreasail (an t-oibrí sóisialta) i leith Mháire agus ní raibh sí ró-bháúil dá cruachas.. Ba léir gur sochaí chrua, chaolaigeanta, bhréagchráifeach a bhí i réim in Éirinn ag tús na Seascaidí, go háirithe nuair ba dhilleachtaí agus máithreacha aonair a bhí i gceist sna hinstiúidí Stáit a bhí in ainm is a bheith ag tabhairt aire dóibh.

Bhí sé soiléir freisin nach raibh ceannairí an phobail sásta dul i ngleic leis na fadhbanna seo ná leis an bhfimíneacht a bhain leo.

Mar sin féin léirigh Bainisteoir na monarchan ina raibh Máire ag obair ar feadh tamaill trua di agus chabhraigh sé léi. Thacaigh sé léi nuair nach raibh a muintir féin sásta tacú léi. Mar an gcéanna le Mailí, an striapach, ba í siúd an t-aon duine sa dram a léirigh Críostaíocht agus Caithreachas do Mháire nuair a bhí sí i gcruachas.


Scannal mór ba ea é leanbh a bheith ag cailíní óga neamhphósta sna Seascaidí. Bhí siad ina gcoirpigh i súile an phobail agus rinneadh iad a dhíbirt as a gceantair dhúchais agus iad a ruaigeadh isteach i dtithe tearmainn.

Bhí an bhréagchráifeacht, an fhimíneacht agus an cur-i-gcéill chun tosaigh i measc an phobail i dtaobh cúrsaí moráltachta.

Níor cuireadh puinn den mhilleán ar na fir a bhí ciontach as caidreamh collaí a bheith acu le cailíní óga agus bhí ar a gcumas gach ní a cheilt ar an bpobal áitiúil agus ar údarás an stáit.

Duine de na fir sin ba ea é Pádraig, máistir scoile, buláí agus bréagadóir a bhain leas as foréigean intinne chun smacht a fháil ar intinn Mháire agus chun smacht a choinneáil uirthi.

Tá sé soiléir, mar sin, nach raibh tuiscint ró-mhaith ag pobal na tíre seo ar fhulaingt agus ar chruatan na máithreacha aonair seo sna Seascaidí is go ndearna an córas maireachtála a bhí i bhfeidhm in Éirinn ag an am gach iarracht an fhírinne lom, dhearóil a cheilt ar chách.



Gaelscéal AR SCOIL
www.guelsceal.ie/oideachas

Na bígí gan FORLIONADH oideachais
GAELSCÉAL AN SCOILBHLIAN SEOL
Tá neart ábhair ar fáil atá úsáideach
i ranganna Gaeilge, OSSP, OSPA
agus sa gairmthreorach

Glac síntiús anois trí theagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais ag
caroline.nichuallain@guelsceal.ie /091-897766

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaeilsceal.ie



Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

GAEILGE- TEASTAS SÓISEARACH 2012 LE MÍCHEÁL Ó RUAIRC

Páipéar 1 - ROINN 1V CEAPADÓIREACHT

A: Aiste

'Is breá an rud é a bheith óg sa lá atá inniu ann.'

Níl aon dabht faoi ach gur breá an rud é a bheith óg. Sin a deir gach éinne ar aon nós. Ceapann gach éinne go mbíonn saol an mhada bháin ag na daoine óga. Ní bhíonn fadhb ar bith acu. Ní bhíonn cíós, cás ná cathú orthu. Bíonn siad ar a sáimhín só an t-am ar fad. Ní bhíonn rud ar bith ag cur as dóibh. Bíonn siad ar mhuin na muice ar fad. Caitheann siad saol idéalach agus bíonn gach éinne ag cabhrú leo an t-am ar fad. Tugann a dtuismitheoirí aire mhaith dóibh agus neart airgid chomh maith. Ní bhíonn tada le déanamh acu ó mhaidin go hoíche ach ag spaisteoireacht timpeall i ngrúpaí beaga, ag éisteacht le ceol, ag caint lena gcairde, ag imirt cluichí agus ag déanamh teagmháil lena chéile ar a ngutháin phóca chostasacha.

Is í sin an íomhá atá amuigh ansin, dar liom. Íomhá bhreagach amach is amach atá inti, im' thuairimse. Ní fhéadfadh sí a bheith níos faide ón bhfírinne. Cinnte is breá deas an rud é a bheith óg. Tá se sin fíor. Ach ní sa lá atá inniu ann. Ní deas an rud é a bheith i do dhéagóir sa lá atá inniu ann. Deir mo dheirfiúr is sine, Aoife, liom go raibh sé ar fheabhas ar fad a bheith óg le linn ré an Tíogair Cheiltigh. Bhí neart airgid ag tuismitheoirí le tabhairt dá mic agus dá n-iníonacha ag an am sin. Agus fiú dá mba rud é nach raibh pingin rua acu, bhí airgead le saothrú ag déagóirí i bpostanna páirtaimseartha a bhí chomh flúirseach sin ag an am. Deir Aoife liom go raibh post páirtaimseartha aici ó bhí sí ceithre bliana déag d'aois go dtí gur fhág sí an ollscoil sa bhliain 2008 in aois a trí bliana is fiche.

Anois níl post páirtaimseartha ar bith le fáil. Agus níl cent rua ag ár dtuismitheoirí le tabhairt dúinn. Chaill m'athair a phost dhá bhliain ó shin. Buíochas le Dia go bhfuil post páirtaimseartha ag mo mháthair sa teach tábhairne áitiúil. Murach sin bheimis ar an ngannchuid. Tugaimse féin aire do pháistí mar fheighlí linbh gach oíche Shathairn i dteach sa chomharsantacht. Murach sin ní fhéadfainn snáithe éadaigh nó dlúthdhiosca a cheannach.

Agus ansin bíonn an-chuid fadhbanna ag daoine óga maidir le staidéar, brú, strus, scrúduithe, múinteoirí, tuismitheoirí, ól agus drugaí. Is liosta le háireamh é méid na bhfadhbanna a bhíonn ag déagóirí bochta sa lá atá inniu ann agus gach éinne ag tabhairt an chluas bhodhar dóibh.

Bíonn saol cruai ag déagóirí an lae inniu. Sin an fhírinne lom. Éinne a deir a mhalairt níl ann ach bréagadóir.

GLUAIS

cíós, cás ná cathú - fadhb ar bith;
íomhá - image;
le saothrú - le gnóthú/le déanamh;
ar an ngannchuid - beo bocht;
feighlí linbh - babysitter;
comharsantacht - neighbour-hood;
snáithe éadaigh - a stitch of clothes;
liosta le háireamh - liosta mór fada.

Páipéar 11 Ceist 1 ROINN 1 Prós Liteartha

An Bhean sa Charbhán

1. Bhí an sorcas mar chuid de charnabhal Chluain Tairbh. Chuaigh Róisín agus Tomás ann ar an Satharn. Mheas Róisín nach raibh sé chomh maith leis an sorcas deireanach a chonaic sí. An rud ba mhó a thaitin léi ná an cailín álainn ar an dtéad rite. Bhí mearbhall ina ceann ag féachaint suas uirthi agus í ag siúl ar an aer. Ó, an dainséar! Ó, an chrógacht! B'iad na fir ghrinn, na heilifintí agus an flos canaí na rudaí a thaitin le Tomás. Tomás bocht!

2. Tar éis an tsorcais, scar siad óna chéile. Theastaigh ó Thomás dul ar an áilleagán intreach. Theastaigh ó Róisín dul ag scátáil ar an rinc scátála. Dúirt Róisín le Tomás a bheith cúramach ar an áilleagán intreach. Ar an mbealach chuig an rinc scátála, tháinig Róisín ar charbhán ildaite a raibh na focail **MADAME LECLERC - BEAN FEASA - SPLÉACHADH AR AN AM ATÁ LE TEACHT-TAR ISTEACH AGUS CROSÁIL MO BHOSA LE HAIRGEAD** greanta i litreacha móra air. Stop Róisín agus d'fhéach sí ar na litreacha móra sin le hiontas. Thosaigh a croí ag bualadh ina cliabhrach.

3. Bhí an doras ansin os a comhair amach agus é leathoscailte. Ag an am céanna thainig eagla uirthi. Eagla nár thuig sí. Ach bhí Róisín cróga. Níor ghéill sí don eagla sin. Tar éis an tsaoil ní raibh sí ina páiste a thuilleadh. Bhí sí deich mbliana d'aois. Bhí sí ina cailín mór anois. Shiúil sí i dtreo an dorais agus chnag go faiteach air. "Tar isteach!" dúirt guth mhná istigh. D'ardaigh Róisín a cos agus dhreap sí isteach sa charbhán go mall. Labhair an guth arís. "Ná bíodh aon eagla ort, a chailín. Ní bhainfidh mise mant asat!" Sheas Róisín ag doras an charbháin.

4. Bhí bean mheánaosta ina suí ag bord beag tamall síos uaithi. Bhí caifirín dearg ar a ceann agus fáinní móra cluaise ag sileadh óna cluasa. Ní fhaca Róisín riamh cinn chomh mór leo. Ar an mbord os a comhair amach bhí liathróid mhór chríostail agus paca cártaí. "Cad tá uait, a chailín?" d'fhiafraigh an bean feasa de Róisín. "Teastaíonn . . . teastaíonn uaim . . ." " . . . teastaíonn uait a fháil amach cad tá romhat sa todhchaí . . . nach é sin é, a chailín?" "Sea, is dócha . . ." " . . . bhuel anois, tá tú tagtha go dtí an áit cheart, a chailín. Tar aníos anseo agus suigh síos." Tháinig Róisín aníos agus shuigh sí ag an mbord.

GLUAIS

téad rite - tightrope;
áilleagán intreach - merry-go-round;
caifirín - headscarf;
todhchaí - future;



Scrúdú Cluastuisceana Gaeilge Ardteistiméireachta agus Teastas Sóisearach 2012

Faigh téipscrip, bileog oibre agus podchraoladh don Scrúdú Cluastuisceana sa Teastas Sóisearach agus Ardteistiméireacht ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal ag www.gaeilsceal.ie agus www.oideachas.gaeilsceal.ie. Éist le cainteoirí ó dhúchas a bhfuil canúintí éagsúla acu ag comhrá sna podchraoltaí seo. Téigh go dtí na podchraoltaí go héasca agus go sciobtha gan chód gan chlárú!



Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuisicint)

- (i) (a) Luaigh an rud ba mhó a thaitin le Róisín. (Alt 1)
(b) Luaigh na rudaí ba mhó a thaitin le Tomás. (Alt 1)
- (ii) (a) Cad a theastaigh ó Thomás a dhéanamh? (Alt 2)
(b) Cad a bhí greanta ar an gcarbhán ildaite? (Alt 2)
- (iii) (a) Cén aois í Róisín? (Alt 3)
(b) Dhá phointe eolais faoin mbean a bhí istigh sa charbhán. (Alt 4)

B (Léirithuisicint Ghinearálta)

- (i) Luaigh **dhá** thréith a bhaineann le Róisín mar dhuine, dar leat. I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an thréith sin.
- (ii) Luaigh mothúchán **amháin** a léiríonn Róisín sa sliocht seo, dar leat? Tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an mothúchán sin.
- (iii) Ar thaitin an sliocht leat? Is leor **dhá chúis** a lua i do fhreagra.

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.guelsceal.ie



Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

SRAITH PICTIÚIR- AN TUATH AGUS CÚRSAÍ FEIRMEOIREACHTA

Ní Hé Lá Na gaoithe



Chuaigh Bó ar ais chuig an bhfeirm inar rugadh é. Déan cur
síos ar na hainmhithe agus ar an treallamh atá ar an bhfeirm



Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelisceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

OSPS – Mí úsáid leanaí



Faightear mí-úsáid mhothúcháin i gcaidreamh idir tuismitheoir/cúramóir agus an leanbh.

Céard is mí-úsáid leanaí ann?

Tá aon chineál mí-úsáide in aghaidh ógánaigh tromchúiseach agus ba cheart aon chineál mí-úsáide a thógáil an-dáiríre. Is féidir mí-úsáid a dhéanamh ar leanaí ar go leor bealaí difriúla. Déantar iad seo a chur sna catagóir seo leanas, m.s. mí-úsáid chorportha, mí-úsáid mhothúcháin, mí-úsáid ghnéasach agus failli.

Mí-úsáid chorportha

Sin nuair a dhéantar dochar fisiciúil do leanbh de bharr idirghníomhú nó easpa idirghníomhaithe ó tuismitheoir nó aon duine fásta eile atá freagrach. Samplaí de mhí-úsáid chorportha is ea: pionós fisiciúil, bualadh, ciceáil, brú, tarraingt ghruaig, breathnú ar fhoréigean, plúchadh.

Mí-úsáid ghnéasach

Sin nuair a dhéanann duine mí-úsáid ar leanaí le haghaidh a sásamh gnéasach féin. D'fhéadfadh teagmháil fhisiciúil a bheith i gceist ar an leanbh nó d'fhéadfadh iachall a chur ar an leanbh breathnú ar ábhar nach bhfuil feiliúnach.

Failli

Tarlaíonn faillí ar leanaí nuair nach bhfaigheann siad an rud atá ag riachtanach dóibh, m.s. bia, éadach, oideachas agus cóir leigheas. D'fhéadfadh sé seo tionchar ollmhór a bheith aige ar fhorbairt an linbh.

Mí-úsáid mhothúcháin

Faightear mí-úsáid mhothúcháin i gcaidreamh idir tuismitheoir/cúramóir agus an leanbh. Tarlaíonn sé nuair nach mbaintear amach riachtanais an linbh m.s. gean, ceadú, sábháilteacht agus comhsheasmhacht. Samplaí de mhí-úsáid mhothúcháin is ea a bheith ag streacháil, criticiúil agus searbhach,

bagrach, ag scanrú an pháiste, ag déanamh beagán den leanbh, agus á nochtadh d'fhoréigean teaghlach.

An bhfuil aithne agat ar dhuine a bhfuil mí-úsáid á dhéanamh air/uirthi?

D'fhéadfadh daoine a bhíonn ag fulaingt ó mhí-úsáid a bheith faoi bhrú uafásach mothúcháin agus trost a bheith caillte acu i ndaoine eile. Ní thuileann aon duine go ndéanfaí mí-úsáid air nó uirthi ach d'fhéadfadh gur chuir an duine a rinne an mhí-úsáid ina luí orthu gur thuil siad é. Má tá aithne agat ar dhuine a bhfuil mí-úsáid déanta orthu, tá sé riachtanach go n-inseodh tú é sin do dhuine éigin eile. Ba cheart labhairt le duine a bhfuil trost agat astu m.s. múinteoir, comhairleoir nó cara, ionas nach gá duit faitíos a bheith ort go sceithfidh siad an t-eolas.

Comhrá sa Rang

Cloiseann muid scéalta sna meáin go minic faoi leanaí a ndéantar mí-úsáid orthu. Déan plé ar na scéalta a chuala sibh agus faoi na mothúcháin a bhí ag na híospartaigh ar dearadh mí-úsáid orthu.

GLUAIS

mí-úsáid leanaí - child abuse;
mí-úsáid chorportha - corporal punishment;
mí-úsáid mhothúcháin - emotional abuse;
mí-úsáid ghnéasach - sexual abuse;
failli - neglect;
idirghníomhú - interaction;
fhoreigean - violence;
comhsheasmhacht - stability;

OSSP – Dlí Idirnáisiúnta



Thomas Lubanga, ceannasaí míleata Phoblacht an Chongó.

Tá dlí idirnáisiúnta fiorthábhachtach mar go gcosnaíonn sé cearta daonna ar fud an domhain. Cosnaíonn sé daoine ó coireanna móra cosúil le cinidhíothú agus céasadh a bheadh ceadaithe ag an rialtas. Déantar dlíthe idirnáisiúnta a aontú idir náisiúin trí conarthaí coinbhinsiún. Cuirtear an dlí idirnáisiúnta i bhfeidhm trí chúirteanna náisiúnta agus na Náisiún Aontaithe agus tríd an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta.

An Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta

Cúirt í seo atá neamhspleách agus buan agus níl aon bhaint aici leis na Náisiún Aontaithe. Tá sí suite san Ísiltír. San chúirt seo bíonn cásanna tromchúiseach faoi cionta dhíothaithe agus coireanna in aghaidh an duine chomh maith le coireanna cogaidh. Bhí an chéad triail ar an 26 Eanáir 2009 nuair a cúiseoidh Thomas Lubanga, ceannasaí míleata Phoblacht an Chongó, i gcoireanna cogaidh nuair a rinne sé earcú ar leanaí a bhí 15 bliana d'aois mar shaighdiúirí chun daoine a mharú agus a éigniú.

Cúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta

Tá an chúirt seo mar chuid de na Náisiún Aontaithe agus tá sí suite san Ísiltír freisin. Socraíonn an chúirt seo easaontais idir tíortha, cosúil le heasaontais teorann agus trádála.

Coinbhinsiún na Ginéive

Is seo sampla den dlí idirnáisiúnta. Is aontú é idir tíortha éagsúla faoin gcaoi is cirte chun déileáil le cogadh idir tíortha éagsúla. An aidhm atá leis seo ná teorann a chur le fulaingt cogaidh tríd chosaint a thabhairt do na daoine atá bainteach leis an gcogadh, m.s. sibhialtaigh, oibrithe, iad siúd atá tinn agus príosúnaigh.

Deir Coinbhinsiún na Ginéive:

- nach féidir díriú ar sibhialtaigh ná ar dhaoine nach bhfuil páirteach sa troid
- go bhfaigheadh príosúnaigh an cúram agus an dínit agus na cearta daonna atá dlite dóibh.

Suíomh nua dheartha Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelisceal.ie

Tá an t-ábhar bhreise seo leanas le fáil ar suíomh nua dheartha Gaelscéal ar Scoil:



- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus Teastas Shóisearaigh
- Ábhar cluastuisceana
- Ábhar léamhthuisceana
- Ábhar teagaisc bunaithe ar na míreanna idirlín "Na Rúin"
- Ábhar tacaíocht d'fhoghlaim na gramadaí
- Ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim an OSSP agus OSPs.

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gaelisceal.ie

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

COMHAIRLE GAIRMTHREORACH

Gairmeacha sna hearnálacha Iompair, Aeir, Farantóireachta agus Lóistíochta

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmtreoir

Iompar

Bíonn líon mór daoine agus go leor, leor earraí á n-iompar gach lá in Éirinn agus lasmuigh di, ó na daoine a bhíonn ag tiomáint na dtrucailí, na mbusanna, na dtraenacha agus na n-eitleán, chomh maith leis na daoine a eagraíonn, a chomhordaíonn agus a thráthchláraíonn aistriú luath na n-earraí ón phointe tion-scnaimh go dtí an spriocphointe.

Gairmeacha a bhaineann leis an iompar atá i gceist leis an earnáil seo den chuid is mó, ach tá stóráil agus cumarsáid chomh maith leis na hearnálacha mórdhíola agus miondhíola i gceist léi freisin. Bíonn trucailí móra agus beaga ag imeacht gach lá sa bhliain, rud a chruthaíonn go bhfuil éileamh mór ar dhaochumhacht san earnáil seo.

Fostaíocht

Go minic, teastaíonn ó fhóistoirí go mbeadh iarrthóirí tiomána os cionn 18 mbliana d'aois ar a laghad agus go mbeadh ceadúnas glan tiomána acu agus go n-éireodh leo i scrúdú scríofa. Is maith leo fostaíthe freisin atá muiníneach agus atá in ann obair dheacair choirp a dhéanamh go sciobtha agus i gceart.

Tá níos mó ná 80,000 oibreoir, idir thiománaithe, mheicneoirí, oibrithe trádstórais agus eile, páirteach sa tionscal iompar trucaile agus trádstórála in



Éirinn faoi láithriú. Obair lánaimseartha a bhíonn i gceist den chuid is mó ach bíonn poist mhaithe pháirtaimseartha ar fáil freisin. Braitheann an pá agus na coinníollacha oibre ar an gcineál córais iompair agus ar an áit ina bhfuil sé suite.

Bíonn lasta agus paisinéirí ag dul trasna na hÉireann ag Iarnród Éireann gach lá.

Tá infheistiú mór á dhéanamh ag Iarnród Éireann chun línte iarnróid a fheabhsú ionas go mbeadh an gréasán iompair iarnróid ar chaighdeán idirnáisiúnta. Tá an Rialtas ag súil go mbeidh méadú ar na deiseanna gairme d'innealtóirí agus d'oibreoirí traenacha sna blianta atá amach romhainn, de réir mar a mhéadaíonn úsáid traenacha.

Aer

Is náisiún oileánda í Éire atá ar imeall na hEorpa. Dá bharr sin, tá an t-aer-iompar fiorthábhachtach dár n-eacnamaíocht. Mar shampla, tá aerfort Bhaile Átha Cliath ag méadú líon a phaisinéirí faoi dhá mhiliúin in aghaidh na bliana. Tá an dara teirminéal oscailte anois agus cruthóidh sé sin tuilleadh fostaíochta. Is í an earnáil eitlíochta an earnáil is mó atá ag fás sa domhan uilig. Mar a dúirt mé cúpla mí ó shin, beidh ganntanas suas le 96,500 píolóta agus 150,000 innealtóir aerloingseoireachta thar na 10 mbliana atá amach romhainn. Oibríonn an t-innealtóir aerloingseoireachta d'aerlínte, do dhéantúsóirí aerárthach, do chomhlachtaí léasaithe aerárthach agus do

chomhlachtaí eile a bhfuil baint acu le cothabháil, deisiú agus cóiríú aerárthach. Baineann an innealtóireacht aerloingseoireachta le dearadh, le tógáil agus leis an eolaíocht is bun le haerárthaigh agus le spásárthaigh. Bíonn innealtóirí aerloingseoireachta freagrach as eitleáin, héileacaptair, diúrascáin, satailítí agus spásárthaigh níos nua, níos sábháilte agus níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de a chruthú. D'fhéadfadh gairmithe sa réimse seo dul le speisialtóireacht sa Dearadh Struchtúrach, Meicnic Eitilte agus Córais Rialacháin, Aeradinimic, Ionstraimiú agus Cumarsáid nó Déantúsáíocht agus Cothabháil. Is féidir le hinnealtóirí aerloingseoireachta, le teicneolaithe agus le teicneoirí dul le speisialtacht i réimse ar leith nó dul le gairm i réimsí eile cosúil leis an tionscal feithiclí, giniúint fuinnimh agus na fórsaí armtha.

Bíonn éileamh ar dhaoine sa ghairm seo ar fud an domhain. Ach tá i bhfad níos mó postanna i gceist leis an earnáil seo ná píolótaí, freastalaithe eitilte agus na cinn eile atá luaite thuas. Bíonn go leor de na hoibrithe sa tionscal seo ag obair i ngairmeacha ar an talamh, mar shampla, meicneoirí aerárthach, teicneoirí seirbhíse, ionramháilaithe lasta agus bagáiste, gníomhairí áiríthintí agus ticéad. Tá na gairmeacha seo riachtanach chun aerlínte tráchtála cairtfhostaithe an lae inniu a reáchtáil.

Farantóireacht

Roinnt de na gairmeacha atá le fáil i gcomhlachtaí farantóireachta is ea captaein, máta deice, meicneoir muirí, agus píolóta. Tá báid farantóireachta ag éirí níos compordaí an t-am ar fad agus mar gheall air sin tá siad níos tarraingtí do dhaoine nuair atá siad ag taisteal go dtí an Eoraip nó an Bhreatain. Meastar go méadóidh deiseanna gairme agus fostaíochta in iompar ar uisce de réir a chéile.

Lóistíocht

Baineann an lóistíocht le soláthair earraí agus faisnéise ón bpointe soláthair go an pointe deiridh tomhaltais. Is é sin, cuirtear an táirge ceart san áit cheart don chustaiméir ceart ar an gcostas ceart.

Tá na deiseanna sa réimse seo dírithe ar chéimíthe nó ar dhaoine a bhfuil taithí nó saineolas acu ar iompar earraí. Is iad seo a leanas sampla de chuid de na gairmeacha:

- Comhordaitheoir dáileacháin
- Pleanálaí lóistíochta
- Bainisteoir Oibríochtaí
- Bainisteoir Iompair

Cé go bhfuil cúrsa céime nua in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, tá ganntanas bainisteoirí iompair ann go fóill, go háirithe daoine a bhfuil na scileanna acu chun slabhraí comhtháite soláthair a bhainistiú san earnáil dúchais.

Tá tuilleadh eolas ar fáil ón suíomh www.qualifax.ie agus ag www.cao.ie

Tairiscintí ar shíntiúis Gaelscéal ar Scoil

Tá síntiúis do Gaelscéal ar Scoil le fáil ar phraghas speisialta íseal do mhúinteoirí agus do dhaltai. Chomh maith le praghas speisialta faigheann múinteoirí a ghlacann síntiúis:

Dearbhán do Chló Iar-Chonnacht saor in aisce don mhúinteoir!

Tá Gaelscéal ar Scoil i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht ag tabhairt deise do mhúinteoirí dearbhán luach €20 saor in aisce a bhuachan má chuireann siad isteach ordú de thrí shíntiús ar a laghad do Ghaelscéal!

agus: Cóip de Ghaelscéal saor in aisce don mhúinteoir!

Tá Gaelscéal ar Scoil ag tabhairt deise do mhúinteoirí a chuireann ordú mór isteach dá ranganna cóip den nuachtán a fháil dóibh féin, saor in aisce, don chuid eile den scoilbhliain!

Is féidir foirm síntiúis a íoslódáil ag www.gaelisceal.ie nó www.oideachas.gaelisceal.ie.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir oideachais ag scoil@gaelisceal.ie nó 091-897766.



“Beidh sagairt Chaitliceacha ban ann amach anseo”



Colm Ó Broin

Tá sé ráite ag Cumann na Sagart Caitliceach (CSC) go mbeidh sagairt ban ann amach anseo agus go mbeidh cead ag sagairt pósadh chomh maith. Ní bheidh an dara rogha ag an Vatacáin na leasuithe sin a cheadú, dar leo.

Léirigh suirbhé a foilsíodh an tseachtain seo caite go bhfuil formhór na gCaitliceach in Éirinn ar son na n-athraithe. Ba é Amáirch Research a rinne an taighde don CSC.

Tá géarchéim san Eaglais Chaitliceach ó thaobh an íslithe atá tagtha ar líon na sagart agus dar leis an CSC ní mór gníomhú ar an gceist chun tubaist a sheachaint amach

anseo.

Tá 5,000 sagart in Éirinn ach measann an CSC go bhfuil 2,000 acu ar scor. Is é 65 bliain meánaois na sagart agus caithfidh siad dul ar scor nuair a bheidh siad in aois a 75. Measann CSC nach mbeidh ach 500 sagart gníomhach sa tír i gceann 20 bliain.

Níl seasamh oifigiúil ar son sagart ban nó sagart pósta tógtha ag an CSC, ach tá rabhadh láidir tugtha acu faoin méid a tharlóidh má chloíonn an Eaglais leis na rialacha reatha.

“An chloch is mó ar phaidrín an CSC ná an baol atá ann do cheiliúradh na hEocairiste sa phobal,” arsa urlabhraí na heagraíochta le Gaelscéal. “Is é bunchloch na hEaglaise ná go ndéanfar ceiliúradh an eocairist i measc an phobail agus gur duine den phobal a dhéanann é.

“Tá polasaithe na Vatacáine ag cinntiú nach mbeidh sé sin ag tarlú i gceann 20 bliain. Is éard a bheas ann ná sagart amháin ag tabhairt cúraim



Is féidir le mná agus fir phósta a bheith ina sagairt san Eaglais Anglacánach.

Féile Náisiúnta Drámaíochta 2012 Na Dúnaibh, Tír Chonaill

Aoine 4 Bealtaine

7.00 p.m. **Fáiltiú agus Oscailt Oifigiúil**
le Colm Ó Baoill, Foras na Gaeilge

8.15 p.m. **TAIBHSÍ NA nGAEL**
dráma nua le Proinsias Ó Cuilinn, á léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh.

Satharn, 5 Bealtaine

2.00 p.m. **Magadh fé Mhagadh**
cóiriú le hAisteoirí Bhréanainn ar “An Béal Bocht”, á léiriú ag Aisteoirí Bhréanainn, Corca Dhuibhne.

3.00 p.m. **Dúthaigh Sheoigheach**
scéaldráma ón mbéaloidas á léiriú ag Aisteoirí Chorr na Móna

4.30 p.m. **ag Óstán na Trá Éigse na Féile**
Agallaimh, Lúibíní, Ceapóga. Gearrdráma le hAisteoirí Chúil Aodha.

8.30 p.m. **An Teach Mór**
dráma le Proinsias Ó Cuilinn, á léiriú ag Aisteoirí Charn Tóchair, Co. Dhoire.

Domhnach, 6 Bealtaine

3.00 p.m. **Bidín**
dráma le Pádraig Standún á léiriú ag Aisteoirí an Lóchrainn, Ceatharlach.

7.00 p.m. **Díoltas an tSaoil**
dráma le Proinsias Ó Cuilinn, á léiriú ag Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua.

9.00 p.m. **MOLTÓIREACHT NA FÉILE agus BRONNADH NA nGRADAM**

le Donnchadh Mac Fhionnlaioch, T.D., Aire Stáit na Gaeltachta

á chraoladh beo ar RTE Raidió na Gaeltachta.

Moltóir na Féile:
Máirtín Mac Donnchadha

do dheich bparóiste, ag dul ó áit go háit Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh chun an t-aifreann a rá, rud atá an-difriúil ó bhunfhís na heaglaise.

“Mura mbeidh cead ach ag fir gan phósadh an eocairist a cheiliúradh ní bheidh go leor daoine ann i gceann 20 bliain chun é sin a dhéanamh.

“Tá an-fhrustrachas go deo orainn de bharr sheasamh na hEaglaise ach níl fonn orthu an cheist a phlé fiú,” a dúirt urlabhraí an CSC.

An bhféadadh sagairt ón Tríú Domhan, deagánaigh nó mná tuata an bhearna a líonadh?

“Is beag rath a bhí ar iarrachtaí chun sagairt ón Tríú Domhan a chur i gceannas ar pharóistí sna Stáit Aontaithe, mar shampla,” dar leis an urlabhraí. “Go leor den am bíonn tuairimí coimeádacha acu i dtaobh ról na mban san eaglais agus go minic déanann siad imeallú ar dhaoine a bhí ag reáchtáil an pharóiste le blianta fada, rud a chothaíonn raic.”

Ó thaobh na ndéagánach de, is cinnte go mbeidh ról níos leithne san eaglais acu amach anseo. De réir an Athair Ruairí Ó Domhnaill bhí deagánaigh coitianta san eaglais sa chéad mhílaois, ach fuarthas réidh leis an ról thart ar 1,000 AD. D’athbhunaigh an Pápa Pól VI an deagánacht bhuan in 1967 agus tá deoisí éagsúla ag glacadh le hábhar deagánach le blianta beaga anuas, fir phósta ina measc. Déanann deagánaigh traenáil ar feadh ceithre bliana agus tá cead acu seirbhísí áirithe a dhéanamh san Eaglais, ina measc, sochraidí, searmanais phósta agus baistí. Ní féidir leo aifreann a léamh nó faoistin a éis-teacht, áfach.

Fadhb eile atá leo dar leis an CSC

ná nach bhfuil cead ag mná a bheith ina ndéagánaigh.

“Cibé faoi rialacha na sagartóireachta atá thart leis na céadta bliain, níl leithscéal ar bith ag an Eaglais gan cead a thabhairt do mhná a bheith ina ndéagánaigh mar níor athbhunaíodh an ról go dtí le déanaí.

“Feictear dúinne gur fágadh mná ar leataobh ar eagla go gcuirfí brú ar smacht na bhfear sa sagartóireachta dá ligfí do mhná a bheith ina ndéagánaigh.”

“Faoi láthair is beag ról oifigiúil atá ag mná san eaglais, is féidir leo a bheith ina ministrí eocairisteacha ach is ról tánaisteach go leor é sin.

“Maidir leis na ndaoine a dhéanann na cinntí san Eaglais is fir ar fad iad.”

Ar ndóigh tá cumhacht nach beag ag sagairt na hÉireann, dá mbeadh siad ábalta nó sásta é sin a úsáid. Dá ndéarfadh an 840 sagairt atá i gCumann na Sagart Caitliceacha nach raibh siad sásta glacadh le horduithe an Phápa Beinidict a thuilleadh, dá rachaidís ‘ar stailc,’ an mbeadh an Vatacáin in ann mórán a dhéanamh faoi?

An bhféadfaidís bata agus bóthar a thabhairt do na sagairt ar fad agus ionadaithe a chur ina n-áit? Is beag seans, áfach, go mbeidh éirí amach i measc chlérí na hÉireann.

“Ní ceadchumann muid agus níl muid ag iarraidh a bheith inar gceardchumann, ní bheidh muid ag moladh gníomhaíochta mar sin,” arsa urlabhraí an CSC.

Ní fíor, áfach, go bhfuil an Eaglais Chaitliceach ceangailte go dlúth lena chuid rialacha nó nach n-athraíonn siad riamh.

“Tá seasamh na hEaglaise ar iliomad ceiste athraithe i rith na mblianta,” arsa an t-urlabhraí. “Fuarthas réidh leis an aifreann Laidine, ní thacaíonn an Eaglais le sclábhaíocht a thuilleadh agus ní peaca marfach é feoil a ithe ar an Aoine anois mar a bhíodh amhlaidh tráth.

“Cháin an Eaglais úsaireacht ar feadh na gcéadta bliain, anois is beag deoise nach bhfuil scaireanna nó stoic acu.”

“Ar chúis éigin, is é an t-aon rud a bhfuil an Eaglais docht daingean faoi ná cúrsaí collaíochta. Mar shampla, tá seasamh na hEaglaise ar hómáigh-néasachas bunaithe ar líne nó dhó ón Sean Tiomna atá togha as comhthéacs.

Ní léir cén fáth a leagtar an méid sin béime ar an gcuid seo den Sean-Tiomna, cé go ndéantar neamhaird de rudaí eile atá ann. Feictear dúinn go bhfuil sé bunaithe go príomha ar chlaonadh seachas rud ar bith eile, ach is cinnte nach mbacann gnáthshagairt leis an méid a deir an Eaglais faoi homaighnéasaigh.”

Ainneoin na ndeacrachtaí reatha, measann an CSC go nglacfaidh an Eaglais le leasuithe amach anseo.

“Níl siad ag iarraidh athrú agus ní tharlóidh sé inniu ná amárach, ach nuair a thitfidh an criú ar an tairne i gceann 20 bliain athróidh an Eaglais agus ligfear do mhná agus d’fhir phósta a bheith ina sagairt.

“É sin nó ní bheidh eaglais san Eoraip ná i dTuaisceart Mheiriceá. Má dhéantar na leasuithe seo tá seans mór go gcothóidh sé scoilt san Eaglais Chaitliceach, go háirithe idir an chéad domhan agus an tríú domhan, ach is beag rogha a bheas ag an Vatacáin faoin tráth sin.”



AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA

Camas, Conamara.

Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155

www.drama-gaeilge.com eolas@drama-gaeilge.com

Le tacaíocht ó Foras na Gaeilge



‘Ní thiocfaidh borradh faoin eacnamaíocht arís go dtosóimid ag ceannach agus ag díol earraí’

Labhraíonn **Katie McGreal** leis an ‘Dragún’, **Bobby Kerr**

Ní dhéanann an fear gnó atá taobh thiar den tsraith caifé Éireannach, *Insomnia*, Bobby Kerr áiféala.

Deir sé nach mbíonn sé ag smaoineamh faoi rudaí nach ndearna sé agus nach mbíonn sé buartha faoi rudaí nár éirigh go rómhaith leo.

I mbealach éigin, ní raibh ionadh orm é sin a chloisteáil. Is fear ráthúil é Bobby agus ní dóigh liom go mbeadh sé in ann a bheith chomh ráthúil sin dá mbeadh sé ag smaoineamh ar an ábhar díomá a d’fhéadfadh a bheith aige.

D’fhás Bobby suas i gCill Chainnigh ag obair in óstán a athar, Óstán Newpark, agus tá an chuma air gurb shin an áit ar fhás a shuim sa ghnó, go háirithe san earnáil lónadóireachta (*catering*).

Rinne sé staidéar ar ghnó agus lónadóireacht san Institiúid Teicneolaíochta i mBaile Átha Cliath sna hochtóidí agus le linn an ama sin, thosaigh sé comhlacht lónadóireachta in éineacht le cara leis agus d’fhreastail siad ar roinnt cóisirí.

Fuair sé a chéad phost sa roinn lónadóireachta in AIB mar chócaire agus mar bhainisteoir faoi oiliúint in 1981 agus ina dhiaidh sin, bhí sé ina chócaire ar feadh dá bhliain ar na rigí ola sa Mhuir Thuaidh. D’oibrigh sé ar feadh tamaill i gCeanada freisin i gcomhlachtaí lónadóireachta.

“Bhíos ag iarraidh an domhan a fheiceáil,” a deir Bobby, “Chomh maith le taithí a fháil thar lear.”

D’fhill Bobby go hÉirinn in 1986 agus d’oibrigh sé mar bhainisteoir cúnta in Óstán Jury’s i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ina bhainisteoir lónadóireachta léi Campbell Catering in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, freisin.

In 1992, thosaigh Bobby ina phost mar stiúrthóir bainistíochta sa chaifé cáiliúil, Bewley’s, agus sin an áit inár chuir sé suim san obair chaifé. D’oibrigh sé ann ar feadh 6 bliana ag forbairt branda Bewleys thar lear, ag cabhrú le héadail Java City agus Rebecca’s, dá chineál caife Meiriceánach, chomh maith le bheith ag déanamh neart rudaí eile.

Le 15 bhliain taithí san earnáil chaifé, mheas Bobby go raibh a dhóthain saineolais aige ar an tseirbhís chaife, bhí Bobby réidh le fáil amach an mbeadh sé in ann a ghnó féin a rith.

“Dúirt neart daoine liom nach n-oibreodh sé,” a deir sé.

Shíl sé gurbh é an rud ba dheacra faoina chomhlacht féin a bhunú ná



Bobby Kerr

post buan agus slán a fhágáil. Bhí deacrachtaí aige airgead a fháil freisin agus bhí níos mó ama ag teastáil chun a chéad chaifé a oscailt ná mar a cheap sé ar dtús. Ach, faoi dheireadh, i mí na Samhna 1999, d’oscail sé a chéad chaife, PERK, ar Shráid Grafton i mBaile Átha Cliath. D’oscail sé trí

chaifé eile i mBaile Átha Cliath sa bhliain chéanna.

“Éiríonn rudaí níos éasca thar na blianta,” a deir Bobby, “de réir mar a ardaíonn an díolachán.”

Tá sé ina chathaoirleach ar an gcaife *Insomnia* anois agus tá sé ar dhuine d’úinéirí na bialainne, Bang, i

gCathair Bhaile Átha Cliath chomh maith.

Le blianta beaga anuas, tá Bobby ag úsáid a thaithí gnó sna meáin agus chun cabhrú le daoine eile.

Bíonn sé le feiceáil ar an gclár *Dragon’s Den* ar RTÉ agus go dtí seo, tá airgead tugtha aige d’ocht ngnólacht.

Bíonn cruinnithe míosúla aige leis na ghnólachtaí sin agus tugann sé comhairle dóibh go rialta.

Bhí ar lucht *Dragon’s Den* ceist a chur air faoi dhó faoin tsraith sula bhfuair siad freagra dearfach. Bheartaigh sé an tsraith a dhéanamh mar gur mheas sé gur poiblíocht mhaith a bheadh ann d’*Insomnia* agus “bhí an ceart agam,” a deir sé.

Labhraíonn sé faoi chúrsaí gnó ar a chlár raidió ar Newstalk, chuile Domhnach ag 10rn freisin. ‘Down to Business’ is ainm don chlár sin ina mbreathnaíonn sé ar pháipéir an lae agus ar imeachtaí gnó na seachtaine.

Bíonn sé ar fáil freisin le labhairt ag ócáidí áirithe faoina thaithí oibre féin agus déanann sé neart meantóireachta do ghnólachtaí chomh maith.

San am i láthair, agus eacnamaíocht na tíre mar atá sí, tá neart daoine ag smaoineamh dul thar lear de bharr easpa oibre a bheith anseo agus rátaí cánach a bheith ag dul in airde, Michael O’Leary ó Ryanair san áireamh. Ach, níl sé ar intinn ag Bobby dul in aon áit.

Síleann sé go bhfuil sé róshean dó sin anois agus tá sé ag siúl le go mbeidh sé in ann dul ar scor i gceann 8 mbliana, nuair a bheidh sé 60 bliain d’aois.

Dar le Bobby go bhfuil jab an-deacair ag an rialtas faoi láthair. Ach dá mbeadh sé sa rialtas é féin, chuirfeadh sé iachall ar na bainc airgead a thabhairt do ghnólachtaí beaga agus do dhaoine atá ag iarraidh rudaí a cheannach.

Cuirfidh sé deireadh freisin leis na pionóis atáthar a ghearradh ar fhiontraithe faoi láthair, go háirithe ó thaobh íocaíochtaí leasa shóisialaigh de, agus measann sé chomh maith go gcaithfidh an earnáil dhúchasach a fhorbairt. “Ní thiocfaidh borradh faoin eacnamaíocht arís go dtosóimid ag ceannach agus ag díol earraí,” a deir Bobby Kerr.

“Bíodh creideamh láidir agat i do smaoineamh agus lean ar aghaidh leis! Déan iarracht roinnt airgid sa bhreis a bheith agat,” an chomhairle atá aige d’éinne atá ag iarraidh dul amach astu féin.

Is bealach iontach é le maireachtáil, gan a bheith ag samoineamh faoi rudaí nach bhfuil cumhacht agat orthu, más féidir. Déanann sé an-mhaitheas de do shláinte agus b’fhéidir gurb shin ceann de na fáthanna a bhfuil ag éirí chomh maith le Bobby agus a chaiféanna, é sin agus an taithí mhór ghnó atá aige freisin!

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

Sraith a trí de 'Game of Thrones'

TÁ cead faighte ag lucht 'Game of Thrones' dul ar aghaidh le sraith a trí den chlár fantaisíocht teilifíse seo atá lonnaithe sna meánaoiseanna.

Rinne an comhlacht Meiriceánach, HBO na gcéad dá shraith agus leanfaidh siad ar aghaidh leis an gcéad cheann eile freisin.

Rinneadar taifead ar an dara sraith i mBéal Feirste agus bhí os cionn 3.8 milliún lucht féachana acu i ndiaidh an dara clár. Bhí 9.3 milliún lucht féachana acu, ar meán, don chéad tsraith agus táthar ag siúl le go mbeadh figiúr níos airde ná sin ag deireadh an dara sraithe.

Deirtear go leanfaidh an tríú sraith, scéal an tríú leabhar, 'A Storm of Swords', le George R. R. Martin ach níor fhógair siad aon rud go fóill. Chruthaigh David Benioff agus DB Weiss an tsraith agus beidh siad bainteach leis an tríú sraith freisin. Níor fhógair siad cá ndéanfar an taifead don tríú sraith ach tá siúl ag lucht Northern Ireland Screen go ndéanfar ó Thuaidh arís é. Tá na haisteoirí Éireannacha, Aiden Gillen agus Liam Cunningham le feiceáil sa dara sraith a bhíonn ar Sky Atlantic, chuile Domhnach ag 9in.



An t-aisteoir Sasanach, Sean Bean, a bhfuil páirt Eddard Stark aige sa tsraith 'Game of Thrones'.

€2,660,317 le tabhairt amach ag an IFB

Tá €2,660,317 le tabhairt amach i bhfoirm iasachtaí ag Bord Scannán na hÉireann (IFB). D'fhógair siad le déanaí 47 tionscadal atá chun an t-airgead sin a fháil.

Fuair an comhlacht Gaeltachta, ROSG, iasacht de €300,000 don scannán 'An Bronntanas/The Gift' a dhéanfar i gcomhar le DeFacto Films, comhlacht atá lonnaithe i nDoire. Scríobh Tom Collins, Paul Walker agus Eoghan McNamee an scannán agus stiúróidh Tom Collins é.

Gheobhaidh an comhlacht léirithe scannán Sasanach, Darini Films, €50,000 don tionscadal 'Cú Chulainn: The Sacred Island' atá scríofa ag Jonathan Ware agus Garan Ware. Stiúróidh Gary Shore an scannán.

Thug siad €250,000 don tsraith 'Vikings' a bhfuil an scannánaíocht le tosú air in Éirinn an mhí seo. Beidh 10 gclár sa tsraith agus beidh Morgan O'Sullivan ina léiritheoir.

Léirigh O'Sullivan Braveheart agus Angela's Ashes roimhe seo.

Ba iad Double Z Enterprises an t-aon chomhlacht a fuair airgead do thionscadal beochana. Fuaireadar é don tionscadal, 'Zig & Zag' a rinne siad roimhe seo freisi mar aon le 'The Podge and Rodge Show'. Scríobh Ciaran Morrison agus Mick O'Hara an tionscadal seo agus stiúróidh Joel Simon é.

Fuair Venom Films i mBaile Átha Cliath €150,000 don chlár faisnéise, 'Men in Uniform', atá chun agallamh a chur ar a lán Meiriceánach a chaitheann éide don phost atá acu. Tá Integral Productions, an comhlacht a rinne an tsraith 'The Hardy Bucks', le €175,000 a fháil don scannán, 'The Hardy Bucks: The Movie'.

Tá liosta iomlán de na tionscadail ar fáil ar shuíomh an Irish Film and Television Network, www.iftn.ie.

Sparánacht nua ag Ionad Tyrone Guthrie

TÁ Ionad Tyrone Guthrie ag iarraidh ar scríbhneoirí scrípte agus ar lucht scannán iarratais a chur isteach ionas gur féidir leo an t-ionad oibre cónaithe atá ag Eanach Mhic Dheirg i Muineachán a úsáid ar feadh seachtaine.

Áit iargúlta agus suaimhneach é seo a chuirtear ar fáil d'ealaíontóirí agus d'fhilí go hiondúil chun inspioráid a fháil, ach tá sparánacht nua ag

an ionad i mbliana agus, den chéad uair riamh, táthar ag iarraidh deis a thabhairt de lucht scannánaíochta an áit a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar thionscadal atá ar bun ag duine nó beirt.

Gheobhaidh an duine nó na daoine ráithiúla bia agus lóistín saor in aisce don tseachtain agus beidh siad in ann stiúideoanna an tí a úsáid.

Is féidir le héinne san earnáil

scannánaíochta i dTuaisceart agus i nDeisceart na hÉireann cur isteach ar an deis seo. Glacfar le hiarratais ó dhaoine atá ag obair ina n-aonar nó ó ghrúpaí atá ag obair le chéile ar thionscadal ar leith. Tá foirm iarratais ar fáil ar shuíomh Tyrone Guthrie, www.tyroneguthrie.ie agus caithfidh siad a bheith istigh roimh dheireadh Mheán Fómhair 2012.

Éist le

RTÉ Raidió na Gaeltachta: Rónán Beo @ 3

Beidh Rónán beo ó Fhéile na Meán Ceilteach i nDoire ar an Aoine seo. Casfaidh sé le JJ Ó Dochartaigh agus le páistí na ngaelscoileanna áitiúla agus beidh neart ceoil agus craic le cloisteáil. Dé hAoine @ 3in.

RTÉ Raidió a haon: The Media Show
Gheobhaimid amach faoi phróiseas eagarthóireachta an Irish Times le linn chlár na seachtaine seo. Beidh an t-iriseoir agus an craoltóir, Bren-



Brenda Power

da Power, ag iarraidh na meáin a mhíniú dona lucht éisteachta leis an tsraith seo. Dé Sathairn @ 7.30in.

RTÉ 2fm: Dan Hegarty with Breton in Session and Interview
Labhróidh Dan le ceoltóirí agus le lucht scannán na Breataine atá lonnaithe i Londain Shasana. Casfaidh siad neart ceoil dó agus freagróidh siad neart ceisteanna faoi Breton LABS agus na háiteanna ar leith ina mbíonn siad ag seinm. Dé Luain @ 11in.

Féach ar

RTÉ a haon: Super Garden
Sa chéad chlár den tsraith nua seo, casfaimid le Sharon Mahon, agus í ag iarraidh beagán datha agus fais ina gairdín. Is í an dearthóir Mary O'Neill-Moloney atá chun an dath sin a chur sa ghairdín di. Beidh Mary Reynolds ann mar mhean-

tóir de Mhary. Dé Máirt, 7in.
RTÉ a dó: The Good Wife
Sa chéad chlár den tsraith nua seo, tá dúnmharú Giúdach curtha i leith mic léinn Moslamach agus tá ar Alicia é a chosaint. Ag an am céanna, tá oibrithe Lockhart/Gardner ag dul i gcleachtadh ar rudaí nua.

Amárach @ 9.30in.
TG4: Éagóir
Cloistear faoin saighdiúir, Christopher Anthony Lynch sa chlár seo, an fear a shínigh ráiteas ag rá gur mharaigh sé Vera Cooney i ndiaidh os cionn 24 uair an chloig de cheistiú, gan codladh. Amárach @ 12.30.



Mary O'Neill-Moloney

Raidió Uirbeach Gaeilge
106.4FM
RAIDIÓ NA LIFE
Cuisle na Cathrach
do Bhaile Átha Cliath!

Stáisiún Gaeilge Átha Cliath

Sceideal, Podchraoltaí & Beoshruth ar

www.raidionalife.ie

Stúideo DEARG Studio

Taifeadadh & Léiriú Fuaime
Tel: 01-6616333

Le cabhair ó:
 Foras na Gaeilge

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra



Féile Idirnáisiúnta Litríochta, Cúirt, ag tosú go luath

Cuirfear tús le himeachtaí na Féile Idirnáisiúnta Litríochta, Cúirt, i nGaillimh Dé Máirt seo chugainn agus mairfidh sí ón 24 go dtí an 29 Aibreán. Seolfaidh Garry Hynes an fhéile go hoifigiúil ag 6in tráthnóna Dé Máirt sa chlub bádóireachta i nGaillimh. Mar is gnáth, tá neart ócáidí éagsúla ar na bacáin agus beidh muintir na Gaillimhe ag cur fáilte roimh chuid de na scríbhneoirí agus de na healaíontóirí is rathúla agus is aitheanta ar domhan le linn na fhéile seo.

Deir Stiúrthóir na féile, Dani Gill, go mbeidh scríbhneoirí agus filí eisceachtúla ag tabhairt cuairt ar Ghailimh d'fhéile Cúirt i mbliana.

“Níl aon amhras ach go bhfuil cuid acu ar na scríbhneoirí is fearr dár ghlúin agus dár n-aois. Is mór an onóir iad a bheith againn anseo i nGaillimh.”

Dar le Dani, féile na léitheoirí atá i gceist le Cúirt, agus tá an lucht féachana agus na léitheoirí mar chroílár na féile, agus bhí i gcónaí.

“Mar léitheoir mé féin, roimh gach rud eile, is pribhléid dom a bheith in ann cuid den scríbhneoireacht is fearr ar domhan a roinnt libh,” ar sí.


I measc na scríbhneoirí, filí, ceoltóirí agus aíonna a bheidh ag glacadh páirte in imeachtaí Cúirt i mbliana, tá John Banville, Paul Durcan, Sean Tyrrell, Tess Gallagher, Louis de Paor, Gearóid Mac Lochlainn, Ronan Browne, Amy Bloom agus Judi Curtin. Is féidir a theacht ar chlár iomlán na féile ar www.cuirt.ie.

Chomh maith le seónna, taispeántais, ceolchoirmeacha agus léamha, beidh ceardlanna scríbhneoireachta ar siúl chomh maith, le leithéidí Amy Bloom, Linda Spalding, Marina Carr, Peter Fallon agus Gerald Dawe. Má tá suim agat sna ceardlanna seo, ba cheart áit a chur in áirithint go luath, mar go bhfuil teorann leis an líon rannpháirtithe. Beidh formhór de na ranganna ar siúl ar an 26 agus 27 Aibreán, agus beidh plé fóraim ann ar an 27 Aibreán, dírithe ar théama na scríbhneoireachta. Beidh an cheardlann leis an scríbhneoir Amy Bloom ar siúl ar an Satharn 28 Aibreán idir 10 agus 12rn in Óstán an Meyrick i gceartlár na Gaillimhe.

Mar chuid d'fhéile Cúirt, reachtáilfear roinnt imeachtaí i nGaeilge. Den chéad uair riamh, cuirfidh an file, Gearóid Mac Lochlainn, agus an ceoltóir, Mark Braidner, seó beo i láthair ón leabhar agus dlúthdhiosca



Gearóid Mac Lochlainn agus Mark Braidner. Beidh siad le cloisteáil Dé Céadaoin seo chugainn, 25 Aibreán, ag 6.30in in Busker Brownes (thuas staighre), an tSráid Trasna, Gaillimh



I measc na scríbhneoirí, filí, ceoltóirí agus aíonna a bheidh ag glacadh páirte in imeachtaí Cúirt i mbliana, tá John Banville, Paul Durcan, Sean Tyrrell, Tess Gallagher, Louis de Paor, Gearóid Mac Lochlainn, Ronan Browne, Amy Bloom agus Judi Curtin. Is féidir a theacht ar chlár iomlán na féile ar www.cuirt.ie.



nua Criss Cross Mo Chara. Beidh an seó ar bun Dé Céadaoin seo chugainn, 25 Aibreán, ag 6.30in in Busker Brownes (thuas staighre), an tSráid Trasna, Gaillimh, mar chuid den fhéile litríochta. Beidh costas €8/€6 ar na ticéid agus fáil orthu i rith uaireanta oifige ó Oifig na dTicéad ag 091 569777 agus ar fáil lá agus oíche ar líne ag www.tht.ie.

Is as Béal Feirste don fhile Gearóid Mac Lochlainn a rugadh sa bhliain

1966. Bhain an cnuasach is déanaí uaidh, Sruth Teangacha / Stream of Tongues, duaiseanna amach in Éirinn agus thar lear. Tá tréimhsí caite aige mar scríbhneoir cónaitheach in Ollscoil Uladh agus in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus mar chomhalta den William Joiner Center for the Study of War and Social Consequences (in Ollscoil Massachusetts i mBoston Mheiriceá). Ar ndóigh, tá a shaothar aistrithe go mórán teangacha iasachta agus is file thar a bheith spéisiúil agus spreagúil é. Tá sé ar fheabhas ar fad ag léamh a chuid filíochta agus cuireann sé seó den scoth ar fáil i gcónaí. Tá dúil mhór ag Mark Braidner as Béal Feirste sna gormacha fuaimiúla, ceol a tháinig chun suntais i rith na 1920í agus 1930í agus é á sheinm ag ceoltóirí ar nós Blind Blake, Skip James agus Bukka White. Ar a mháistreacht stíle tá eagcheol agus hokum chomh maith le sleamhnú ar an ngiotár fuaimiúil agus an giotár cruaiche.

Chomh maith leis sin, beidh an file Louis de Paor agus an ceoltóir Ronan Browne ag cur taispeántais speisialta i láthair in Amharclann Oileán Altanach ag 10in ar an Aoine 27 Aibreán. Tá Louis de Paor agus Ronan Browne ag obair le tamall de bhlianta ar an teorainn idir ceol agus filíocht, ag iarraidh teacht ar shlí nua chun dánta a chur i láthair léitheoirí agus éisteoirí. Tá an Brúnach ar dhuine de scoth na gceoltóirí traidisiúnta, an piobaire uilleann ba thúisce a bhí ag casadh le Riverdance agus leis an Afro Celt Sound System.


Tá os cionn céad albam ceoil taifeadta aige agus bíonn sé ag seinm, in Éirinn agus thar lear, le Kevin Glackin agus Seán Tyrrell, le Peter O'Loughlin, CRAN, Róisín Elsafty, agus Siobhán Armstrong. Tá seacht gcnuasach bunfhillíochta foilsithe ag Louis de Paor agus príomhdhuais an Oireachtais don chnuasach is fearr sa Ghaeilge buaite aige ceithre huair.

Tá Rogha Dánta leis díreach foilsithe ag Coiscéim.

Beidh costas €10/12 ar an seó seo agus is féidir d'áit a chur in áirithint anois más mian leat.

Tá go leor leor imeachtaí eile beartaithe don fhéile Cúirt i mbliana agus is fiú go mór breathnú ar an gclár iomlán chun blaiseadh a fháil den chineál imeachtaí a bheidh ar siúl i nGaillimh an tseachtain seo chugainn. B'fhiú go mór a theacht ar cuairt agus a bheith páirteach san ócáid bhliantúil seo atá ag dul ó neart go neart gach bliain.

Crosfhocal 18.04.2012



NODANNA

TRASNA

- 1 Cú miotasach in Éirinn (6)
- 4 Ní fheadar cé acu a tháinig ar dtús.. seo nó an sicín (3)
- 8 Go ----- seo, go dtí an t-am seo (5)
- 9 'Gruaig' ar mhuineál capaill (5)
- 11 Gan rabhadh, ar an toirt (6)
- 13 Ní bhíonn sé seo ag tír gan teanga, deirtear (4)
- 14 Brabús déanta as airgead ar iasacht (2)
- 17 Rogha i reifreann: tá nó --- (3)
- 20 Ábhar díospóireacht, ceardlann, léachta, srl. (5)
- 21 Dóthain, sách (4)
- 22 Láthair, áit cruinnithe (5)
- 23 Méadaithe, níos mó (3)
- 24 Sliabh: tá ceann ainmnithe do Phádraig i Maigh Eo (4)
- 26 Abair amhrán (3)
- 27 Léachtóir sinsearach in ollscoil (6)

SÍOS

- 1 Diabhail, drochspioraid (8)
- 2 Moladh os comhair cruinnithe (3)
- 3 Glic, ard-intleacht (6)
- 5 Lofa, boladh ag teacht as (5)
- 6 Rud atá i do smaointe, ach nach bhfuil ann i bhfoirm gur féidir teagmháil leis (5)
- 7 Féimear, tibia, srl. (5)
- 10 Bróg do chapall? (3)
- 12 Daoine atá ag iarraidh dochar a dhéanamh duit (7)
- 15 Gan fhadhb, gan ---- (4)
- 16 Gearradh an fhómhair (5)
- 18 Díolta, bille réitithe (6)
- 19 Spás idir dhá shliabh (6)
- 22 Sreang lena gceanglaítear bróg (4)
- 25 Déanta as bainne, spréann daoine é seo ar arán (2)

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhan €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaitheoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 23.04.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*



Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin



An Ghaeilge: Nach fearr leath ná meath?!

MÁ tá teanga dhúchasach ag tír ar bith is mór an trua nuair nach labhraíonn formhór an phobail í.

Is í an Ghaeilge teanga dhúchais na tíre seo agus cén fáth a mbeadh náire ar bith orainn í a labhairt?

Fós féin is minic a athraítear comhrá ó Ghaeilge go Béarla mar gheall go bhfuil duine amháin sa gcomhlúadar gan Gaeilge.

Athraíonn an comhrá go dtí teanga dhúchasach thír éigin eile mar gheall ar dhuine amháin, rud nach dtarlódh sa bhFrainc nó sa Spáinn, mar shampla.

Is iomaí sin cúis ag daoine a bheith in aghaidh na Gaeilge nó a bheith gan Gaeilge.

"I'm embarrassed to say that I never learned Irish, because it was badly taught in school."

Deir cuid eile gur buaileadh isteach iontu an teanga agus dhá bharr sin go ndearna siad éirí amach ina haghaidh.

Cén fáth ansin go bhfuil na daoine céanna sin in ann casadh thimpeall agus a rá go bhfuil in iomarca airgid á chaitheamh ag an rialtas ar theanga atá 'marbh'?

Dár leo, is cuir amú airgid atá in aon airgead a chaitear ar an nGaeilge. Ach murar fhoghlaím tusa an teanga mar nár múineadh i gceart í, cén fáth a bhfuil fadhb anois agat nuair atá iarracht á dhéanamh í a chur chun cinn ar bhealach níos fearr?

Ceaptar gur chóir an t-airgead sin a úsáid chun postanna a chruthú? Bhuel



Scríofa ar an bhalla! -ráiteas láidir ar son na Gaeilge ar Bhóthar na Carraige Báine i mBéal Feirste, ceann de na ceantair is mó fáis ó thaobh na Gaeilge de le blianta beaga anuas.

nach é sin é go díreach atá á dhéanamh leis na bearta nua.

Murach na meáin Ghaeilge amháin, gan trácht ar na comhlachtaí eile a oibríonn ar son nó trí mheán na Gaeilge, bheadh i bhfad níos mó daoine as obair. Cuirtear níos mó airgead amú ar rudaí eile sa tír seo ná mar a chuirtear ar an nGaeilge.

"It's a dead language!" Ráiteas eile a chuireann isteach go mór orm. Cén ceart atá ag duine ar bith a bheith ag cur síos teanga dhúchasach na tíre seo?

Níl aon cheart acu. Tá an Ghaeilge beo bríomhar i gcuid mhaith den tír seo. Dár leis an daonáireamh is deireanaí, tá Gaeilge ag 1.77milliún duine in Éirinn.

B'fhéidir nach bhfuil an 1.77 milliún duine sin líofa, ach tá cúpla focal acu agus tá siad bródúil a rá go bhfuil sí acu.

Nach fearr leath ná meath!

Is linne an Ghaeilge, is páirt mhór dár gcultúr í agus bá chóir dhúinn gach iarracht a dhéanamh í a choinneáil beo.

Ní ceart go mbeadh Éireannaigh ag tabhairt amach fúithi.

Murar fhoghlaím tú féin Gaeilge ná bí ag déanamh amach go gceapann lucht na Gaeilge go bhfuil siad níos fearr na daoine eile.

Ní shin an meon atá againn ach cinnte tá muid bródúil as ár dteanga féin. Ní haon locht é sin, measaim.

Faisnéis do Shaoránaigh



Bíodh Eolas agat ar do Chearta : Pinsean Stáit (Ranníocach)

Ceist: Bainfidh mé féin agus m'fhear céile 66 bliain d'aois amach i mbliana. Tá seisean píosa beag níos sine ná mé féin agus beidh sé i dteideal pinsean a fháil ó dheireadh mhí an Mhárta. Beidh mé féin 66 go luath i mí an Mheithimh. Tá ár n-éilimh ar an bPinsean Stáit (Ranníocach) seolta againn beirt. An fhior go ndéanfar ár dteidíochtaí pinsin a ríomh ar bhealaí difriúla?

Freagra : Is fíor, déileálfar le bhur n-éilimh ar bhealaí difriúla ó tharla go dtiocfaidh athrú ar na rialacha faoin líon ranníocáíochtaí is gá a íoc chun cáiliú do Phinsean ranníocach Stáit an 6 Aibreán 2012.

Bainfidh d'fhear céile aois an phinsin amach roimh an 6 Aibreán 2012. Teastaíonn uaidh siúd 260 ranníocáíocht ÁSPC arna n-íoc d'fhonn bheith incháilithe do phinsean

ranníocach. Go héifeachtach, ciallaíonn seo, ranníocáíochtaí cúig bliana, ach ní gá dóibh bheith cúig bliana i ndiaidh a chéile.

Ós rud é go mbainfidh tú aois an phinsin amach i ndiaidh an 6 Aibreán 2012, beidh na rialacha nua i bhfeidhm agus teastóidh uait 520 ranníocáíocht arna n-íoc (ranníocáíochtaí 10 mbliana), ach arís eile, ní gá dóibh bheith bliain i ndiaidh bliana. Is féidir leat ranníocáíochtaí deonacha a úsáid chun cuid den riachtanas seo a shásamh, má chomhlíonann tú coinníollacha áirithe.

Teastaíonn uaibh beirt 48 ranníocáíocht ar an meán le cáiliú do phinsean iomlán agus meán bliantúil 10 ranníocáíocht le cáiliú do phinsean íosta. Tiocfaidh athruithe ar na meánbhandaí bliantúla ráta ón 1 Meán Fómhair 2012 ach ní dhéanfaidh na hathruithe seo aon difear duitse nó do d'fhear céile (de bharr go mbeidh an dá phinsean á n-íoc roimh an 1 Meán Fómhair).

Ba cheart duit a chinntiú go gcuireann tú isteach ar do phinsean go tráthúil. Ó Aibreán 2012 ar aghaidh, ní féidir leat d'éileamh a shiardhátú ar Phinsean Stáit (Ranníocach) ach ar feadh 6 mhí ar a mhéid. Ní dhéanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí breithniú ar d'éileamh a shiardhátú ar feadh breis agus 6 mhí ach amháin má theip ort éileamh a dhéanamh de bharr gur sholáthar an RCS faisnéis mhícheart nó de bharr nach raibh sé ar do chumas éileamh a dhéanamh de bharr breoiteachta. Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.


Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Faisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Ceithre Fhoireann Fágtha i gComórtas Peile Cadbury f-21

Cluichí Leathcheannais Cadbury Peile na hÉireann f-21 Dé Sathairn Baile Átha Cliath v Corcaigh, Port Laoise @ 2.00 An Cabhán v Ros Comáin, Páirc an Phiarsaigh, An Longfort @ 4.00, Beo ar TG4

Ciaran Kilkenny, foireann faoi 21 Bhaile Átha Cliath [Pic : Matt Browne / SPORTSFILE]



Gráinne McElwain

BEIDH scoth na peile le feiceáil tráthnóna Dé Sathairn i bPáirc an Phiarsaigh, an Longfort, áit a mbeidh cluichí leathcheannais Cadbury peile na hÉireann f-21 ar siúl. Tosóidh an t-aicsean le Corcaigh agus Baile Átha Cliath ag a dó agus ina dhiaidh sin beidh an Cabhán agus Ros Comáin i gcoinne a cheile ag a ceathair a chlog. D'éirigh le Corcaigh Craobh na Mumhan a bhuachan den dara bliain as a chéile le farasbarr cuilín amháin in aghaidh Chiarraí agus b'shin tar éis am breise (2-12 le 1-14). Rud a chuirfeadh imní ar bhainisteoir Chorcaí, John Cleary, ná go raibh a fhoireann ceithre chúilín chun tosaigh sa dara leath den chluiche agus arís sé chúilín

chun cinn san am breise ach lig siad Ciarraí ar ais sa chluiche faoi dhó. Tá tosaithe maithe ag Corcaigh, ina measc laoch na himeartha ón chluiche, Brian Hurley, a scóráil ceithre chúilín. Thosaigh Corcaigh go maith sa chluiche seo, rud nach ndearna siad in aghaidh an Chláir i gCluiche Leathcheannais na Mumhan agus beidh an tús céana sin uathu arís in aghaidh sheaimpíní an chomórtais in 2003, Baile Átha Cliath.

Fuair Baile Átha Cliath an lámh in uachtar go furasta ar an Lú i gCluiche Ceannais Laighean (1-16 le 0-8) agus bhí siad cúl chun cinn taobh istigh de trí nóiméad. B'shin an tríú Craobh Laighean buaite ag na Dubs le

ceithre bliana anuas. Fuair siad an lámh in uachtar ar Loch Garman, curaithe Laighean, sa chéad bhabhta agus in aghaidh Laoise agus na hIarmhí d'aimsigh siad 6-36. Seasann Ciarán Kilkenny amach mar duine de na tosaithe is contúirtí sa tír faoi láthair sa ghrád seo agus 2-25 scóráilte aige go dtí seo, 1-7 in aghaidh an Lú. Rud amháin nach mbeidh a mbainisteoir, Jim Gavin, sásta faoi ná na seansanna a chur siad amú sa chluiche sin, 15 ar fad, ach bí ag súil le marcáil i bhfad níos déine ó chosantóirí Chorcaí ar líne lán-tosach Bhaile Átha Cliath. Thig leis an cluiche seo a bheith go hiontach.

Bhí bua éasca ag Ros Comáin

ar Shligeach i gCluiche Ceannais Chonnacht (1-13 le 0-8) agus iad chun tosaigh ó thús an chluiche. Ní raibh contúirt ar bith ann do Ros Comáin go gcaillfeadh siad an cluiche seo agus ní bhfuair siad an dianscrúdú a bhí siad a iarraidh. Beidh le feiceáil cén tionchar a bheas aige sin ar Ros Comáin in aghaidh an Chabháin a fuair cluiche crua i gCraobh Uladh. D'éirigh le Dónal Smith 1-6 a aimsiú do Ros Comáin in aghaidh Shligigh ach beidh brú ar chosantóirí Ros Comáin greim a fháil ar thosaithe an Chabháin chomh maith.

D'éirigh leis an Chabhán Craobh Uladh a bhuachan faoi dhó as a chéile nuair a chloí siad Tír Eoghain 1-10 le 0-10. Ba é an cic éirice a fuair Darragh Sexton go luath sa chluiche an difear a bhí eatarthu ag an deireadh. Tá lántosaí den scoth ag fir Bhréifne i Kevin Tierney a fuair 0-5 ar an oíche. Is foireann fisiciúil, láidir iad an Cabhán atá go maith ar an ionsaí agus ag tabhairt tacaíocht dá chéile. Bhí an-díomá orthu anuraidh nuair a chaill siad i gCluiche Ceannais na hÉireann in aghaidh na Gaillimhe agus ba bhréa leo deis eile a fháil ar an lá mór. Níl ach cúigear fágtha ar an fhoireann ó anuraidh, ach tar éis dóibh Tír Eoghain a bhualadh, is iad a bheas mar rogha na n-údar don chluiche seo.

Blúiríní Spóirt

Gráinne McElwain

Deireadh Seachtaine do Phobal CLG

REÁCHTÁILFEAR Scór Sinsear na hÉireann ar an Satharn ag a trí a chlog ag an INEC i gCill Airne, Ciarraí agus beidh scoth an cheoil agus an chultúir Ghaelaigh le feiceáil ann. Bunaíodh an comórtas Scór in 1969 chun an Ghaeilge agus an cultúr a chur chun cinn agus le blianta ghlac go leor clubanna CLG páirt ann. Caithfidh clubanna dul trí bhabhtaí éagsúla, ina gcontaetha féin i dtús báire chun áit a bhaint amach i mbabhtaí ceannais na gCúigí agus má éiríonn leo ansin rachaidh siad ar aghaidh mar ionadaithe dá gCúige ar an lá mór. Is iad na himeachtaí seo a leanas a bheas le feiceáil i gCill Airne: Rince Foirne, Amhránaíocht Aonair, Ceol Uirlise, Aithriseoireacht/Scéalaíocht, Bailéad Ghrúpaí, Tráth na gCeist, Nuachleasa agus Rince Seite.

Lá agus oíche a bhíonn ann agus tá taithí agam féin a bheith ag glacadh páirt i Scór thar na blianta mar gur éirigh liom comórtais ceol uirlise na hÉireann a bhuachan in 1996 le mo chomhcheoltóirí Nicola Johnston, Mary Mullen, Fergal Mullen agus Deirdre Rooney, go ndéana Dia trócaire uirthi, do Chumann na Botha i Muineachán. Is cuimhin liom go maith na laethanta agus na hoícheanta cleachtadh a rinne muid agus ba mhór an onóir dúinn an gradam a bhuachan ar son ár gclub féin. Craic ar dóigh, bród an pharóiste agus an club atá i gceist ach ní dhéanfar dear-mad go deo ar an chairdeas a bhí ann. Go n-éirí go geal leis na hiomaitheoirí ar fad agus go háirithe na rinceoirí ó Scairbh na gCaorach, Muineachán i gcomórtas na Rince Seite.

McIlroy ag uimhir a haon arís

D'ÉIRIGH le Rory McIlroy an chéad áit a bhaint amach arís ar liosta ord fiúntas galfairí an domhain an tseachtain seo agus rinne sé é gan cluiche gailf a imirt. Áiríodh sa chéad áit ar domhain é tar éis dó an Honda Classic a bhuachan ag tús na míosa seo caite ach ní raibh an teideal aige ach coicís nuair a ghnóthaigh Luke Donald ar ais é.

An deireadh seachtaine seo caite, chríochnaigh Luke Donald sa 37ú áit san RBC Heritage, áit nach raibh maith go leor chun uimhir a haon a choinneáil. Luaigh McIlroy go spraoiúil ina chuntas Twitter go bhfuil uimhir a haon faighte aige gan cluiche gailf a imirt agus is mór an trua é nach mbíonn sé chomh héasca sin i gcónaí.

Beidh McIlroy le feiceáil ag an PGA Wells Fargo in Charlotte, North Carolina an mhí seo chugainn agus i gceann coicise, feicimid Donald ag imirt san PGA i New Orleans.



Rory McIlroy
[PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Bíodh Katie ar an Aire!

Cillian Ó Conchúir

DÚRADH gurb é a bhí chun boinn ór Oilimpeach a thabhairt do spórt nach bhfuil tar éis lámh a leagadh ar cheann ó aimsir Michael Carruth in 1992.

Ach tháinig deireadh le feachtas cáilithe Joe Ward in Trabzon sa Tuirc ar an Luan, cé gur chreid roinnt sa staidiam gur ag Ward a bhí an bua. Ba é Ward an tríú Éireannach a chaill sa comórtas cáilithe do Londain 2012, tar éis do Ros Hickey agus Con Sheehan a dtroid féin a chailleadh. Bhí ionadh ar an chuid eile den fhoireann le Tommy McCarthy ag rá gur chreid sé agus na dornálaithe eile go mbeadh an bua ag Ward sna cluichí Oilimpeacha. Is tubaiste é nach bhfuair Ward chomh fada leis na cluichí agus é ar an dornálaí is mó le rá ag trom-mhéachan éadrom.

Ach cuireann sé cás Katie Taylor i gcuimhne dúinn chomh maith. Tugann Taylor aghaidh ar an aon bhabhta cáilithe amháin atá ann do dornálaithe ban ag na Craobhchomórtais Domhanda sa tSín an mhí seo chugainn.

Más rud é go bhfuil a leithéid tralaithe do Ward, d'fhéadfadh sé tarlú do Taylor freisin mura mbeidh sí an-chúramach. Tá sé tarlaithe go héagórach cheana agus mura dtagann athrú ar an bhealach ina ndéantar breithiúnas ar chomórtais, tarlóidh sé arís chomh maith.



16/4/12: Joe Ward agus díomá air, ar dheis, tar éis gur fógraíodh Bahram Muzaffer mar bhuaiteoir i ndhiaidh a mbabhta trom-mhéachan éadrom ag Comórtais Dornálaíochta na hEorpa fá choinne cháiliú do na cluichí Oilimpeacha. [PIC: DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Ar an gcláí

Le John Allen

Tabharfaidh na Cláirínigh cluiche do na Cait!

Ba cheart go mbeadh féasta iománaíochta i nDurlas an Domhnach beag seo agus na cluichí leathcheannais sraithe ar siúl i Staid Tom Semple ar an Domhnach.

Sa chéad cluiche, beidh Co. an Chláir ag iarraidh a thaispeáint go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta acu ó thosnaigh réim an bhainisteora nua, Davy Fitzgerald.

Bhíodar thar barr sna cluichí go dtí seo agus chríochnaigh siad go láidir an tseachtain seo chaite i gcoinne Luimnigh. Ach seo céim agus dúshlán nua ar fad.

An t-am seo anuraidh bhí cuid mhaith de réalta móra na Cat gortaithe agus d'fhéach siad measartha go leor i gcoinne BÁC i gcrabhbh-chluiche na sraithe.

Ach mar is eol dúinn, tháinig na réalta ar ais, sheoladar trí fheachtas Chúige Laighean arís agus thugadar taispeántas iontach arís ar an lá ba thábhachtaí, ag tosach Mheán Fómhair.

Imbiana tá an cuma ar an scéal arís go mbeidh sé thar a bheith deacair iad a bhualadh.

Chonaic mé an Clár ag imirt ceithre huaire i mbliana agus tá siad tar éis dul i bhfeidhm go mór orm.

Oibríonn siad an-dian, bíonn plean acu ag dul amach gach lá, tá siad an-aclaí agus is cosúil go bhfuil spiorad iontach sa champa.

Mar sin, i mo thuairim, tabharfaidh siad cluiche dos na Cait ach ní dóigh liom go mbuafaidh siad.

Is dóigh go mbeidh Cill Chainnigh róláidir dóibh ar fuaid na páirce agus ní dóigh liom go mbeidh cúlaith an Chláir ábalta do chumhacht thosaithe na gCat san aer.

É sin ráite, taispeáin ógánaigh Chorcaí cúpla seachtain ó shin nach bhfuil Cill Chainnigh dochloíte.

Ach ag deireadh an lae is dócha go mbeidh na Cait ar ais sa chraobh-chluiche arís.

Sa dara cluiche, tabharfaidh Tiobraid Árann agus Corcaigh aghaidh ar a chéile don tríú huair i mbliana. Chuaigh an chéad cheann, i gcomórtas Chríostal Phort Láirge, go ham breise agus bhuaigh na Tiobradaigh ag an deireadh. Coicís ó shin, chríochnaigh an cluiche sraithe ar chomhscór. Mar sin níl mórán eatarthu agus ní dóigh liom go mbeidh mórán sa bhreis ag ceachtar acu ar an Domhnach.

Tá an-tosú déanta ag an bhainistíocht, Jimmy Barry Murphy, agus a fhoireann nua. Rinne sé amhlaidh in 1999 nuair a tháinig fhoireann óg as an dorchadas chun craobh na hÉireann a bhreith leo. Ina dhiaidh sin, d'imir



Eoin Larkin, Cill Chainnigh [PIC: BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

cuid mhaith den fhoireann sin i gceithre chraobh uile-Éireann i lár an chéid.

An féidir le Barry Murphy an draíocht chéanna a cruthú leis an dream nua seo? Bhuel beidh níos mó fianaise le feiceáil ar an Domhnach. Tá Stephen McDonnell i ndiaidh cúpla taispeántais an-láidir a thabhairt ag uimhir a trí agus bhí Eoin Cadogan an-chumasach i lár na líne leathchúil le cúpla cluiche anuas. Tá Darren Sweetnam (atá ag déanamh na hardteiste i mbliana) ag taispeáint go bhfuil sé breá ábalta don leibhéal seo iománaíochta. Dála an scéil tá ardchaighdeán rugbaí agus haca aige freisin.

I measc na dtosaithe, tá Conor Lehane ag léiriú go mbeidh sé ina réalt sar i bhfad. Bhí sé rómhaith do J.J. Delaney, rud nach dtarlaíonn go minic, agus cé go raibh Pádraig Maher


Sa dara cluiche, tabharfaidh Tiobraid Árann agus Corcaigh aghaidh ar a chéile don tríú huair i mbliana. Chuaigh an chéad cheann, i gcomórtas Chríostal Phort Láirge, go ham breise agus bhuaigh na Tiobradaigh ag an deireadh. Coicís ó shin, chríochnaigh an cluiche sraithe ar chomhscór. Mar sin níl mórán eatarthu agus ní dóigh liom go mbeidh mórán sa bhreis ag ceachtar acu ar an Domhnach.

róláidir dó do chuid mhaith den cluiche sraithe deireanach i gcoinne Thiobraid Árann, chríochnaigh sé go maith le cúl an-chinniúnach ag druidim le deireadh an chluiche.

I ndiaidh tosnú mall go leor, tá na Tiobradaigh ag bailiú luais agus fiú amháin gan Lar Corbett tá gach cuma ar an scéal gurb iad is goire do Chill Chainnigh i láthair na huaire. Feicimid conas a bheidh acu ar an Domhnach.

Cad é mar críoch a bhí sa cluiche dícháilithe i roinn 1A idir BÁC agus an Ghaillimh an Domhnach seo caite. Chríochnaigh leads Anthony Daly le triúir déag ach níos tábhachtaí ná sin scóráileadar an dá chúilín dheireanacha chun an scór a chothromú in am breise.

Is iomaí casadh a bhí sa chluiche ach mar atá déanta aige go rímhinic don Ghaillimh sheas Joe Canning



Colin Ryan, An Clár [PIC: PAUL MOHAN / SPORTSFILE]

amach arís mar laoch agus dosaen cúilíní faighte aige,

Mar sin beidh orthu é a dhéanamh arís an Satharn beag seo i bPort Laoise.

Sa pheil, bhí an-bhua ag Maigh Eo (in am breise) agus ag Corcaigh. Thaispeáin fir an iarthair anuraidh gur féidir leo Corcaigh a bhualadh cé gur ligeadar an fhoireann Cois Laoi ar ais sa cluiche sraithe a bhí eatarthu i mbliana.

Sa chraobh, is dócha go rachaidh Corcaigh isteach mar rogha na n-údar agus má bhíonn an fhoireann is láidre saor ó ghortaithe agus ullamh ceapaim go mbeidh siad róláidir do Mhaigh Eo.

Ach é sin ráite, tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh ag fhoireann James Horan agus ní rachaidh siad síos ró-éasca. Tuilleadh faoi sin an tseachtain seo chugainn

Rugbaí

Duais níos mó in aigne na gCúigí!

Cillian Ó Conchúir

TUGANN Laighean cuairt ar Chnoc an Fhéich Dé hAoine sa Pro12 agus súil á choinneáil ag an dá chúige ar a bhfuil le theacht an tseachtain seo chugainn.

Cé go bhfuil sé seafóideach a rá go bhfuil cluiche leathcheannais sa Pro12 ann do Uladh, níl ann ach ábhair seachráin don dá bhainisteoir, Brian McLaughlin (Uladh) agus Joe Schmidt (Laighean) a bhfuil Corn Heineken amach rompu.

Ní foghlaiméofar faic i gcluiche na seachtaine seo agus an dá fhoireann ag súil le gortaithe a sheachaint roimh na trialach atá le theacht.

Tar éis d'fhir Schmidt Caerdydd agus Dún Éideann a scrios, beidh sé ar a chompord, agus fios aige gur féidir leis foireann B a chur amach, gan mórán athrú a chur ar chaighdeán imeartha na foirne.

"Is é Bordeaux an dúshlán is mó ar thugamar aghaidh air ó tháinig mé anseo," a dúirt Schmidt.

"Tá aithne mhaith acu orm agus tá aithne ag Hinesy (Nathan Hines) orm. Tá a fhios aige na glaonna síneadh amach fiú, ach ní dóigh liom go raibh sé ar a chumas cuimhneamh orthu nuair a bhí sé anseo."

Súil daingean ag Laighean ar Uladh mar sin, ach cad faoi na hUltaigh?

"Creideann muid gur féidir linn dul an bealach iomlán," (agus an craobh Heineken a bhuachan) dar le Ruan Pienaar.

"Ach caithfidimid a bheith daingean. Tá an-chuid oibre chrua le déanamh roimh an leathchraobh agus tá súil agam gur féidir linn an toradh ceart a fháil."



8/4/2012 : Príomhchóitseálai Chúige Uladh, Brian McLaughlin ag ceiliúradh tar éis gur bhuail a fhoireann Cúige Mumhan i gcluiche ceathrú ceannais Chorn Heineken [PIC : DIARMUID GREENE / SPORTSFILE]

Tar éis d'imreoirí imeallacha Laighean léiriú iontach a thabhairt i gcoinne Dún Éideann an tseachtain

seo caite, dar le Schmidt tá áiteanna le fáil ar an bhfoireann don chluiche i gcoinne Clermont.

"Beidh roinnt piollaí á dtógáil ag an lucht bainistíochta," dar le Schmidt, "toisc go bhfuil roinnt imreoirí tar éis

taispeántais iontacha a thabhairt.

Beidh sé deacair rogha a dhéanamh do Chnoc an Fhéich an tseachtain seo agus do Bordeaux ina dhiaidh." Is dócha gurb í an ghné is mó go d'féadfadh cur as do Schmidt an tseachtain seo ná gortaithe.

Fuair Gordan D'Arcy cúig ghreim sa chluiche in aghaidh Dhún Éideann agus beidh Schmidt agus na himreoirí eolach faoin am seo go tapófar an deis má baineann gortú d'imreoir dá gcuid.

"Is buntáiste agus tinnis cinn é do bhainisteoir.

Mura bhfuil imreoir ag déanamh na hoibre, sroicheann imreoir eile an caighdeán láithreach. Má leanann muid oireann mar sin, beidh foireann fíor-iomaíoch againn.

Cruthóidh sé roinnt cinntí deacra dúinn ach beidh 15 nó 23 imreoir fíoriomaíoch againn don tseachtain seo agus don tseachtain ina dhiaidh."

Ach ní hiad Laighean amháin atá ag tógáil foirne. Dar le Pienaar, tá Uladh tar éis foghlaim ó bhotúin na bliana seo caite, séasúr inar chaill siad cluiche cinniúnach i gcoinne Northampton agus iad ar thóir phríomhchomórtas na hEorpa.

"Bhí sé iontach dom bogadh go hUladh agus creidim go bhfuil an sórt scuid againn a bheidh in ann rath a bhaint amach sna blianta atá le theacht.

Tá súil agam gur féidir linn taispeántas ar aon leibhéal leis an taispeántas i gcoinne na Mumhan a léiriú," dar le Pienaar.

Ó thaobh muinín de, cabhróidh bua i gcoinne curaithe na hEorpa, Cúige Laighean, an Aoine seo. Ach an dtarlóidh sé?

Cé a bheas sna Cluichí Leathcheannais don Rabo Direct PRO12?

Gráinne McElwain

NÍL ach dhá bhabhta eile fágtha sa tsraith agus tá an seans ann go mbeidh trí chúige sna cluichí leathcheannais ach tá cúpla clai le caitheamh acu fós. Ní bhéarfar ar Chúige Laighean atá ar bharr na sraithe agus beidh siad sa bhaile don chluiche leathcheannais tar éis a mbua agus ocht n-úd in aghaidh Dhún Éideann san RDS an deireadh seachtaine seo caite.

Ach níl rudaí chomh soiléir céanna don dá chúige eile atá fós san iomaíocht agus ní féidir leo pointe ar bith a scaoileadh uathu go fánach nó íocfaidh siad go daor as.

Tá Cúige Mumhan sa tríú háit ar chlár na bpointí, dhá phointe taobh thiar de na Ospreys. Tabharfaidh siad aghaidh ar na Scarlets sa

Bhreatain Bheag a bhfuil seans acu ar na cluichí leathcheannais chomh maith, foireann nár chaill ach aon chluiche amháin baile sa tsraith an séasúr seo agus a bhfuil ceithre chluiche as cúig cinn sa chomórtas buaite acu. Beidh Cúige Mumhan in ann díriú ar an chomórtas seo go hiomlán mar nach bhfuil siad i gCorn na hEorpa níos mó, agus sin é an deacracht atá ag Cúige Uladh.

Tá Brian McLaughlin ag iarraidh a bheith cúramach lena chuid imreoirí móra, iad a choinneáil siar do chluiche leathcheannais na hEorpa agus ag an am céanna na pointí sraithe a bhuachan.

Ach theip orthu é sin a dhéanamh in aghaidh Chúige Chonnacht agus an dara foireann amuigh ag McLaughlin Dé Satharn.

Fágann sin go bhfuil siad sa cúigíú



Fergus McFadden, Cúige Laighean agus Ruan Pienaar, Cúige Uladh tar éis an chluiche idir an dá fhoireann sa tSraith Cheilteach i mBaile Átha Cliath

[PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

háit ar an tábla, pointe amháin taobh thiar de na Warriors ach dhá chluiche uafásach deacair fágtha acu, Cúige Laighean i gCnoc an Fhéich an deireadh seachtaine seo agus Cúige Mumhan ar Pháirc Thuamhain sa bhabhta deireanach agus cuimhnigh ar an bhfonn díoltais a bheas ar na Muimhnigh an lá sin.

An sprioc atá ag Cúige Chonnacht ná léim a thógáil ar an tábla os cionn na Dragons agus Treviso atá dhá phointe chun cinn orthu agus isteach san 8ú áit.

Breathnaíonn sé go mbeidh sé deacair ag na Dragons agus Treviso mórán eile pointí a phiocadh suas ag breathnú ar an dá chluiche atá fágtha acu ach ní mar sin atá sé ag na Connachtaigh agus Aironi ar cuairt acu sna Sportsgrounds an deireadh seachtaine seo.

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelisceal.ie

Gaelisceal
● 18.04.2012

Beagán Foghlamtha ón tSraith!

Cillian Ó Conchúir ar an tSraith Náisiúnta agus a raibh le rá ag na bainisteoirí

Don tríú huair as a chéile, tabharfaidh Corcaigh aghaidh ar chluiche ceannais na Sraithe Allianz tar éis dóibh bua cuimsitheach a fháil ar an Dún.

An t-ionadh is mó a bhain leis an tsraith i mbliana ná nach mbeidh foireann Jack Uí Chonchúir ag tabhairt aghaidh orthu sa chluiche ceannais.

Tar éis do Kieran Donaghy cúpla nóiméad tubaisteach a bheith aige, is iad Maigh Eo a bheidh i gcluiche ceannais na sraithe ar an 29 Aibreáin. "Tá roinnt rudaí ar an liosta," a dúirt Conor Counihan (bainisteoir Chorcaí), ag tagairt don méid ar gá do Chorcaigh feabhsú sula dtabharfaidh siad aghaidh ar Maigh Eo i bPáirc an Chrócaigh don chluiche ceannais.

"Ard-taispeántas thar 70 nóiméad," ar sé. "Caithfidh taispeántas níos comhsheasmhaigh a thabhairt thar 70 nóiméad. Más féidir linn sin a dhéanamh, beimid go breá." Dá chéile comhraic, James Horan (bainisteoir Mhaigh Eo), is ar éigean go bhféadfadh aon duine a shamhlú go mbeadh siad sa chluiche ceannais. Ach in ainneoin go raibh fiordheacrachtaí acu ciceanna saora a thógáil tar éis do Conor Mortimer imeacht ón páirc, chur siad stop le Ciarraí ag ceanncheathrú an CLG. "Díríonn sé (an cluiche ceannais) ar n-aighe," a dúirt Horan sular thóg sé foireann Mhaigh Eo chun na Portaingéile, gar do Vilamoura, i gcóir campa sé lá an tseachtain seo.

"Beidh orainn cuid den traenáil a bheidh á dhéanamh i rith na seachtaine a chur in oiriúint (don chluiche ceannais) ach tá sé iontach a bheith i cluiche ceannais i bPáirc an Chrócaigh." "Beidh cúpla seisiún againn gach lá agus beimid ag obair ar roinnt gnéithe dár chluiche, ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh agus grúpa a thabhairt le chéile. Feabhsóidh an fhoireann mar aonad. Táimid ag iarraidh gach gné is féidir linn a thógáil as gach cluiche agus oibriú orthu sin." Nach mór an difríocht a dhéanann cúpla seachtain. Bhí an Dún, Maigh Eo, Laois, Ard Mhacha, agus Dún na nGall ag troid chun fanacht sa tsraith ach ar deireadh bhain Maigh Eo agus an Dún na babhtá ceannais amach.

Dar le Counihan léiríonn sé cé chomh iomaíoch is atá an tsraith.

"Má thugtar sracfhéachaint ar an

Domhnach deireanach, bhí gach foireann ag troid dos na babhtá ceannais nó chun fanacht sa tsraith. Caithfidh go bhfuil sé sin dearfach don tsraith. Cá bhfios nach mbeidh cúrsaí mar sin gach bliain feasta, mar an chaoi a bhfuil an tsraith ag dul, d'fhéadfá tús olc a bheith agat agus ansin roinnt taispeántas maith a chur le chéile, mar a dhein an Dún sa chás seo.

"Is sraith ghreannmhar í," a dúirt James McCartan, bainisteoir an Dúin. "Dá mba rud é go bhfuair Laois an bua orainn le trí pointe, bheadh imithe síos ó Roinn a hAon. Sé seachtainí ó shin dúradh go rabhamar ar an bhfoireann ba mheasa sa tsraith. Trí seachtainí ó shin, thóg Maigh Eo ár n-áit. Sa chaoi sin, ba sraith ait a bhí inti. Níl aon rath i ndán duit má chailleann tú cluiche amháin agus an chéad rud eile is curáil domhanda tú tar éis aon

bhua amháin."

Cé nach raibh McCartan ag iarraidh a fhoireann a cháineadh, luaigh sé an difríocht atá idir a fhoireann agus iad siúd a bheidh ar thóir Chorn Mhic Uidhir.

"Nílím ag iarraidh dímheas a léiriú ar mo chuid imreoirí, ach bhí i bhfad níos mó taithí ag imreoirí Corcaigh ó uimhir 15-30 ná mar a bhí againn. Chun go mbeidh rath orainn, caithfidh gach gualainn a bheith leis an roth. Má tá cúpla imreoir in easnamh orainne, is buille níos mó dúinn é ná mar a bheadh i gceist do Chorcaigh nó do na foirne is fearr."

B'fhéidir nár theastaigh uaidh iad a cháineadh ach tá an ceart aige. Bhí siad ag brath go mór ar Aidan Carr chun scóir a aimsiú. Beidh níos mó tacaíochta uaidh chun Fear Manach, faoi Peter Canavan, a bhualadh i cluiche ceathrú ceannais Uladh.

Agus cad faoi Chiarraí? Cé gur baineadh geit as Ó Conchúir, tá sé sásta leis an méid a bhain sé amach sa tsraith agus líon na n-imreoirí óga atá aimsithe aige don chraobh. "Sin an aidhm a bhí againn don tsraith," a dúirt sé, "cúltaca a fháil chun an deis is fearr a thabhairt do Chiarraí i mbliana. Theastaigh go géar uainn cúpla imreoir sa bhreis a fháil a bheadh ag dul in iomaíocht d'áiteanna ar an bhfoireann níos déanaí sa bhliain chun ár ndeis chun Craobh na hÉireann a bhuachan a neartú.

"Bhain muid úsáid as an-chuid imreoirí. Thógamar sé nó seacht n-imreoir isteach sa cluiche deireanach agus ba shraith iontach a bhí ann óna thaobh sin de. Bhíomar díomách faoin chluiche leathcheannais ach déanfaimid dearmad faoi i gceann seachtaine." Corcaigh agus Maigh Eo mar sin i gcluiche ceannais na sraithe.

Tá foireann Counihan ag tnúth le himreoirí ar nós Colm O'Neill a fháil ar ais faoi lán aclaíochta sula dtabharfaidh siad aghaidh ar Ciarraí nó ar Thiobraid Árann i gcluiche leathcheannais Chúige Mumhan i mí Meitheamh. Beidh a fhios ag Horan go mbeidh air a fhoireann a láidriú agus ionadaí a fháil chun na ciceanna saora a thógáil chun deis na bua a bheith acu sa chraobhchomórtas i mbliana.

Conor Counihan, bainisteoir peile Chorcaí. [PIC: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]



Lámha in Uachtar ag Corcaigh : Alan O'Connor ag fáil na liathróide roimh Peter Turley i gcluiche leathcheannais na Sraithe Peile, Roinn 1, idir Corcaigh agus an Dún Dé Domhnaigh. Bhain Corcaigh 2-17 le 1-12 do Chontae an Dúin.

[PIC: RAY MCMANUS / SPORTSFILE]